



Tuarascáil Bhliantúil 2025



Clár Ábhar

Focail Fáilte ón Uachtarán

Achoimre Fheidhmeach

Sracfhéachaint ar OT Baile Átha Cliath

Rún Straitéiseach 2030

DAOINE

1	Oideachas Claochlaitheach	12
2	Forbairt Campais a Spreagadh	28
3	Eiseamláir Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe	32
4	Ár nDaoine – Díriú Lárnach	34

DOMHAN

5	Ceannaireacht Inbhuanaitheachta	42
6	Taighde agus Nuálaíocht	46

COMHPHÁIRTÍOCHT

7	Ár gComhpháirtíochtaí – tionchar a chruthú	60
---	--	----

CUMASÓIRÍ

8.1	Inbhuanaitheacht Airgeadais	72
8.2	Solúbthacht agus Aclaíocht Eagraíochtúil	72
8.3	Claochlú Digiteach	73
8.4	Brandáil agus Cumarsáid Mhargaíochta	74

9	Athbhreithniú Cáilíochta Institiúideach	76
10	Ráiteas Comhionannais	77
11	Ráiteas Inbhuanaitheachta	78
12	Rialachas	81

Focal Fáilte ón Uachtarán

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2025 ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a chur i láthair, arb ollscoil í a leanann ar aghaidh ag fás ó thaobh uailmhéine agus tionchair de seacht mbliana tar éis a bunaithe.

Cruthaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ó fhís mhisniúil: cineál nua ollscoile a bhunú d’Éirinn a bhíonn ag athrú. Sa bhliain 2019, tháinig Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, agus Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta le chéile chun an chéad ollscoil teicneolaíochta de chuid na hÉireann riamh a chruthú. Thug gach ceann díobh traidisiún láidir foghlama feidhmí, nuálaíochta agus caidrimh leis an tionscal leo, rud a chruthaigh ollscoil a chomhcheanglaíonn sármhaitheas acadúil le cur i bhfeidhm praiticiúil.

Ag tógáil dó ar níos mó ná 140 bliain d’oidhreacht oideachais, freastalaíonn OT Baile Átha Cliath anois ar 29,000 mac léinn, beagnach, ar champais i nGráinseach Ghormáin, i mBaile Bhlainséir, i dTamhlacht, i Sráid Bolton, agus i Sráid Aungier. Ós sinne an t-aon ollscoil amháin i mBaile Átha Cliath a bhfuil campais aici i gCathair Bhaile Átha Cliath, i mBaile Átha Cliath Theas agus i bhFine Gall, táimid tiomanta fós do dheiseanna a leathnú agus do thacaíocht a thabhairt do phobail ar fud an réigiúin.

Tá oideachas atá cleachtasbhunaithe agus atá i mbun caidreamh le fiontair ina chuid lárnach den eispéireas in OT Baile Átha Cliath. Inár gcuid clár, comhcheanglaítear foghlaim acadúil le taithí phraiticiúil, rud a thugann do mhic léinn na scileanna agus an mhuinín a theastaíonn le haghaidh fhórsa saothair an lae inniu. Cinntítear le comhoibriú láidir le comhpháirtithe tionscail go mbíonn ár dteagasc ábhartha i gcónaí agus go bhfreagraíonn sé do riachtanais eacnamaíocha agus shochaíocha.

Tá OT Baile Átha Cliath freagrach anois as thart ar cheann amháin as gach 14 chéimí in Éirinn, agus imríonn sé ról lárnach maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais náisiúnta scileanna. Soláthraíonn an Ollscoil printíseacht amháin as gach cúig phrintíseacht sa tír freisin. Is é an soláthraí is mó é in oideachas na hInnealtóireachta, na Monaraíochta agus na Foirgníochta, chomh maith le Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Déanann leath na mac léinn, beagnach, staidéar ar dhisciplíní STEM. Is ionann é sin agus thart ar 14% de na mic léinn STEM uile sa tír. Ina theannta sin, leanann cláir sa ghnó, sna healaíona, sna meáin, sa dearadh, agus sna heolaíochtaí sóisialta ag



rannchuidiú go mór le hearnálacha cruthaitheacha agus gairmiúla na hÉireann. Is príomhtháscaire dár rath fós iad torthaí céimithe.

De réir an tSuirbhé is déanaí ar Thorthaí Céimithe ón Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), tá OT Baile Átha Cliath rangaithe mar an institiúid is fearr i mBaile Átha Cliath ó thaobh infhostaitheacht céimithe de ar fud cláir onóracha fochéime agus cláir iarchéime mhúinte don dara bliain i ndiaidh a chéile. Faigheann níos mó ná seachtar as gach deichniúr céimithe fostaíocht laistigh de naoi mí ó chríochnú a gcuid staidéir.

Bhí an bhliain 2025 suntasach freisin maidir le taighde agus le nuálaíocht. Fuair OT Baile Átha Cliath níos mó ná €38 milliún i gcistiú taighde agus nuálaíochta, agus é ag tacú le dul chun cinn a dhéanamh ar theicneolaíochtaí sláinte, ar innealtóireacht, ar chórais dhigiteacha, agus ar inbhuanaitheacht. Garsprioc mhór ba ea an fógra go n-óstálfadh OT Baile Átha Cliath An Mol Luathaithe Taighde go Tráchtálú do Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide ar mol náisiúnta é, rud a leagann béim ar an gceannaireacht taighde a bhíonn ag fás san earnáil ollscoileanna teicneolaíochta.

Leanamar freisin le hinfheistiú inár gcampais agus inár dtimpeallachtaí foghlama, lena n-áirítear saoráidí nua i mBaile Bhlainséir agus i dTamhlacht lena dtacaítear le hoideachas comhoibríoch cleachtasbhunaithe.

Beag beann ar na dúshláin a tháinig chun cinn sna blianta beaga atá imithe thart, tá ár misean soiléir go fóill: daoine a chumhachtú tríd an oideachas, eolas a chur chun cinn trí thaighde agus nuálaíocht, agus tacú le forbairt ár bpobal agus ár ngeilleagair. Gabhaim buíochas lenár bhfoireann, lenár mic léinn agus lenár gcomhpháirtithe as a ndúthracht leantach de réir mar a thógaimid ollscoil mhuinéach, uailmhianach agus chuimsitheach don todhchaí.

Deirdre Lillis

Is mise le meas,
Dr Deirdre Lillis
Uachtarán, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath



An Fhoireann Feidhmiúcháin

Sa bhliain 2025, neartaigh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a staid mar ollscoil dhinimiciúil réamhbhreathnaitheach atá i gcroílár fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach na hÉireann. Trí chomhtháthú láidir a dhéanamh ar fhoghlaime fheidhmeach, ar thaighde a bhfuil tionchar aige, agus ar chomhoibriú fiúntach leis an tionscal, lean an Ollscoil le mic léinn a chumhachtú, le tacú le fiontair, agus le tionchar fíorshaoil a dhéanamh den nuálaíocht. Bhí éachtaí inbhraite mar shaintréithe ag an mbliain. Áiríodh leo sin feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn, tionchar an taighde a leathnú, agus rannpháirtíocht an phobail a neartú, rud a léiríonn móiminteam marthanach, nuálaíocht, agus cuspóir.

Baineadh amach na spriocanna maidir le rollú mac léinn a fhás, agus an sciar den mhargadh coinnithe ar bun ar fud na bpríomhchóhórt agus na bpríomhdhisciplíní. Tháinig méadú 20% ar an líon mac léinn neamh-AE, rud a léiríonn fás leantach na gcomhpháirtíochtaí oideachais idirnáisiúnta agus trasnáisiúnta. Comhlíonadh na spriocanna maidir le sástacht agus dul chun cinn na mac léinn freisin.

Bhí an fheidhmíocht maidir le rochtain agus rannpháirtíocht a leathnú níos fearr ná na meáin náisiúnta thar roinnt príomh-mhéadrachtaí, agus an Ollscoil ag baint amach na spriocanna a leagadh síos faoin bPlean Rochtana Náisiúnta 2022-2028, nó ag feidhmiú níos fearr ná iad, do ghrúpaí tosaíochta, lena n-áirítear mic léinn faoi mhíchumas, mic léinn ó chúlaí atá faoi mhíbhuntáiste socheachnamaíoch, agus mic léinn nua a tháinig ón mBreisoideachas. Mar aitheantas dá thiomantas don chuimsiú, dámhadh stádas mar ‘ Ollscoil Tearmainn’ do OT Baile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2025.

Leanadh le hinfheistíocht shuntasach caipitil ar fud na gcampas uile, rud lenar cuireadh feabhas ar thimpeallachtaí teagaisc, foghlama, agus taighde. I measc na bpríomhfhorbairtí bhí dul chun cinn leantach ar an Mol Acadúil i nGráinseach Ghormáin, feabhsú agus athchumrú an Fhoirgnimh Thuaidh ar champas Thamhlachta, agus críochnú agus seoladh oibríochtúil na saoráide nua ‘Áras Geal’ ar champas Bhaile Bhlaínséir.

Rinneadh dul chun cinn láidir freisin maidir le hinbhuanaitheacht agus le gníomhú ar son na haeráide. Áiríodh leis sin uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh, tionscnaimh dhícharbónaithe, agus leabú oibríochtaí campais inbhuanaithe atá ailínithe le spriocanna náisiúnta aeráide. Rangaíodh an Ollscoil sa chéad áit san Eoraip maidir le hinbhuanaitheacht san ardoideachas ([rátáil Óir AASHE STARS®](#)), agus, i mí Dheireadh Fómhair 2025, d’fhoilsigh sí Leagan 4 den [Treochlár um Gníomhú arson na hAeráide](#) uaithi.

Bhí taighde agus nuálaíocht fós ina ngné lárnach de shainiúlacht OT Baile Átha Cliath mar ollscoil chleachtasbhunaithe. Le linn na bliana 2025, neartaíodh an acmhainn taighde trí chomhoibriú idirdhisciplíneach leathnaithe agus trí rannpháirtíocht mhéadaithe i gcláir chistiúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear Aimpliú Taighde agus Nuálaíochta arna Tacú le Fiontar). Leanadh le cur chun feidhme na Straitéise Taighde agus Nuálaíochta 2023-2028 a chur ar aghaidh, le tacaíocht ó raon tionscnamh agus struchtúr nua don phobal taighde.

Chuir an Ollscoil a clár oibre ‘Comhthionchar’ ar aghaidh tuilleadh trí chomhoibriú níos doimhne leis an lucht tionscail, le comhpháirtithe cathartha, agus le héiceachórais nuálaíochta, agus a rannpháirtíocht laistigh d’Ollscoil Teicneolaíochta na hEorpa (EU+) á neartú aici ag an am céanna. Tacaíodh le comhlíonadh na dtosaíochtaí straitéiseacha le cláir chlauchtaithe inar cuimsíodh airgeadas, dearadh eagraíochtúil, acmhainní daonna agus feabhas leanúnach a chur ar bhonneagar digiteach.



Sracfhéachaint ar OT Baile Átha Cliath



28.5k
mac léinn



6.5k
céimí in aghaidh na bliana



5
champas



8.4K
mac léinn
páirtaimseartha



1 : 16
cóimheas ball foirne
is mac léinn



3k+
mac léinn idirnáisiúnta
ó níos mó ná 100 tír



24%
an céatadán
d'fhochéimithe nua a
tháinig isteach trí
bhealaí rochtana



STEM
14%
den soláthar
náisiúnta



Gnó
10%
den soláthar
náisiúnta



Seirbhísí
17%
den soláthar
náisiúnta



**Ealaíona Cruthaitheacha
agus Taibh-ealaíona**
34%
de sholáthar réigiún
Bhaile Átha Cliath



**Printíseachtaí
Ceirde**
20%
den soláthar náisiúnta



Breisoideachas
10%
de mhic léinn nua



2k+
comhoibriú leis an
lucht tionscail



**Baill Foirne a bhfuil
Gradaim Buaite acu**



**Gradam Cré-umha
Athena SWAN**



€38M
Ioncam Taighde



16M+
íoslódáil taighde
rochtana oscailte
ó arrow@TUDublin



800+
comhpháirtíocht
acadúil



7,000m²
de spás goir



100+
gnólacht nuathionscanta
in aghaidh na bliana
(a éascaítear ar an gcampas)



250
fiontraí in aghaidh
na bliana
(ar chlár fiontar
OT Baile Átha Cliath)




**Gníomhaíochtaí Aistrithe
Teicneolaíochta a bhfuil
Gradaim Buaite acu**



**University
of Sanctuary**

Réimsí Staidéir ár Mac Léinn



Rún Straitéiseach

Réimsí Dírithe don Phlean Straitéiseach 2024-2028

Sa Rún Straitéiseach 2030 ó OT Baile Átha Cliath, cuirtear fis in iúl chun ‘Domhan Níos Fearr a Chruthú le Chéile’ agus tá sí bunaithe ar thrí cholún – **Daoine**, **Domhan** agus **Comhpháirtíocht**.

Tá an Ollscoil ag cur an [Phlean Straitéisigh 2024-2028](#) uaithi chun feidhme anois, rud atá ag léiriú na n-aidhmeanna sin. Tá príomhréimsí dírithe an phlean tugtha thíos.

Daoine – áit a bhfuil sé mar uailmhian againn buanna daoine aonair a chothú i ndomhan a bhíonn ag síorathrú



DAOINE
Oideachas Claochlaitheach
Forbairt Campais a Spreagadh
Eiseamláir Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe
Daoine – Díriú Lárnach

Domhan – áit a bhfuil sé mar uailmhian againn a bheith inár lárionad cumhachta don Inbhuanaitheacht bheo



DOMHAN
Ceannaireacht Inbhuanaitheachta
Uailmhian Taighde agus Nuálaíochta

Comhpháirtíocht – áit a bhfuil sé mar aidhm againn comhthionchar a sholáthar



COMHPHÁIRTÍOCHT
Comhpháirtíochtaí le haghaidh Tionchair



CUMASÓIRÍ
Inbhuanaitheacht Airgeadais
Solúbthacht agus Aclaíocht Eagraíochtúil
Claochlú Digiteach
Brandáil agus Cumarsáid Mhargaíochta





**Sáraigh an Fhoghlaim
Go Beyond Learning**

DAOINE

Ár nUaillmhian

**Buanna Daoine Aonair a
Chothú i nDomhan a Bhíonn
ag Athrú i gCónaí**

- tá sé de rún againn samhlaíocht na mac léinn, na mball foirne agus na gcomhpháirtithe a spreagadh agus tacú le daoine a mbuanna a fhiosrú agus lán amgcumais a bhaint amach


1. Oideachas Claochlaitheach

Soláthraíonn OT Baile Átha Cliath deiseanna bunathraitheacha foghlama agus eispéiris bhunathraitheacha foghlama do gach foghlaimeoir. Agus í ag díriú ar fhoghlaím chleachtasbhunaithe, ar rannpháirtíocht fíorshaoil, agus ar chomhoibriú idirdhisciplíneach, is é uailmhian na hOllscoile aistear oideachais agus taighde a sholáthar do mhic léinn ó gach cúlra lena n-ullmhaítear iad le haghaidh fostaíochta agus ratha i ndomhan a bhíonn ag athrú go mear.

Mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach 2024-2028, tá uailmhian na hOllscoile mar a leanas:

- An líon iomlán rolluithe mac léinn a mhéadú faoi 12%. Leis sin, tacófar le cuspóirí náisiúnta don ardoideachas, á chinntiú go bhfuil an Ollscoil solúbtha agus freagrúil maidir le ganntanais scileanna a líonadh de réir mar a thagann siad chun cinn, agus rannpháirtíocht níos mó i bhfoghlaím ar feadh an tsaoil agus i spriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta 2022-28 á gcothú ag an am céanna.
- An céatadán d'iontrálaithe nua atá ag déanamh dul chun cinn ar leibhéal an disciplín agus na dámhachtana a mhéadú go dtí an norm náisiúnta ar a laghad.
- Feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn ionas go mbeidh 85% de mhic léinn sásta lena n-eispéireas ollscoile in OT Baile Átha Cliath.

Fíor 1: Rolluithe Mac Léinn de réir Institiúidí Ardoideachais ar fud na tíre, 2024/25



1.1 Ár Mic Léinn – intinní éirimiúla, cruthaitheacht agus uailmhian a chothú

Léirítear i bhFíor 1 thíos go bhfuil pas beag níos mó ná 9% de na rolluithe mac léinn ar fad sa tír ag OT Baile Átha Cliath. Ní chuirtear san áireamh san fhigiúr sin an líon suntasach printíseach, mac léinn thar lear agus mac léinn Ceoil Shóisearaigh atá san Ollscoil, áfach. Agus breis agus 6,500 céimí á gceiliúradh aige gach bliain, tá OT Baile Átha Cliath ar cheann de na hollscoileanna is mó in Éirinn fós. Bíonn an líon is mó mac léinn nua ag an Ollscoil, agus 6,000 mac léinn, beagnach, ag tosú gach bliain.

Próifil na Mac Léinn

Sa bhliain 2025, b'ionann an líon iomlán mac léinn in OT Baile Átha Cliath ar fud na modhanna uile agus 28,562 mhac léinn (méadú 3% ar an mbliain roimhe). Cuirtear san áireamh san fhigiúr iomlán sin na grúpaí mac léinn uile, lena n-áirítear printíseachtaí, Ceol Sóisearach, agus Erasmus. Ba iad 68% agus 32% faoi seach an miondealú idir mic léinn lánaimseartha agus mic léinn pháirtaimseartha.

I **dTábla 1**, tugtar miondealú ar mhic léinn ó Leibhéal 6 den NFQ (an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí) go Leibhéal 10 den NFQ, agus idirdhealú á dhéanamh idir mic léinn lánaimseartha, mic léinn pháirtaimseartha, mic léinn fochéime agus iarchéime (múinte), agus mic léinn taighde iarchéime (Leibhéil 9 agus 10 den NFQ). Tairgeann OT Baile Átha Cliath punann éagsúil clár lena dtacaítear le conairí éagsúla dul chun cinn ar fud na ndámh uile. Tacaíonn sé freisin le foghlaimeoirí atá ag iarraidh uas-sciliú nó feabhsú a gcáilíochtaí trí mhicridhintiúir agus cláir thiontaithe—deiseanna á gcur ar fáil chun scileanna nua a fhorbairt agus chun aghaidh a thabhairt ar bhealaí gairme eile. Tá OT Baile Átha Cliath fós ina cheannaire i soláthar oideachais páirtaimseartha.

Tábla 1: Líon Mac Léinn OT Baile Átha Cliath, 2024/25

Cineál Cláir	NFQ	Lánaimseartha	Páirtaimseartha	Iomlán
Céim Onóracha – Leibhéal 8	8	14,343	1,505	15,848
Céim Ghinearálta – Leibhéal 7	7	3,104	735	3,839
Ardteastas – Leibhéal 6	6	490	679	1,169
Teastas	6	-	776	776
Dioplóma	8	-	-	-
Cáilíocht Oiliúna Gairmiúla (Fochéime)	6,7,8	29	697	726
Printíseacht / Sainteastas QQI	6	-	1,633	1,633
Bonnchlár (Fochéime)	6	156	-	156
Clár Ócáideach (Fochéime)	7,8	-	-	-
Rochtain/Uasoiliúint nach Rochtain/Uasoiliúint 3ú Leibhéal (e.g., an Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí (ECDL))		-	16	16
<i>Iomlán na bhFochéimithe</i>		<i>18,122</i>	<i>6,041</i>	<i>24,163</i>
Céim Máistreachta Múinte (Iarchéime)	9	786	811	1,597
Ard-Dioplóma (Iarchéime)	8	53	255	308
Dioplóma (Iarchéime)	9	38	105	143
Teastas (Iarchéime)	9		471	471
Cáilíocht Oiliúna Gairmiúla (Iarchéime)	9		477	477
Clár Ócáideach (Iarchéime)	9			
<i>Iomlán na gCéimithe Múinte</i>	-	<i>877</i>	<i>2,119</i>	<i>2,996</i>
Céim Máistreachta Taighde (Iarchéime)	9	40	37	77
PhD (Iarchéime)	10	428	188	616
<i>Iomlán na gCéimithe Taighde</i>		<i>468</i>	<i>225</i>	<i>693</i>
Ceol Sóisearach		0	710	710
Malairtí Isteach		427	0	427
Mór-Iomlán		19,467	9,095	28,562

Idir tháirgeadh inbhuanaithe bia agus bláthanna agus athbhunú éiceachóras, tugtar scileanna praiticiúla atá dírithe ar an todhchaí do mhic léinn leis an gclár céime Gairneoireachta ar Leibhéal 7. Tá an clár sin deartha chun freastal ar riachtanais athraitheacha earnáil gairneoireachta na hÉireann trí fhoghlaím acadúil a chomhcheangal le taithí phraiticiúil i dtimpeallachtaí fíorshaoil.



Sa bhliain 2025, sheol OT Baile Átha Cliath céim nuálach pháirtaimseartha

Aithnítear OT Baile Átha Cliath san ardoideachas as a chláir oideachais atá cleachtasbhunaithe agus atá dírithe ar fhiontair.

- Sa bhliain 2024/25, ba í an Ollscoil an príomhsholáthraí i ndisciplíní STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, agus Matamaitic). Tá 50%, beagnach, de mhic léinn OT Baile Átha Cliath i ndisciplíní STEM, agus tá OT Baile Átha Cliath freagrach as 14% de na mic léinn go léir ar fud na tíre atá in oideachas STEM
- Ba é OT Baile Átha Cliath an soláthraí is mó sa tír i réimsí na hInnealtóireachta, na Monaraíochta agus na Foirgníochta (6,000 mac léinn), agus é freagrach as 17% den soláthar náisiúnta
- Ba é an soláthraí is mó é freisin i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (breis agus 3,000 mac léinn), agus é freagrach as 14% den soláthar náisiúnta
- San Eolaíocht, bhí breis agus 3,000 mac léinn ag an Ollscoil. Bhí an figiúr sin coibhéiseach le 11% den soláthar náisiúnta, agus é sa tríú háit (tar éis an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Choláiste na hOllscoile, Corcaigh)
- Sa Ghnó, sa Riarachán agus sa Dlí, agus breis agus 6,000 mac léinn iontu, tá OT Baile Átha Cliath rangaithe sa tríú háit, agus é freagrach as 10% den soláthar náisiúnta
- Tá an deichiú cuid, beagnach, dár mic léinn sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí – lena n-áirítear réimse na hEalaíne agus an Dearaidh, réimse an Cheoil, réimse na Meán, réimse an Dlí, réimse an Chúraim Shóisialta Fheidhmigh, agus réimse an Oideachais Luath-Óige – ar réimsí iad ina bhfuil éileamh láidir ar chéimithe sa réigiún
- Coinníodh sciar OT Baile Átha Cliath de phrintiseachtaí náisiúnta ceirde laistigh den earnáil Ardoideachais ag 20%. Is réimse tábhachtach gníomhaíochta don Ollscoil é sin, agus breis agus 1,600 mac léinn rollaithe i réimsí amhail ceirdeanna aerárthaí, tógála, mótarfheithiclí agus leictreacha. Bhí breis agus 350 mac léinn eile cláraithe ar phrintiseachtaí faoi stiúir cuibhreannais - i réimsí amhail ionstraimíocht próisis, uathobriú, agus ríomhaireacht i dteicneolaíochtaí líonraithe.



Conairí a Chruthú do Chách

Tá sé mar uailmhian ag OT Baile Átha Cliath a bheith ar an ollscoil is inrochtana in Éirinn, agus an líon is mó foghlaimeoirí éagsúla aici. Tá achoimre i dTábla 2 thíos ar na héachtaí is suntasaí a bhaineamar amach sa bhliain 2025. Laistigh den earnáil oideachais, bhí ag OT Baile Átha Cliath:

- An líon ab airde mac léinn rochtana (ar fud na gcatagóirí uile) sa tír – 11.6% den iomlán
- An líon ab airde mac léinn (san iomlán) ó limistéir faoi mhíbhuntáiste (breis agus 2,500 mac léinn)
- An líon ab airde mac léinn lánaimseartha ó limistéir faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch (breis agus 1,900 mac léinn)
- An tríú líon ab airde mac léinn faoi mhíchumas (2,000 mac léinn, beagnach)

Tábla 2: OT Baile Átha Cliath agus earnáil ardoideachais na hÉireann – an líon Mac Léinn Rochtana

Grúpaí Tosaíochta Rochtana	OT Baile Átha Cliath	Gach Institiúid Ardoideachais	% den Soláthar Náisiúnta	Rang
Mic Léinn faoi Mhíbhuntáiste Socheacnamaíoch – iomlán	2,518	19,216	13.1%	1
Mic Léinn faoi Mhíbhuntáiste Socheacnamaíoch – Lánaimseartha	1,935	15,513	12.5%	1
Mic Léinn faoi Mhíbhuntáiste Socheacnamaíoch – Páirtaimseartha	583	3,703	15.7%	2
Mic Léinn Lánfhásta faoi Mhíbhuntáiste – Iontrálaithe Nua	36	367	9.8%	4
Mic Léinn faoi Mhíchumas	1,982	19,006	10.4%	3
Iomlán na Mac Léinn Rochtana (arna gcistiú ag an tSamhail Leithdháilte Deontais Atréimhsigh)	7,403	63,919	11.6%	1

Foinse: Sonraí Rochtana na Samhla Leithdháilte Deontais Atréimhsigh ón ÚAO, 2025

Sa Tuarascáil Dul Chun Cinn 2025 ar an bPlean Rochtana Náisiúnta ó OT Baile Átha Cliath, tugtar athbhreithniú ar an gcaoi ar chuir an Ollscoil spriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta ar aghaidh. Le cistiú PATH 3, bhí an Ollscoil in ann gníomhaíochtaí for-rochtana a bhunú do phobail ó limistéir faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus leabú a dhéanamh ar an aistriú ó scoileanna nasctha DEIS agus ó choláistí breisoideachais nasctha, mar a bhfuil líon níos airde mac léinn ó spriocghrúpaí an Phlean Rochtana Náisiúnta. I measúnú agus machnamh a rinneadh ar ár straitéis rochtana, luaitear éachtaí amhail iad seo a leanas:

- An méadú ar an aistriú ón mBreisoideachas – ba ón mBreisoideachas a bhí 9.7% de na mic léinn nua in OT Baile Átha Cliath. Ba mhéadú é sin ó 6.3% sa bhliain roimhe, agus bhí sé níos airde ná an norm náisiúnta, a bhí cothrom le 5.3%.
- Clár nua Céime Treasaí (BA Onóracha) sa Pholaitíocht, an tSochaí agus na Meáin a thabhairt isteach, i gcomhpháirt le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, le Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, agus leis an Oifig Trasachta Náisiúnta.
- Comhordaitheoir Uathachais a cheapadh chun seirbhísí do mhic léinn faoi mhíchumas a fheabhsú.

- Oifigeach Tionscadail Rochtana agus For-rochtana a fhostú chun caidreamh a dhéanamh leis an Lucht Siúil agus leis an bpobal Romach.
- Méadú ar an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn lenar cuireadh ar chumas níos mó mac léinn leas a bhaint as scéimeanna éagsúla an Chiste.
- Oiliúint ceannaireachta a sholáthar do mhic léinn laistigh de ghrúpaí tosaíochta an Phlean Rochtana Náisiúnta, le tacaíocht ó [Lifting Ireland's Future Together \(LIFT\)](#).

Dámhadh stádas mar **Ollscoil Tearmainn** do OT Baile Átha Cliath sa bhliain 2025 freisin. Tagraíonn ‘Ollscoil Tearmainn’ d’ollscoileanna a thacaíonn le mic léinn arb larratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta iad.

Ár Mic Léinn Idirnáisiúnta – ‘Bheith Domhanda’ a Bhaint Amach


Is é uailmhian OT Baile Átha Cliath ná a chur ar chumas ár mac léinn feasacht agus inniúlachtaí a fhorbairt maidir le feidhmiú agus obair i gcomhthéacsanna ilchultúrtha, trí thimpeallacht a chruthú lena mealltar líon méadaithe mac léinn idirnáisiúnta chun staidéar a dhéanamh in OT Baile Átha Cliath agus lena gcuirtear deiseanna soghluaisteachta thar lear, lena n-áirítear Erasmus, chun cinn agus lena dtacaítear le mic léinn páirt a ghlacadh iontu. Is iad seo a leanas ár gcuspóirí spriocdhírith:

- An líon mac léinn neamh-AE a íocann táillí atá againn a mhéadú go 7.8% de na mic léinn lánaimseartha uile (mic léinn fochéime agus mic léinn iarchéime) faoin mbliain 2028 agus an líon sin a mhéadú go 10% faoin mbliain 2030
- Soghluaisteacht mac léinn a mhéadú go 2% ar a laghad de na rolluithe fochéime lánaimseartha iomlána, áit a dtagraíonn ‘soghluaisteacht mac léinn’ do ‘Staidéar Mac Léinn Erasmus+’ amach

Sa bhliain 2025, tháinig méadú 20.8% ar ár líon mac léinn neamh-AE. Bhí 2,145 mhac léinn neamh-AE againn, dá raibh 748 mac léinn ag déanamh staidéir in OT Baile Átha Cliath (méadú 16% i gcomparáid leis an mbliain roimhe) agus dá raibh 1,397 mac léinn eile rollaithe ar ár gcláir thar lear sa tSín (méadú 24%). B’ionann an líon mac léinn neamh-AE a íocann táillí agus 4% de na mic léinn lánaimseartha uile.

Bhí breis agus leath ár mac léinn neamh-AE a bhí i mbun staidéir (55%) rollaithe ar chláir Mháistreachta (Mhúinte) Leibhéal 9 ar fud chúig dhámh na hOllscoile. Tá an treocht fáis le feiceáil i **dTábla 3** ar dheis.

Fíor 3: Mic Léinn Idirnáisiúnta OT Baile Átha Cliath de réir an Réigiúin Bunaidh, 2024/25



Tábla 3: Mic Léinn Neamh-AE ar Chláir Mháistreachta (Mhúinte) Leibhéal 9

Dámh	2023 - 2024	2024 - 2025	Athrú mar %
Na hEalaíona agus na Daonnachtaí	41	53	29%
Gnó	107	126	18%
An Ríomhaireacht, na Teicneolaíochtaí Digiteacha agus na Sonraí	52	82	58%
An Innealtóireacht agus an Timpeallacht Thógtha	70	105	50%
Na hEolaíochtaí agus an tSláinte	24	32	33%
Iomlán	294	398	35%

Soghluaisteacht Mac Léinn - Cultúir a Nascadh Tríd an Oideachas

Bhí 425 mhac léinn Erasmus+ isteach ag an Ollscoil freisin, suas ó 375 mhac léinn sa bhliain roimhe, agus iad ag teacht ó ollscoileanna comhpháirtíochta i 23 thír. Ba é 331 mhac léinn an líon mac léinn de chuid OT Baile Átha Cliath a bhí i mbun staidéir thar lear ar Erasmus+. Bhain 28 mac léinn eile leas as cúrsaí oiliúna thar lear agus ghlac 16 mhac léinn páirt i gcláir mhalartaithe nár chláir Erasmus iad, rud a d’fhág go raibh 375 mhac léinn amach san iomlán ann. Ba laghdú é sin ó 405 mhac léinn sa bhliain roimhe. B’ionann soghluaisteacht mac léinn amach agus 1.9% dár rolluithe fochéime lánaimseartha iomlána.

1.2 Feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn

Is institiúid chleachtasbhunaithe agus institiúid atá i mbun caidreamh le fiontair é OT Baile Átha Cliath. Tá líonra tionscail OT Baile Átha Cliath, a naisc láidre le fiontair, agus a bhéim ar oideachas cleachtasbhunaithe fós ina bpríomhdhifreálaithe don Ollscoil, agus cuireann siad feabhas ar eispéireas na mac léinn. Déantar athbhreithniú ar thorthaí ó shuirbhéanna ar mhic léinn chun eispéireas ár mac léinn a ghabháil agus faireachán a dhéanamh air le himeacht ama. Tá sé mar aidhm againn feabhas a chur ar eispéireas foriomlán na mac léinn agus, i suirbhé na bliana 2024/25, chuir 85% de mhic léinn in iúl go raibh siad sásta lena n-eispéireas ollscoile in OT Baile Átha Cliath.

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta dá chinntiú go mbeidh foghlaimeoirí ina gcomhpháirtithe lárnacha i bhforbairt straitéiseach agus leanúnach na hOllscoile amach anseo a mhúnlú. Díríodh ar fhorbairt Thionól Foghlaimeoirí OT Baile Átha Cliath sa bhliain 2025. Tugann an Tionól Foghlaimeoirí grúpa éagsúil mac léinn le chéile ó gach scoil agus ó gach campas chun saincheisteanna atá tábhachtach do mhic léinn agus don Ollscoil araon a phlé. Tríd an Tionól Foghlaimeoirí, leabaíonn OT Baile Átha Cliath comhpháirtíocht na mac léinn i gcroílár na cinnteoireachta institiúidí. Cinntítear leis an gcur chuige sin go mbíonn tosaíochtaí straitéiseacha agus forbairtí bunaithe ar pheirspictíochtaí mac léinn.



Rannpháirtíocht Mac Léinn a Thaispeáint

Sa bhliain 2025, bhí bród ar OT Baile Átha Cliath tacú le tionscnaíocht agus uailmhian ár mac léinn agus iad ag cur beocht in TEDxTUDublin.

Ba é “The Legacy of Now” téama an imeachta, agus bhí tráthnóna a bhí lán le cainteanna, le smaointe úra agus le cainteoirí spreagúla i gceist leis. Cuireadh ar siúl é i Halla Ceolchoirme na Cearnóige Thoir. Bhí sé mar aidhm leis an imeacht TEDxTUDublin sin daoine a spreagadh, oideachas a chur ar dhaoine, agus comhráite sa phobal áitiúil a spreagadh, agus an lucht freastail á chumhachtú le smaointe bunathraitheacha lena spreagtar plé agus athruithe.

- Bhí na daoine seo a leanas i measc na gcainteoirí:
- **Aoife McNamara:** Dearthóir Éireannach a bhfuil cáil uirthi as a faisean inbhuanaithe dúlaspreagtha lena ngabhann cleachtais eiticiúla agus nuálacha.
 - **Dev Skehan:** Cruthaitheoir Éireannach stíleanna maireachtála a chomhroinneann inneachar taistil, faisin agus folláine ar fud ardáin meán sóisialta.

- **Daragh Curran:** Cruthaitheoir inneachair Éireannach a dhéanann speisialtóireacht i léirmheasanna Guinness a thabhairt agus a dtugtar “The Guinness Guru” air.
- **An Dr Ciarán M. Gilligan-Lee:** Duine IS na Bliana don bhliain 2024, a dhéanann speisialtóireacht i bhfeidhmchláir cur isteach chúisíoch sa chúram sláinte agus sa chinnteoireacht.
- **Tom Dalton:** Bunaitheoir agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Strive Employee Wellness, a chomhroinneann léargais ar fholláine, feidhmíocht, agus cultúr sláinte agus fáis a chothú laistigh d’eagraíochtaí.

Is é atá in TEDxTUDublin a eagrú ná sampla den fhoghlaim chleachtasbhunaithe is fearr agus sampla cruthanta den teoiric a bheith á húsáid sa chleachtas ag ár mic léinn. Idir phleanáil imeachtaí, roghnú cainteoirí agus mhargaíocht, tá taithí phraiticiúil luachmhar á gnóthú acu – rud a léiríonn tiomantas OT Baile Átha Cliath don fhoghlaim chleachtasbhunaithe agus a cheiliúrann an t-éiteas ‘sáraigh an fhoghlaim’ de chuid na hOllscoile.

Saol na Mac Léinn ar an gcampas

Tá pobal éagsúil mac léinn ag an Ollscoil, agus breis agus 28,000 mac léinn ó níos mó ná 100 tír ag freastal ar ár gcampais, mar atá Gráinseach Ghormáin, Sráid Aungier, Sráid Bolton, Baile Bhlainséir, agus Tamhlacht. Tá cuimsiú ar cheann dár mbunluachanna agus, mar sin, tá sé tábhachtach go mothódh ár mic léinn uile go bhfuil fáilte rompu in OT Baile Átha Cliath.

Tá ról tábhachtach ag Clubanna agus Cumainn na Mac Léinn maidir le rannpháirtíocht, ionchuimsiú agus eispéireas níos leithne na mac léinn in OT Baile Átha Cliath. Tá níos mó ná 100 ceann de

chlubanna gníomhacha spóirt agus de chumainn ghníomhacha ann ar fud na gcúig champas, ar clubanna agus cumainn iad a dtacaíonn an Ollscoil leo agus a reáchtálann mic léinn iad do mhic léinn. Ina measc sin tá an Cumann Afracach, Boghdóireacht, Lúthchleasaíocht, BÁCáil, Fichille, Damhsa, Disney, Drámaíocht, Cumann Enactus, an Cumann Innealtóireachta, Haiceálaithe Eiticiúla, Scannánaíocht, Faisean, spóirt CLG, Cluichí, Infheisteoirí agus Fiontraithe, Cairtíneacht, an Cumann Cóiréach, Iúdó, an Cumann LADTA, Sléibhteoireacht, Nerd, Óráidíocht Phoiblí agus Díospóireacht, Seoltóireacht, Spóirt Sneachta, Ultimate Frisbee agus neart eile do chách!

Clubanna agus Cumainn a Thaispeáint



Cumann Damhsa OT Baile Átha Cliath Buaiteoir – An Grianghraf is Fearr – ó Ghradaim Náisiúnta na gCumann, 2025

Ainmníodh Claire Gannon, ball d’fhoireann Camógaíochta OT Baile Átha Cliath do Chorn Ashbourne, mar **Scoláire Spóirt na Bliana** ag na gradaim bhliantúla spóirt as a cuid ceannaireachta agus tiomantais as cuimse d’fhoireann OT Baile Átha Cliath ar an bpáirc imeartha agus as an bpáirc imeartha araon. Déanann Claire Gannon staidéar ar Eolaíocht Tomhais Chliniciúil in OT Baile Átha Cliath.



Buaicphointe den tráthnóna ba ea an plé painéil “From Pitch to Policy: The Student Sport Experience” ar óstáil David Gillick, Oilimpeach agus craoltóir spóirt, é. Tugadh léargas luachmhar sa chomhrá ar aistear an mhic léinn is lúthchleasaí agus ar an ról atá ag spórt na mac léinn maidir le rath pearsanta agus rath acadúil a mhúnlú.



Reáchtálann Sacar OT Baile Átha Cliath foirne fear agus foirne ban araon, a ghlac páirt i Sraithchomórtais agus Coirn CUFAI ar fud na bliana agus i gcluichí áineasa cúigear an taobh.

Sa bhliain 2025, chuir an club tús le ré nua mar chomhalta bunaidh de Shraithchomórtais Náisiúnta FAI.



Tá Club Cispheile OT Baile Átha Cliath ar fáil do gach mac léinn de chuid OT Baile Átha Cliath. Agus ocht bhfoireann san iomlán aige atá scaipthe ar fud champais uile OT Baile Átha Cliath, chomh maith le cispheil shóisialta a reáchtáiltear ar fud na bliana.

1.3 Rath na mac léinn a spreagadh agus a cheiliúradh

Tá sé mar uailmhian ag OT Baile Átha Cliath rath ár bhfoghlaimoirí a chinntiú, agus rátaí méadaithe dul chun cinn agus bronnta céime agus eispéireas feabhsaithe foriomlán mac léinn ann. Tá an [Beartas i dtaca le Tréithe Céimithe](#) ón Ollscoil (2023) ag teacht lenár Rún Straitéiseach, arb éard é ‘na céimithe is mó a bhfuil tóir orthu ó thaobh na litearthachta digití de’ a chruthú, ‘saoránaigh dhomhanda fhreagracha a chruthú’, agus ‘daoine a ullmhú chun dul i ngleic go muiníneach le dúshláin na todhchaí sa lá atá inniu ann’. Tugtar samplaí d’éachtaí mac léinn agus de rath chéimithe OT Baile Átha Cliath amach sa rannán seo.

Tacú le Dul Chun Cinn agus Leanúnachas na Mac Léinn

Tá an Ollscoil tiomanta do rath ár bhfoghlaimoirí a chinntiú. Tá sprioc leagtha síos ag an Ollscoil go mbeidh na rátaí íosta dul chun cinn d’iontrálaithe nua i ngach clár cothrom leis an norm náisiúnta faoin mbliain 2028. Sa bhliain 2024/25, d’fheidhmigh OT Baile Átha Cliath níos fearr ná na spriocrátaí neamhdhul chun cinn do Leibhéal 7 agus do Leibhéal 8, ach ní dhearna sé amhlaidh i gcás Leibhéal 6 (áit a bhfuil laghdú ag teacht ar an líon mac léinn). Ba é 19% an ráta neamhdhul chun cinn do gach leibhéal (6, 7 agus 8). B’ionann é sin agus an ráta neamhdhul chun cinn do na hollscoileanna teicneolaíochta ar fad. Léirítear i [dTuarascáil na bliana 2025 ón ÚAO](#) go bhfuil rátaí neamhdhul chun cinn níos airde i ndisciplíní STEM agus i measc na mac léinn ó limistéir atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, ar gnéithe suntasacha iad araon de phróifíl mac léinn OT Baile Átha Cliath. Tá 50%, beagnach, de mhic léinn OT Baile Átha Cliath i ndisciplíní STEM, agus tá céatadán níos airde de mhic léinn faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ag an Ollscoil i gcomparáid le hinstiúidí ardoideachais eile i réigiún Bhaile Átha Cliath.

Staid folláine meabhrach a chuireann ar chumas daoine déileáil le struis an tsaoil, lena lánchumas a bhaint amach, le foghlaim go maith, le hobair go maith, agus le rannchuidiú lena bpobal. Is cuid dhílis den tsláinte agus den fholláine í a bhuntacaíonn lenár gcumas aonair agus lenár gcumas comhchoiteann chun cinntí a dhéanamh, chun caidreamh a chothú, agus chun an domhan ina mairimid a mhúnlú.

Cé go bhfuil feabhas tagtha ar rátaí dul chun cinn ar Leibhéal 7 agus ar Leibhéal 8, tá tuilleadh dul chun cinn ina thosaíocht straitéiseach fós. Sainaithníodh in athbhreithnithe cáilíochta clár OT Baile Átha Cliath bearta chun cabhrú leis sin, lena n-áirítear trí thacaí feabhsaithe do mhic léinn. Bunaíodh Tascghrúpa tiomnaithe Ollscoile um Dhul chun Cinn chun formhaoirseacht, comhordú agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhartha chun rátaí dul chun cinn a fheabhsú, lena n-áirítear trí thacaí sonracha do mhic léinn faoi mhíchumas agus do mhic léinn ó limistéir faoi mhíbhuntáiste. Ina theannta sin, trí thacaíocht ó Chiste Feabhsúcháin Spriocdhírithé an ÚAO, tá tacaíocht á tabhairt do OT Baile Átha Cliath chun raon tionscnamh a fhorbairt agus a chur chun feidhme sna trí bliana atá le teacht chun coinneáil mac léinn a fheabhsú ar fud na hOllscoile.

Feidhmeanna Tacaíochta Mac Léinn a Bhainistiú ar Mhórsála

Tá treocht leanúnach aníos ann maidir leis an líon mac léinn faoi mhíchumas – bhí 2,500 mac léinn, beagnach, cláraithe leis an tSeirbhís Míchumais in OT Baile Átha Cliath sa bhliain 2024/25. Tá riachtanais chasta ag go leor acu, mar shampla daoine a bhfuil lagú amhairc orthu, daoine a bhfuil lagú éisteachta orthu agus úsáideoirí cathaoireacha rothaí. Bíonn líon méadaitheach mac léinn ag cur in iúl freisin gur diagnóisíodh go bhfuil disléicse nó uathachas orthu, agus bíonn sciar méadaitheach mac léinn ag tuairisciú go bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu.

Sa bhliain 2025, seoladh an [Beartas Meabhairshláinte Mac Léinn](#) ó OT Baile Átha Cliath chun tacú le meabhairshláinte agus folláine mac léinn agus iad a chur chun cinn ar fud gach campais de chuid OT Baile Átha Cliath, rud a chabhróidh le mic léinn agus iad ag déanamh a mbealaigh tríd an ollscoil. D’fhostaigh an Ollscoil teiripeoir saothair sinsearach breise freisin chun tacú le mic léinn, agus tá sé beartaithe aici tacaí meabhairshláinte a mhéadú. Leanaimid le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim a chur chun cinn ar fud na hollscoile.

BEARTAS AGUS TREOIRLÍNTE OT BAILE ÁTHA CLIATH MAIDIR LE MEABHAIR SHLÁINTE



Gnóthachtáil Mac Léinn a Thaispeáint

Ag na Gradaim Gúna Ghlais in Birmingham, ainmníodh **Charlie Beaudelot**, mac léinn de chuid **Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**, mar **Churadh Inbhuanaitheachta Mac Léinn na Bliana**.

Is tathantóir paiseanta óige ar son na hinbhuanaitheachta agus an cheartais shóisialta é Charlie. Tá taithí fhairsing oibre deonaí ag Charlie le Plan International, le Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann, agus le SpunOut, agus iad ag tacú le tionscnaimh lena gcumhachtaítear daoine óga agus lena gcuirtear comhionannas agus folláine chun cinn.

Chomh maith leis sin, fónann Charlie mar Oifigeach For-rochtana Coláiste do Thionscnamh Uath-

Dhífhibrileoirí Seachtracha Aisha. Is feachtas pobalbhunaithe é sin a chruinníonn cistí chun an líon Uath-Dhífhibrileoirí Seachtracha i bpobail áitiúla a mhéadú, agus oideachas sláinte croí á chur chun cinn ag an am céanna. Tríd an ról sin, thug Charlie an feachtas ‘Recycle to Revive’ isteach in OT Baile Átha Cliath, áit a gcabhraíonn cannaí a thugtar trí Scéim Aisioca Éarlaise na hÉireann le hoiliúint in athbheochan chardascamhógach do mhic léinn a chistiú.

Ina theannta sin, roghnaíodh Charlie mar Churadh Mac Léinn don Oideachas don Inbhuanaitheacht tríd an gClár N-TUTORR de chuid na hearnála ollscoileanna teicneolaíochta in OT Baile Átha Cliath. Mar chuid den ról sin, d’óstáil Charlie plé painéil ag Cruinniú Mullaigh Aeráide Mac Léinn náisiúnta na hÉireann. Is freagracht í sin a dteastaíonn eolas láidir, saineolas, agus sárscileanna éascaithe agus cumarsáide ina leith.

Bhuaigh Mac Léinn ó Conservatoire OT Baile Átha Cliath Gradam Measúil ‘Ceoltóir Óg na Bliana’ de chuid Mháisiúin na hÉireann



Déanann Mickey Glen Tomas, mac léinn Baitsiléara Ceoil (BMus) sa bhliain deiridh sa Conservatoire, staidéar ar an bpianó faoi threoir an Dr David Mooney, Ceann an Staidéir Méarchláir.

De bhreis ar an gcéad duais, rud is fiú €8,000, bainfidh Mickey leas as sraith imeachtaí gairmiúla iontacha, lena

n-áireofar taibhléirithe leis an gCeolfhoireann Shiansach Náisiúnta, Sárthaispeántas Ealaíontóirí Óga Newry Chamber Music, Féile Cheoil Bhaile na Manach, agus RTÉ Lyric FM.

Fuair sé duais speisialta nua freisin, ba é sin, ceadal sa Pholainn, a thairg ball den phainéal idirnáisiúnta a bhí ag déanamh moltóireacht ar an gcomórtas.

D’éirigh thar barr le Mic Léinn OT Baile Átha Cliath agus an Ollscoil ag óstáil an Chomórtais Idirnáisiúnta Foirgníochta mheasúil

An Chéad Áit – OT Baile Átha Cliath / Ollscoil Auburn – Comórtas Idirnáisiúnta Mac Léinn Réigiún 8 2025 de chuid Associated Schools of Construction (ASC).

In OT Baile Átha Cliath, tá níos mó i gceist leis an oideachas ná léachtaí agus obair chúrsa, agus tá eolas a úsáid i leith dúshláin fíorshaoil i gceist leis freisin. Leis an tsamhail foghlama cleachtasbhunaithe atá againn, déantar teoiric acadúil a mheascadh le taithí phraiticiúil, rud a chinntíonn go bhforbraíonn gach mac léinn na scileanna praiticiúla, cruthaitheacha agus comhoibríocha a theastaíonn ó thionscail an lae inniu.

Tá comórtas ASC ina léiriú foirfe ar an éiteas sin. Den chéad uair riamh, bhí ceithre rian ann, eadhon, Luacháil agus Forbairt Inbhuanaithe, Bainistíocht Foirgníochta agus Suirbhéireacht Cainníochta, Bainistíocht Tionscadal, agus Dearadh agus Tógáil. Cuireadh tionscadal tionscail fíorshaoil i láthair gach foirne agus cuireadh de chúram orthu tograí straitéiseacha a fhorbairt lena gcumhdaítear príomhréimsí amhail clársceidealú foirgníochta, lóistíocht láithreán, bainistíocht cáilíochta, agus meastacháin a dhéanamh. Ansin, chuir na foirne a gcuid réiteach i láthair do phainéal moltóirí agus seisiúin chuimsitheacha ceisteanna curtha ar siúl agus freagraí ina dhiaidh sin.

Worldskills Ireland

Is é is WorldSkills Ireland ann ná comhpháirtíocht idir fiontair, an lucht tionscail, an lucht oideachais, an lucht oiliúna, agus an rialtas a ardaíonn próifíl agus aitheantas scileanna agus printíseachtaí agus a ullmhaíonn daoine tallannacha an lae inniu do ghairmeacha na todhchaí. Sa bhliain 2025, cuireadh an t-imeacht náisiúnta ar siúl in RDS, Cúirt Shíomóin, agus na daoine óga is éirimiúla in Éirinn á dtabhairt le chéile ar feadh trí lá a bhí lán le hiomaíocht, le nuálaíocht agus le hinspioráid.

San imeacht, ar bhainistigh OT Baile Átha Cliath agus Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan é i geomhpháirt thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE), cuireadh fáilte roimh 33,000 cuairteoir, an líon ba mhó riamh, lenar áiríodh 29,660 mac léinn, an líon ba mhó riamh, agus iad ar bís le deiseanna gairme amach anseo a iniúchadh.

Bhain iomaítheoirí ó OT Baile Átha Cliath 11 theideal don chéad áit, agus fuair na buaiteoirí Bonn Sármhaitheasa.

Duine dár mbuaiteoirí in WorldSkills Ireland!




Lóistíocht agus Last-Táillí ar Aghaidh: Orlaith McGeough

Céimithe de chuid OT Baile Átha Cliath



Fíor 4: Céimithe OT Baile Átha Cliath de réir Réimse



Infhostaitheacht Láidir Céimithe

Tarraingítear aird sa Suirbhé ar Thorthaí Céimithe ón ÚAO 2024 ar an bhfeidhmíocht láidir fostaíochta i measc chéimithe OT Baile Átha Cliath. Ní hé amháin go mbíonn siad ag dul isteach san fhórsa saothair go rathúil ach bíonn ag éirí go geal leo ina ngairmeacha beatha freisin. Deimhnítear sna sonraí an áit atá ag OT Baile Átha Cliath ag ceann an tslua i margadh fostaíochta Bhaile Átha Cliath, agus an Ollscoil á bunú mar an rogha is fearr le haghaidh infhostaitheachta sa réigiún. Is díol suntais gurb amhlaidh, laistigh de naoi mí tar éis dóibh céim a bhaint amach,.

- a bhí 70% de chéimithe leibhéal 8 i bhfostaíocht lánaimseartha, rud a fhágann gurb í OT Baile Átha Cliath an ollscoil is airde rangú i mBaile Átha Cliath.
- a bhí 76.6% de chéimithe ó chlár iarchéime mhúinte i bhfostaíocht lánaimseartha, rud a bhí ar an ráta is airde i mBaile Átha Cliath in éineacht leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- atá 95.8% de chéimithe céimeanna onóracha i bhfostaíocht in Éirinn, seachas thar lear, agus 82.7% díobh fostaíthe i mBaile Átha Cliath.

Torthaí Gairme Céimithe agus Ailiniú Curaclaim

Sa Suirbhé ar Thorthaí Chéimithe do Rang na bliana 2024, tugtar mionsonraí faoin líon céimithe a mheas go raibh a gclár staidéir ábhartha dá bpost – feadh scála ó ‘an-ábhartha’ go ‘an-neamhábhartha’. Bhain céimithe OT Baile Átha Cliath scóir os cionn an mheáin náisiúnta amach ar fud ár bpríomhréimsí staidéir, agus 62% de mhic léinn ag rá go raibh a gclár staidéir an-ábhartha nó ábhartha. B’airde an figiúr sin ná an meán náisiúnta, atá cothrom le 60.7%. Maidir le Sláinte agus Leas, dúirt 81.5% de chéimithe OT Baile Átha Cliath go raibh a gclár staidéir an-ábhartha nó ábhartha, agus 65.6% de mhic léinn den tuairim go raibh sé ‘an-ábhartha’. I réimse an Ghnó, dúirt 63.3% de chéimithe OT Baile Átha Cliath go raibh a gclár an-ábhartha nó ábhartha. I gcomparáid leis sin, ba é 57% an meán náisiúnta sa réimse sin. Léirítear i dtorthaí an tsuirbhé rath shamhail foghlama cleachtasbhunaithe uathúla OT Baile Átha Cliath, rud lena gcomhcheanglaítear taithí phraiticiúil le sármhaitheas acadúil chun mic léinn a ullmhú d’fhirinní an ionaid oibre.

Ár Líonra Céimithe – Gairmeacha Céimithe ar fud Earnálacha agus Tíortha

Sa bhliain 2025, bhain níos mó ná 6,000 mac léinn céim amach as OT Baile Átha Cliath. Tá ár gcéimithe scaipthe ar fud réimsí acadúla éagsúla, rud a léiríonn leithead agus doimhneacht na gclár atá ar fáil san Ollscoil. Tá sé mar aidhm ag an Ollscoil céimithe a ullmhú chun go mbeidh siad ina smaoineoirí dea-oilte neamhspleácha agus ina bhfoghlaimoirí ar feadh an tsaoil, agus an cumas acu dul i dtaithí ar shaol atá ag athrú agus ar róil fostaíochta a bhíonn ag athrú i gcónaí – a bhfuil roinnt díobh neamhaithnid faoi láthair. Táimid thar a bheith bródúil as ár líonra de níos mó ná 100,000 céimí de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath atá ag baint a mbeatha amach anseo in Éirinn agus i 70 tír ar fud na cruinne. Tá céimithe OT Baile Átha Cliath ag déanamh difir ar fud raon éagsúil tíortha ar fud an domhain. Rannchuidíonn a gcuid scileanna agus saineolais go mór le tionscail agus pobail ar fud an domhain, rud a léiríonn tiomantas na hOllscoile do dhaoine tallannacha a chothú a bhaineann rath amach ar an ardán idirnáisiúnta. Sa bhliain 2025, chonaic OT Baile Átha Cliath méadú 42% ar rannpháirtíocht alumni, rud a léiríonn an ceangal láidir lenár bpobal domhanda atá ag fás. Cuirimid fáilte roimh, gach céimí chuig an bpobal alumni.

Sáraíonn Céimithe an Fhoghlaim – roinnt cás-staidéar



Donal Guerin, Céimí Inbhuanaitheachta

Duine a bhain céim amach le déanaí ó Fhoghlaim Ghairmiúil Leanúnach OT Baile Átha Cliath i bhForbairt Fiontar Geilleagair Shóisialta is ea Donal. Tá an cúrsa sin de bhreis ar a éachtaí acadúla, lena n-áirítear céim Bhaitisiléara agus céim Mháistreachta san eolaíocht shóisialta (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC)) agus Diplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil (an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)).

“Is é atá i gceist le #InbhuanaitheachtOTBaileÁthaCliath domsa ná go gcaithfidh sí a bheith ina cuid de gach gné dár ngeilleagar agus dár sochaí. Tá earnáil láidir fiontar sóisialta rithabhachtach chun é sin a bhaint amach.”

Deir Donal gur mar gheall ar an gcúrsa a tugadh léargas láidir dó ar an gcaoi a bhféadfadh Comhairle Cathrach Chorcaí ról ceannasach a ghlacadh in éiceachóras láidir dearfach a mhúnlú don earnáil fiontraíochta shochaíoch áitiúil. B’é an taithí a bhí aige ná gur chruthaigh an tionscadal grúpa deiseanna iontacha don phlé agus foghlaim ó dhaoine eile. Chomh maith leis sin, chuir sé líonra láidir ar fáil ina bhféadfaí faisnéis faoin earnáil a roinnt.

Conas a Chabhraigh OT Baile Átha Cliath le Annamae Muldowney Gairm Dhomhanda a Chothú

Tá aistear Annamae Muldowney tríd an gclár Máistreachta san Ailtireacht ina léiriú ar an gcaoi a gcabhraíonn OT Baile Átha Cliath le mic léinn teorainneacha a shárú, smaoineamh níos faide anonn ná gnáthchonaí gairme, agus fiordhifear a dhéanamh ina réimsí. Bhí cinneadh Annamae tabhairt faoina cuid staidéir iarchéime in OT Baile Átha Cliath fréamhaithe i gcáil na hOllscoile as sármhaitheas san ailtireacht agus as pobal tacúil dlúth a bheith aici.

“Cheap mé gurb úr agus fíorluachmhar a bhí an cur chuige pearsantaithe a ghlac OT Baile Átha Cliath. Leis an líonra dlúth ball foirne acadúil, cothaíodh timpeallacht inar mhothaigh mé go raibh tacaíocht agus cumhacht á dtabhairt dom chun treonna nua a iniúchadh i mo ghairm.”

Ina taighde dochtúireachta, déantar iniúchadh ar na naisc idir dearadh cuimsitheach agus uirlisí IS-cumhachtaithe giniúnacha agus ríomhaireachtúla, sampla eile den bhealach ina chothaíonn OT Baile Átha Cliath obair cheannródaíoch a leathnaíonn thar dhisciplíní traidisiúnta.



Mór-Dhuais Ealaíne do Ghlor Nua Cumhachtach

Ainmníodh Vicky Ochala, céimí Mínealaíne, mar chomhbhuaiteoir Dhámhachtain Iontaobhais Ealaíne Taylor ó RDS don bhliain 2025, arb é ceann de na duaiseanna amharcealaíon is mó meas in Éirinn é. Mhol na moltóirí a saothar mar gheall ar a scéalta fionspéisiúla ina gcumasctar an réimse polaitiúil leis an réimse pearsanta. Ní hé amháin go léirítear cáilíocht chleachtas Vicky leis an dámhachtain €10,000, atá ar an bhfód le 165 bliain — ach tionchar méadaitheach alumní OT Baile Átha Cliath ar fud thírdhreach cultúrtha na hÉireann.



Rath a Bhaint Amach ar an gCúirt agus Lasmuigh Di

Bhí Ammar Elamin, céimí Anailísíochta Gnó, sna ceannlínte spóirt i mbliana, agus é ag teacht chun cinn mar fhórsa atá ag dul i dtreise i leadóg na hÉireann.

Chabhraigh sé le bua 5-0 a bhaint amach ar an Araib Shádach i gCorn Davis trí bhua cinntitheach a ghnóthú i gcluiche singil. Ina dhiaidh sin, rinne sé ionadaíocht d'Éirinn ag Cluichí Domhanda na nOllscoileanna sa Ghearmáin, áit ar shroich sé ceathrú ceannais aonair na bhfear. Léiríonn aistear Ammar na bealaí éagsúla a thógann céimithe OT Baile Átha Cliath — agus an uaillmhian a thugann siad leo.



Rinne OT Baile Átha Cliath Comóradh 50 Bliain ón gCéad Ghig de chuid The Boomtown Rats, a cuireadh ar siúl ar ár gcampas i Sráid Bolton



D'fhill Bob Geldof agus Pete Briquette, beirt de bhunaitheoirí an bhanna a thaibhí ag an ngig sin 50 bliain ó shin, ar áit bhreithe The Boomtown Rats chun plaic chuimhneacháin a nochtadh os comhair an fhoirgnimh stairiúil.

Bhí Pete Briquette agus beirt bhunaitheoirí eile ina mic léinn ar chlár teicneoirí ailtireachta OT Baile Átha Cliath ag am na chéad ghige. Chun an ghné shainiúil sin d'oidhreacht cheoil na hÉireann a chomóradh, nocht Pete Briquette agus Bob Geldof plaic chuimhneacháin i Sráid Bolton mar aon le clár gníomhaíochtaí inar chuir mic léinn ceisteanna ar The Boomtown Rats, i measc nithe eile.

Tugadh 'The Nightlife Thugs' ar an mbanna ar dtús, agus chuir Aontas Mac Léinn an Choláiste in áirithe é chun ceolchoirm Oíche Shamhna a dhéanamh. Leath bealaigh tríd an ngig, scríos Bob ainm an bhanna ar chlár dubh an tseomra ranga agus thug sé an t-ainm nua The Boomtown Rats air – ainm a thóg sé ó dhream i ndírbeathaisnéis Woody Guthrie dar teideal 'Bound for Glory'.



2. Forbairt Campais a Spreagadh

Táimid tiomanta d'áit samhlaíochta agus inspioráide a chruthú ar breá le daoine a bheith ag foghlaim agus ag obair ann.

Trí infheistíocht mharthanach a dhéanamh i mbonneagar campais, tá OT Baile Átha Cliath ag athmhúnlú na caoi a bhfoghlaimíonn mic léinn, na caoi a gcomhoibríonn baill foirne, agus na caoi a ndéanann an Ollscoil caidreamh lena pobail. Tá gach forbairt faoin Máistirphlean deartha chun tacú le hoideolaíocht nua-aimseartha, le sármhaitheas taighde, agus le heispéireas cuimsitheach campais.

Tá an cur chuige sin le feiceáil go háirithe ar champas Ghráinseach Ghormáin, áit a bhfuil foirgnimh acadúla nua suite laistigh de láithreán a bhfuil tábhacht mhór stairiúil ag baint leis. Leis an athfhorbairt, rinneadh struchtúir stairiúla athchóirithe a chomhtháthú go cúramach le saoráidí comhaimseartha, agus na tailte á n-oscailt ag an am céanna mar spás cathartha comhroinnte do na pobail máguaird sa lárchathair thuaidh. Ar an mbealach sin, ní hé amháin go dtacaíonn infheistíocht sa champas le hoideachas den scoth, ach



Taifeadadh Amhrán a Ainmníodh le haghaidh Ghradam Grammy ar an gCampas

Tá ríméad orainn éachtaí suntasacha Ben Rawlins, duine dár gcuid a bhuaigh Gradam Grammy, agus ár saoráidí ar an gcampas a cheiliúradh.

I mbliana, chomhoibrigh Ben an athuair le Rhiannon Giddens agus le Francesco Turrisi ar an amhrán cumhachtach dar teideal “The Ballad of Sally Anne”, a taifeadadh anseo in OT Baile Átha Cliath. Ainmníodh an

tugtar onóir léi d'oidhreacht Ghráinseach Ghormáin agus cuirtear lena hathnuachan leanúnach shóisialta agus chultúrtha léi freisin.

2.1 Ár mBonneagar Campais – ár dtimpeallacht cheannródaíoch a sholáthar

Is é an toradh a bheidh ar Mháistirphlean OT Baile Átha Cliath a sholáthar ná go soláthrófar breis agus 200,000m² de shaoráidí campais ar thrí phríomhchampas OT Baile Átha Cliath. Agus é ar cheann de na forbairtí bonneagair is mó in ardoideachas na hÉireann, tá an soláthar sin ina eochairthosaíocht sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021–2030. Ar fud na bliana 2025, leanadh leis an ngníomhaíocht tógála agus athchóirithe ar fud na gcampas i mBaile Bhlainséir, sa Chathair agus i dTamhlacht, agus cuireadh trí mhórtionscadal caipitil ar aghaidh. I dteannta a chéile, tá na forbairtí sin ag cumasú timpeallachtaí foghlama níos solúbtha, seirbhísí feabhsaithe do mhic léinn, agus saoráidí nua-aimseartha a thacaíonn le teagasc agus taighde atá ailínithe leis an tionscal.

Sracfhéachaint ar Fhorbairt Campas – 2025


Ar champas Bhaile Bhlainséir, cuireadh Áras Geal i gcrích ag deireadh na bliana 2024 agus osclaíodh é lena úsáid i mí Eanáir 2025. Forbraíodh an foirgneamh tríd an gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Ardoideachais, agus soláthraítear leis breis agus 4,000 m² de chóiríocht teagaisc, lena n-áirítear saotharlanna, oifigí, agus spásanna do ghrúpaí beaga. Tá a shaotharlanna nua-aimseartha agus a spásanna comhroinnte ag tacú cheana féin le raon leathan gníomhaíochtaí teagaisc agus ag cothú tuilleadh idirghníomhaíochta ar fud na ndisciplíní. Ó cuireadh tús leis an teagasc i mí Eanáir 2025 i leith, bunaíodh Áras Geal go tapa mar chuid dhílis de champas Bhaile Bhlainséir, agus é ag cur go mór agus go deas leis an gcampas.

Tá an Mol Acadúil ar champas Ghráinseach Ghormáin chór a bheith críochnaithe agus osclófar é sa bhliain 2026. Beidh an Mol Acadúil ina phríomhphointe fócasach don saol acadúil ar champas Ghráinseach Ghormáin, agus acmhainní foghlama, tacaí do mhic léinn, agus seirbhísí gairmiúla á dtabhairt le chéile san aon suíomh rí-inrochtana amháin.

Tá na príomhoibreacha tógála críochnaithe den chuid is mó agus tá na gníomhaíochtaí feistithe deiridh beagnach críochnaithe. Nuair a bheidh siad tugtha chun críche, déanfar bailiúchán agus foireann na leabharlainne, mar aon le seirbhísí tacaíochta do mhic léinn atá lonnaithe i dTeach na Páirce faoi láthair, a aistriú chuig an Mol Acadúil. Beidh seirbhísí Foghlama, seirbhísí Teagaisc agus Measúnaithe, seirbhísí Forbartha Daoine, agus seirbhísí Taighdeora in éineacht leo. Rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadail chaipitil eile freisin ar champas Ghráinseach Ghormáin le linn na tréimhse. Áiríodh leis sin críochnú Thuarascáil Deartha Chéim 1 don tSaoráid Spóirt Faoi Dhíon atá beartaithe, rud lena soláthrófaí thart ar 6,000 m² de chóiríocht nua. Leis an dearadh, cuimsítear halla ilfheidhmeach spóirt, dhá limistéar giomnásiam, roinnt seomraí feistis, balla dreapadóireachta, agus spásanna gaolmhara tacaíochta. Rinneadh tuilleadh oibre chun an treoir agus na riachtanais fhoriomlána maidir le cóiríocht do mhic léinn a sholáthar ar an gcampas a bheachtú. Ina theannta sin, leanadh le staidéir scópála chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais an tsoláthair Innealtóireachta agus Timpeallachta Tógtha amach anseo, agus ar riachtanais saoráidí taighde, ar Champas Ghráinseach Ghormáin. Tá na tionscadail sin mar chuid d'uaillmhian níos leithne chun feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn i nGráinseach Ghormáin, agus iad ag tacú le folláine, le hinrochtaineacht, agus le timpeallacht bheoga champais ag an am céanna.



Áras Geal – Campas Bhaile Bhlainséir



An Mol Acadúil – Campas Ghráinseach Ghormáin



An Foirgneamh Thuaidh – Campas Thamhlachta

Ar champas Thamhlachta, cuireadh an Foirgneamh Thuaidh i gcrích freisin sa bhliain 2025 mar chuid de Bheart 1 den Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí Ardoideachais. Le hachar urláir atá beagán faoi bhun 5,200 m², soláthraítear leis an bhfoirgneamh spásanna saindeartha teagaisc don Innealtóireacht Leictreach, do na hEalaíona Cócaireachta agus don Fháilteachas, mar aon le saotharlanna TF, léachtlanna, limistéir do ghrúpaí beaga, agus saoráidí tacaíochta. Tosaíodh gníomhaíochtaí teagaisc i mí Mheán Fómhair 2025. Is é atá san Fhoirgneamh Thuaidh ná feabhas suntasach ar champas Thamhlachta, agus soláthraítear leis saoráidí nuaimseartha atá sonrach don disciplín agus a thacaíonn le sármhaitheas teagaisc agus le foghlaim phraiticiúil scilbhunaithe araon.

Mar chuid d'fhorbairt níos leithne an champais chun Sláinte agus Folláine a chur chun cinn inár bpobail, tá OT Baile Átha Cliath ina chomhpháirtí sa [Chlár Náisiúnta Taistil Ghníomhaigh](#), áit a n-oibrímid i ndlúthchomhar le foireann Taistil Níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair chun cistiú is fiú €250,000 ón Údarás Náisiúnta Iompair a úsáid chun Moil Taistil Ghníomhaigh a fhorbairt ar fud gach campais. Leis na moil sin, soláthraítear acmhainn mhéadaithe le haghaidh comaitéireacht ghníomhach chuig campais agus amach astu, ar ina leith a sainaithníodh sa [Suirbhé ar Thaisteal Níos Cliste](#) ó OT Baile Átha Cliath go mbainfeadh 40% de mhic léinn agus 46% de bhaill foirne úsáid as modhanna gníomhacha dá mbeadh bonneagair bonneagair ar fáil ar bhonn níos forleithne ar an gcampas. I measc an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo ar Mhoil Taistil Ghníomhaigh ar na campais i mBaile Bhlainséir agus i dTamhlacht fuarthas cead planála sa bhliain 2025 agus críochnófar an obair thógála sa bhliain 2026. Tá an Foscadh Rothar nua ar champas Shráid Bolton sna céimeanna deiridh den phróiseas ceadaithe planála, agus táthar ag súil go gcuirfear an tógáil i gcrích sa bhliain 2027.

2.2 Úsáid ár Saoráidí a Bharrfheabhsú

Sa [Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide](#) ó OT Baile Átha Cliath, tugtar mionsonraí faoi ghníomhartha atá beartaithe chun éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe a bhaint amach ar fud ár bhfoirgneamh. Gníomh amháin den sórt sin is ea úsáid ár sócmhainní bonneagair campais atá ann cheana a bharrfheabhsú chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as foirgnimh i gcomhréir lenár misean acadúil. Forbraíodh an Clár Cuichóirithe Foirgneamh agus Spáis sa bhliain 2024 chun obair a bhrú chun cinn maidir le breithmheas a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidimid ár bhfoirgnimh, agus ar ailiniú ár bhfoirgneamh le forbairt clár acadúil agus le riachtanais mac léinn. Bunaíodh grúpa bainistíochta spáis uile-Ollscoile a thabharfaidh aghaidh ar ár n-oibleagáidí faoin Acht Aeráide, lena n-áirítear feabhas a chur ar bharrfheabhsú spáis, agus meastar go mbeidh tairbhí ann maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú trí úsáid éifeachtúil a bhaint as sócmhainní.

Leanaimid le suirbhé a dhéanamh ar ár n-eastát teagaisc iomlán (ina bhfuil níos mó ná 1,000 seomra) ar fud na gcampas uile. Leis na sonraí sin, tugtar faisnéis faoi amchlárú agus úsáid fhoriomlán an spáis. Tugtar le fios iontu patrúin éilimh agus úsáide ar fud ár n-eastáit iomláin, rud a chuireann ar ár gcumas planáil go cuí le haghaidh fáis agus coigeartuithe, ag brath ar riachtanais na hOllscoile. Bhí an obair sin mar bhonn eolais faoin iarratas rathúil chuig an ÚAO ar chistiú chun ár gclár Phrintíseachta a leathnú ar fud ár gcampas uile. Táimid tiomanta do 40 bloc breise, beagnach, de theagasc printíseachta a sholáthar in aghaidh na bliana i sé réimse: an tsiúinéireacht agus an adhmaadóireacht; an leictreachas; an mhótarmheicnic; an phluiméireacht; an cuisniúchán; agus an mhonaraíocht adhmaid. Déanfar roinnt spásanna ar fud na gcampas a fheabhsú nó a chomhdhlúthú, nó athrófar a gcuspóir, chun an fás sin a éascú, agus na staidéir spáis ag rannchuidiú leis an anailís sin.

Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Dícharbónú

Mar chuid de bhearta foriomlána chun oibríochtaí caipitil agus costais fuinnimh a bhainistiú agus a laghdú go héifeachtúil, forbraíodh an [Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inmharthana ó OT Baile Átha Cliath](#). Sa phlean sin, tugtar tús áite do phríomhthionscadail, agus slógtar iad, i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh agus le dícharbónú ár n-oibríochtaí, agus leas á bhaint, i gcás gur féidir, as ról na hOllscoile chun réimsí nua oideachais, taighde agus nuálaíochta a fhorbairt. Tá sé mar aidhm leis an bPlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inmharthana straitéis dícharbónaithe fuinnimh na hOllscoile a chur



ar aghaidh ar fud ár gcúig phríomhchampas – Sráid Aungier, Baile Bhlainséir, Sráid Bolton, Gráinseach Ghormáin, agus Tamhlacht, mar aon le roinnt láithreáin satailíte.

Baineadh dul chun cinn suntasach amach go dtí seo, lenar áiríodh feabhas 26% ar éifeachtúlacht fuinnimh ó bhí an bhliain 2009 ann agus laghdú 19% ar astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh Scóip 1 agus Scóip 2, atá os cionn 8,000 tCO2e faoi láthair ó bhonnlíne 2016–2018 a bhí cothrom le breis agus 10,000 tCO2. Mar sin féin, tá dúshlán leanúnach ag baint leis an éileamh méadaitheach ar fhuinneamh ó shaoráidí nua agus leis an líon méadaitheach mac léinn.

Sainaithníodh i meastóireacht mhionsonraithe ar dheiseanna bearta ardtionchair amhail leathnú téimh ceantair, stóráil fuinnimh, agus córais fheabhsaithe bainistíochta foirgneamh. I measc na dtionscnamh breise tá suiteálacha grianfhuinnimh fhótavoltaigh, iarfheistithe éadroma agus meánleibhéil, barrfheabhsú spáis, agus feachtais athraithe iompraíochta.

Tugadh tús áite do thionscadail de réir amlínte gearrthéarmacha, amlínte meántéarmacha agus amlínte fadtéarmacha, bunaithe ar chost-éifeachtúlacht agus ar acmhainneacht laghdaithe carbóin. Díreofar gníomhartha láithreacha ar fheabhsuithe méadraithe, ar uasghráduithe soilsithe, agus ar bharrfheabhsú córas bainistíochta foirgneamh, agus áirítear le plananna meántéarmacha iniúchadh a dhéanamh ar roghanna geoiteirmeacha ar champas Ghráinseach Ghormáin agus iniúchadh a dhéanamh ar théamh ceantair dícharbónaithe ar champas Bhaile Bhlainséir.

3. Eiseamláir Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe

Sa bhliain 2025, cheadaigh OT Baile Átha Cliath an chéad [Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú](#) uaidh. Buntaca leis an Straitéis is ea an cuspóir straitéiseach atá ag OT Baile Átha Cliath chun teacht chun bheith ina eiseamláir maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, agus an Dualgas Earnála Poiblí atá air deireadh a chur leis an idirdhealú agus comhionannas deise a chur chun cinn, agus oibríonn an Straitéis chun cúinsí Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe a leabú isteach i ngach gné d’obair OT Baile Átha Cliath. Luaitear sa straitéis cúig réimse dírithe tosaíochta don tréimhse ón mbliain 2025 go dtí an bhliain 2028: an comhionannas inscne; an chine agus an eitneacht, an cuimsiú míchumais, deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe, agus an trasnachas, mar shaincheist leathan. Chun Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a leabú ar fud ár gcuid oibre agus chun brí a chruthú, roghnaigh OT Baile Átha Cliath conairí athruithe, lena n-áirítear teagasc agus foghlaim, taighde, bainistíocht tionscadal, agus straitéis, ina gcuirfear cúinsí Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe ar áireamh. Ar an mbealach sin, cinntítear nach píosa breise oibre nó breiseán é Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, ach go gcuirfear ar áireamh é ar gach leibhéal dár gcuid oibre. Déanfar rianú ar an dul chun cinn trí chuspóirí sainithe, trí tháscairí intomhaiste agus trí thuairisciú bliantúil, rud a threiseoidh tiomantas OT Baile Átha Cliath don trédhearcacht agus don chuntasacht.

3.1 Athena Swan

Is é is Athena SWAN ann ná creat lena dtacaítear le hinstiúidí ardoideachais comhionannas inscne inbhuanaithe agus cultúr ionchuimsithe a bhaint amach. Ba é OT Baile Átha Cliath an chéad ollscoil teicneolaíochta riamh a bhain dámhachtain Chré-umha Athena SWAN amach, rud a rinne sé sa bhliain 2022. Ó shin i leith, tá obair ar bun chun an plean gníomhaíochta inscne gaolmhar a chur chun feidhme. Faoi dheireadh na tréimhse dámhachtana i mí na Nollag 2025, bhí dul chun cinn déanta ar 95% de na gníomhartha nó bhí siad curtha i gcrích. I measc na ngníomhartha a ndearnadh dul chun cinn orthu sa bhliain 2025 bhí Leabhrán Máithreachais nuashonraithe a fhorbairt chun an tacaíocht do shaoire mháithreachais a chuichóiriú ar fud na hollscoile, agus Grúpa Pobail Fostaithe nua a bhunú do bhaill foirne LADTA+ agus do chairde a gcúise.

Bunaíodh foireann féinmheasúnaithe chun iarratas a ullmhú chun an dámhachtain instiúideach Chré-umha a athnuachan. Rinne an Treoraí Comhionannais,

Éagsúlachta agus Ionchuimsithe um Chothromas Inscne cathaoirleacht ar an bhfoireann féinmheasúnaithe, a bhí comhdhéanta de 15 bhall foirne ó sheirbhísí acadúla agus gairmiúla éagsúla. Tháinig obair na foirne féinmheasúnaithe chun deiridh i mí na Nollag, agus cuireadh an t-iarratas ar athnuachan isteach de réir an sceidil. Forbraíodh plean gníomhaíochta nua chun tacú leis an bpróiseas athnuachana dámhachtana. Cuimsítear sa phlean gníomhaíochta nua 61 ghníomh agus ocht réimse tosaíochta a ndéanfar dul chun cinn orthu thar thréimhse cúig bliana. Ba bhoinn eolais faoi na gníomhartha iad

athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta roimhe, comhairliúchán leis an bhfoireann, treoirlinnte agus creataí earnála, agus aiseolas ón bpainéal ar an iarratas roimhe. Seoladh an plean gníomhaíochta inscne nua i measc na foirne sa bhliain 2026 tar éis an phróisis athbhreithnithe píaraí.

Chuir Scoil na hEolaíochta Bia agus na Sláinte Comhshaoil tús le hiarratas ar Athena SWAN i mí an Mheithimh 2025, agus táthar ag iarraidh é a chur isteach i mí na Samhna 2026. Léiríodh in aiseolas ón Suirbhé Foirne ar Athena SWAN 2025 go bhfuiltear i bhfách go mór le hiarratais fo-aonaid ar Athena SWAN, agus 76% san iomlán de na baill foirne i bhfách le hiarratais ina Scoil, ina nDámh nó ina n-aonad Gairmiúil.

I mí Eanáir 2025, rinne Athena SWAN ceiliúradh ar 10 mbliana ó tugadh an Chairt isteach in Éirinn. D’éascaigh an tOllamh Yvonne Galligan, an Stiúrthóir um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú ag an am, plé painéil dar teideal ‘Pioneering Gender Equality in Irish Higher Education’.

Sa bhliain 2025, d’ullmhaigh OT Baile Átha Cliath an Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní uaidh an athuair. Is é 10.96% an bhearna phá. Tá an figiúr sin níos airde ná an figiúr náisiúnta, atá cothrom le 9.6%, ach is laghdú é ó 12.8% sa bhliain 2024. Chun an bhearna phá a laghdú, teastaíonn idirghabhálacha marthanacha spriocdhírithe, agus éascófar é sin trí Phrionsabail Chairt Athena SWAN a ghlacadh agus trí phleananna gníomhaíochta inscne a chur chun feidhme go rathúil.

Onóir Speisialta don Ollamh Galligan

Toghadh an tOllamh Yvonne Galligan, Stiúrthóir um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú in OT Baile Átha Cliath, mar Chomhalta d’Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) i mí na Bealtaine 2025. Is acadóir clúiteach í as a cuid oibre ar inscne agus polaitíocht, go háirithe in Éirinn. Is é atá i dtoghadh an Ollaimh Galligan ná sampla cumhachtach de chás ina rannchuidíonn pobal acadúil OT Baile Átha Cliath le hidirphlé, taighde agus ceapadh beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is léiriú eile é ar thiomantas na hOllscoile do shármhaitheas, do chuimsiú, agus do thionchar sa réimse poiblí. Comhghairdeas leis an Ollamh Galligan as an aitheantas as cuimse sin atá tuillte go maith aici.

D’éirigh an tOllamh Galligan as a ról mar Stiúrthóir um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú sa bhliain 2025, ach tá ríméad ar an Ollscoil go bhfuil sí fós in OT Baile Átha Cliath mar Ollamh Emerita.



An tOllamh Pat Guiry, Uachtarán RIA, agus an tOllamh Yvonne Galligan

3.2 Cothromas Cine

Sa bhliain 2025, rinne OT Baile Átha Cliath dul chun cinn suntasach maidir le cothromas cine a chur chun cinn, ar aon dul lena thiomantas straitéiseach d’ollscoil atá cuimsitheach, atá rannpháirteach ar fud an domhain, agus atá freagrach ó thaobh cúrsaí sóisialta de.

Cuireadh an chéad cheardlann thiomnaithe ar chothromas cine ar fáil d’Aontas na Mac Léinn, agus í ag tacú le ceannaireacht fhrithchiníoch agus le hathrú cultúir atá faoi stiúir mac léinn. Ghlac 203 mhac léinn agus 67 léachtóir san iomlán páirt i gceardlanna ar Aontacht san Éagsúlacht, rud a neartaigh inniúlacht idirchultúrtha agus cleachtas cuimsitheach teagaisc.

Leathnaíodh oiliúint comhionannais idirchultúrtha trí cheardlanna ‘Léigh, Déan Machnamh, Seachain Idirphlé’ do mhic léinn agus do bhaill foirne lena leabaítear oideachas idirchultúrtha isteach sa chroíchuraclam acadúil.

Chomh maith le stádas mar ‘Ollscoil Tearmainn’ a bheith dáfa air, fuair OT Baile Átha Cliath cistiú ón ÚAO chun feachtas frithchiníochais earnála comhordaithe a threorú trí úsáid a bhaint as creat náisiúnta ‘Oiliúint don Oiliúinóir’. Leis an bPlean Gníomhaíochta um Chothromas Cine atá le teacht ó OT Baile Átha Cliath, leabófar gníomhartha intomhaiste agus cuntasacha isteach in áiteanna lasmuigh den churaclam, amhail an rialachas, an beartas, eispéireas na mac léinn, agus an fhorbairt foirne.

3.3 Deireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach agus Inscnebhunaithe

Déanann OT Baile Átha Cliath a dhícheall timpeallacht shábháilte dhearfach oibre agus staidéir a chur ar fáil do gach ball foirne, do gach mac léinn agus do gach cuairteoir, ar timpeallacht í nach nglactar le haon chineál foréigin ghnéasaigh, foréigin inscnebhunaithe

ná ciaptha inti agus ina bhfuil muinín ag daoine aonair as an bpróiseas chun tacaíocht a nochtadh agus a lorg agus ina bhfuil iontaobh acu ann, agus fios acu go ndéileálfar go cuí agus go cothrom lena n-ábhair imní tríd an bPlean Cur Chun Feidhme um Dheireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais a chur i ngníomh.

Tugadh rochtain do gach mac léinn a bhí ag teacht isteach sa chéad bhliain (5000+ mac léinn) ar cheardlanna toilithe a cuireadh ar siúl ar líne. Faigheann mic léinn ceardlanna ar Idirghabháil an tSlua agus ceardlanna ar Dhlí Coco gach bliain freisin. Sholáthair Seirbhísí Cosanta an Gharda Síochána ceardlanna ar mhí-úsáid ar líne i mí Mheán Fómhair 2025.

Thosaigh OT Baile Átha Cliath an feachtas sábháilteachta ‘Ask for Angela’ an athuair i gcomhpháirt leis an nGarda Síochána, le Cumann Fioncheannaithe na hÉireann agus le tithe tábhairne agus beáir i limistéar Thamhlachta agus i limistéar Chromghlinne dár mic léinn. Is feachtas sábháilteachta é sin lena dtugtar eolas d’aon duine faoi conas cabhair agus idirghabháil a lorg má bhraitheann sé/sí go bhfuil sé/sí neamhshábháilte agus é/í amuigh ag sóisialú. Chuir an Bainisteoir um Fhoréigean Gnéasach in OT Baile Átha Cliath oiliúint ar chomhaltaí den Gharda Síochána agus ar bhaill foirne i dtithe tábhairne agus i mbeáir. Leathnófar an tionscnamh sin chuig Sráid Bolton agus chuig limistéir Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2026.

Tá OT Baile Átha Cliath ina bhall lárnach de GenderSAFE, agus tá Creat Beartais GenderSAFE 2025-2026 á thástáil againn i gcomparáid lenár gcuid beartas agus nósanna imeachta féin chun an dea-chleachtas a chinntiú agus sinn ag déileáil le foréigean gnéasach agus le dínit agus le meas.

Leanann **Speakout** le feidhmiú mar ardán rithábachtach do bhaill foirne agus do mhic léinn chun aon iompraíochtaí diúltacha a fheiceann siad nó a eispéiríonn siad agus iad in OT Baile Átha Cliath a thaifeadadh agus a thuairisciú go hanaithnid. Foilsíodh an dara Tuarascáil Náisiúnta ó Speakout i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Tá OT Baile Átha Cliath tar éis teacht chun bheith ar an gcéad ollscoil in Éirinn a thug gealltanas poiblí don Ghealltanas Neamhfhulaingthe, atá ina thionscnamh pobaltreoraithe i Lárchathair Bhaile Átha Cliath lena ndearbhaítear nach nglactar le foréigean in aghaidh na mban laistigh d’eagraíochtaí rannpháirteacha ná ar a n-áitreabh. Shínigh an Ollscoil an gealltanas ag imeacht speisialta ar an gcampas, rud a bhí ina léiriú ar a seasamh láidir réamhghníomhach ar son timpeallachtaí níos sábháilte a chruthú do mhná agus do chailíní ar fud a pobal.

In OT Baile Átha Cliath, tá an feachtas ag teacht go dlúth le hobair leanúnach na hOllscoile chun cultúr sábháilteachta, measa, cuimsithe agus idirghabhála gníomhaí a chothú. Ag labhairt dóibh ag an imeacht, leag ionadaithe béim ar a thábhachtaí atá gníomhaíocht phobalbhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sistéamacha a rannchuidíonn le foréigean in aghaidh na mban agus daoine eile a bhfuil tionchar ag smacht comhghéineach orthu. Aithnítear san fheachtas freisin an drochde a teaghlach a tharlaíonn laistigh den phobal LADTI+ agus an fhadhb a bhaineann le foréigean a dhéanann mná in aghaidh fear, fadhb a ndéantar tearcthuairisciú uirthi go minic.

4. Ár nDaoine – Díriú Lárnach

Is faoi dhaoine atá OT Baile Átha Cliath – áit ina bhfuil spás ann chun smaointe, caidreamh agus forbairt phearsanta agus ghairmiúil aonair a chothú. I ndomhan ina dtarlaíonn athruithe go tapa, táimid tiomanta do dheiseanna bunathraitheacha oideachais a chruthú lena dtugtar spreagadh agus tacaíocht don duine aonair agus lena bhforbraítear é/í chun a lánacmhainneacht a bhaint amach. Tá sé mar aidhm againn tacú le daoine aghaidh a thabhairt go muiníneach ar dheiseanna agus ar dhúshláin ar bhealaí cruthaitheacha cothromaithe.

4.1 Creat Gairmeacha Acadúla

Ollúnachtaí a thabhairt isteach in OT Baile Átha Cliath

Sa bhliain 2022, rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) athbhreithniú ar struchtúir ghairme agus ar chonarthaí acadúla in Ollscoileanna Teicneolaíochta na hÉireann¹. Tháinig ECFE ar an gconclúid gurbh é a bhí i gcreat nua-aimseartha gairmeacha a thabhairt isteach, lena n-áirítear gráid acadúla shinsearacha, ná athchóiriú práinneach a bhí ina chuid riachtanach den earnáil ollscoileanna teicneolaíochta a bhunathrú go rathúil. D’aithin ECFE go bhfuil ceannaireacht ó acadóirí sinsearacha, go háirithe Ollúna, ina cuid rithábachtach de chruthú eolais agus aistriú eolais a chur chun cinn, de nuálaíocht agus fiontraíocht a bhrú chun cinn, agus de mhisean na n-ollscoileanna teicneolaíochta a chomhlíonadh.

Sa bhliain 2023, bunaíodh grúpa oibre teicniúil a bhí comhdhéanta d’ionadaithe sinsearacha ó na cúig ollscoil teicneolaíochta, agus é faoi chathaoirleacht Cheann Straitéise agus Pleanála OT Baile Átha Cliath, chun obair i gcomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) maidir leis an argóint ar son róil Ollúnachta in ollscoileanna teicneolaíochta san earnáil. Fuair an obair sin cead ón gComh-aireacht agus, i mí na Nollag 2025, d’fhógair an tAire James Lawless TD go dtabharfaí isteach grád Ollúnachta iomláine in Ollscoileanna Teicneolaíochta na hÉireann den chéad uair riamh. Dúirt sé: *“Leis an athchóiriú seo, tabharfar dár nOllscoileanna Teicneolaíochta agus dár n-earnáil an cheannaireacht acadúil a theastaíonn uathu chun dul faoi bhláth agus chun dul in iomaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta.”*

Ceadaíodh caoga ollúnacht don earnáil, ag tosú le cúig phost is fiche a rollach amach ar dtús ar fud an chórais. Cisteofar na poist faoin gCiste Feabhsúcháin Spriocdhírith go mí na Nollag 2028. Tá tús curtha ag OT Baile Átha Cliath le hullmhúcháin chun daoine a earcú chuig na chéad cúig phost ollúnachta san Ollscoil.

1 OECD (2022), “A review of technological university academic career paths, contracts and organisation in Ireland”, OECD Education Policy Perspectives, No. 64, OECD Publishing, Paris, <https://doi.org/10.1787/2b7ee217-en>

“Le grád Ollúnachta a thabhairt isteach, aithnítear scála, uailmhian agus aibíocht mhísean na hOllscoile Teicneolaíochta. Soláthraítear leis bunús ar ar féidir linn ceannaireacht acadúil, acmhainn taighde, agus teagasc taighdebhunaithe a neartú tuilleadh ar fud na hearnála.”

An Dr Deirdre Lillis, Uachtarán OT Baile Átha Cliath

4.2 Rannpháirtíocht Foirne

Leanann an fhoireann um Rannpháirtíocht Foirne leis an Straitéis Éisteachta ó OT Baile Átha Cliath a bhrú chun cinn. Rinneadh an dara Suirbhé bliantúil ar Rannpháirtíocht Foirne de chuid OT Baile Átha Cliath sa bhliain 2025. Is é an cuspóir atá leis ná leibhéil rannpháirtíochta reatha a thomhas, torthaí a chur i gcomparáid le tagarmharcanna iomchuí, agus glór na bhfostaithe a mhéadú trí dhearcadh na bhfostaithe a ghabháil. Chomhlánaigh breis agus 1,300 ball foirne an suirbhé, agus chuir an Ollscoil plean gníomhaíochta i bhfeidhm ar fud OT Baile Átha Cliath chun aghaidh a thabhairt ar roinnt míreanna a tarraingíodh anuas. De bhreis air sin, leanann an Fóram um Ghlór na bhFostaithe le teacht le chéile, ar lena linn a thugtar suíomh sábháilte oscailte dár 30 Curadh um Rannpháirtíocht Foirne inar féidir leo a dtuairimí a chur in iúl trí aiseolas áitiúil a thabhairt, trí mholtaí a dhéanamh maidir le réimsí le haghaidh feabhais agus réitigh fhéideartha, agus trí chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha chun feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibrímid. Reáchtáil an fhoireann um rannpháirtíocht foirne sraith fócasghrúpaí freisin a d’fhéach ar dhúshláin atá sonrach don champas.

Chun tacú le baill foirne nua, forbraíodh ‘Micreashuíomh Ionduchtúcháin do Bhaill Foirne Nua’, a bhí ina shuíomh nua chun tacú le comhghleacaithe agus iad ag teacht isteach i bpobal na hOllscoile. Is é aidhm an tsuímh a bheith ina mhol ilfhreastail le haghaidh faisnéis a bhaineann le hionduchtú, agus é ag tacú le fostaithe nua de réir mar a théann siad i dtaithí ar ár n-eagraíocht agus ar a próisis.

Sa bhliain 2025, i gcomhar leis an bhfoireann Cumarsáide agus Caidrimh Phoiblí, seoladh ardán nua cumarsáide inmheánaí agus caidrimh, mar atá Microsoft Viva Engage, laistigh de OT Baile Átha Cliath don fhoireann. Le leathanach Phobal OT Baile Átha Cliath, tugtar spás ar líne chun scéalta a chomhroinnt,

chun aitheantas a chumasú, chun comhoibriú agus naisc a fheabhsú, agus chun cumarsáid a chuíchóiriú ar fud na hOllscoile. Ba cheart an chaoi a ndéanaimid cumarsáid lena chéile a bheith ag teacht lenár Luachanna arb éard iad Sármhaitheas, Cuimsiú, Tionchar, agus Meas, agus lenár gCairt Foirne. Dá bhrí sin, mar chuid den seoladh, forbraíodh agus cuireadh in iúl prionsabail agus treoirlínte maidir le húsáid Phobal OT Baile Átha Cliath dár gcuid ar Viva Engage, mar aon le grafaic faisnéise tacaíochta.

Seoladh Foireann Uirlisí Cultúir agus Cairt Foirne OT Baile Átha Cliath sa bhliain 2023, agus lean an fhoireann um Rannpháirtíocht Foirne leis an obair sin a leabú ar fud na hOllscoile, ar dá barr a tháinig méadú ar a hinfheictheacht ar fud scoileanna agus seirbhísí agus i measc fostaithe nua.

Tá dul chun cinn déanta ar obair chun eispéireas na bhfostaithe a fheabhsú mar chuid den chreat THRIVE um fholláine san áit oibre, ar creat iomlánaíoch taighdebhunaithe é atá fréamhaithe sa tsíceolaíocht dhearfach. Tacaíonn THRIVE leis an duine ina (h) iomláine trí shé cholún folláine: An Féin agus Cuimsiú; Sláinte agus Folláine; Caidrimh; Léargas, Luachanna agus Brí; agus Rannpháirtíocht.

Cuireadh sraith imeachtaí nasctha ar siúl le linn mhíonna an tsamhraidh ar fud na gcampas, chun braistint chómhuintearais a neartú agus chun caidreamh tras-ollscoile a chothú. Lean Tascghrúpaí um Fholláine san Áit Oibre le ról rithábachtach a imirt maidir le feasacht a mhúscailt ar phríomhthionscnaimh, maidir le comhoibriú le geallsealbhóirí inmheánacha, agus maidir le tacú le folláine agus cuimsiú a leabú isteach i ngnáthchleachtas laethúil na hollscoile.



Tábla 4 – Líon Foirne OT Baile Átha Cliath 2025

Catagóir Foirne	Líon Foirne (CL)
Acadóir	1389
Oibrithe Ginearálta	135
Bainistíocht, Cléireachas, Riarachán agus Leabharlann	838
Seirbhísí do Mhic Léinn	64
Teicneoirí	175
Iomlán	2,722

4.3 Earcaíocht agus Coinneáil Foirne

Sa bhliain 2025, bhí 3,449 nduine fostaithe ag OT Baile Átha Cliath (an líon foirne). Tá miondealú ar an bhfoireann de réir catagóire (coibhéis lánaimseartha) ar fáil i dTábla 4.

Sa bhliain 2025, d’fhág 308 bhfostaí an eagraíocht agus chuaigh 345 dhuine isteach san eagraíocht mar fhostaithe nua. Ba é 11.8% an ráta soghluaisteachta inmheánaí is déanaí ar fud na foirne ar fad, agus ráta 8.1% ann i measc na foirne acadúla agus ráta 16.7% ann i measc na foirne bainistíochta agus tacaíochta gairmiúla.

Lean an fhoireann Acmhainní Daonna le díriú ar chleachtais fheabhsaithe Earcaíochta, Roghnúcháin agus Cheapacháin le linn na bliana. Sa bhliain 2025, tionscnaíodh athbhreithniú barainneach. Tá an t-aschur á athbhreithniú agus táthar ag súil go gcuirfear próisis, beartais agus nósanna imeachta feabhsaithe chun feidhme sa bhliain 2026. Ina theannta sin, a bhuí le modúl nua earcaíochta a tugadh isteach i Ráithe 3 den bhliain 2025, táimid ag baint leas as an gcóras acmhainní daonna chun uathoibriú a mhéadú agus chun amlínte don phróiseas a fheabhsú.

4.4 Oiliúint agus Forbairt Foirne

Lean OT Baile Átha Cliath le treisiú lena thiomantas d’fhorbairt foirne agus do chumas na heagraíochta a thógáil le linn na bliana 2025, agus baill foirne ag glacadh páirt i 1,350 **deis oiliúna agus forbartha**, beagnach. Áiríodh leis na cláir forbairt scileanna digiteacha, forbairt phearsanta agus ghairmiúil, agus tacaí spriocdhírthe do thaighdeoirí tríd an gCreat Gairmeacha Taighde.

Ceann de na príomhnithe ar díriodh orthu le linn na bliana ba ea an acmhainn dhigiteach a fheabhsú ar fud na hOllscoile, agus raon leathan oiliúna soláthartha chun tacú le húsáid éifeachtach croíchóras agus uirlisí sonraí amhail Power Bi. Soláthraíodh tionscnaimh shaincheaptha freisin chun freastal ar na riachtanais shonracha atá ag taighdeoirí, lena n-áirítear an **Clár Meantóireachta Taighde**, rud a thacaíonn le dul chun cinn gairme agus le sármhaitheas taighde.

Neartaíodh an acmhainn ceannaireachta tuilleadh trí **Chlár Forbartha Ceannaireachta KPMG**, ar clár nua é ar ghlac 80 Bainisteoir Sinsearach páirt ann le linn na bliana acadúla, agus é deartha chun scileanna ceannaireachta straitéisí agus scileanna bainistíochta daoine a fhorbairt ar fud na hollscoile. Ina theannta sin, d’infheistigh an Ollscoil i bhforbairt fhadtéarmach foirne trí urraíocht a thabhairt do 196 fhostaí chun tabhairt faoi chlár bhreiseoideachais, rud a threisigh cultúr foghlama leanúnaí.

Bhí **comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú san áit oibre** fós ar cheann de na príomhnithe ar díriodh orthu, agus raon tionscnamh oiliúna spriocdhírthe soláthartha chun feasacht, acmhainn agus cleachtas cuimsitheach a chothú ar fud na hOllscoile. I measc na gclár sin bhí cláir amhail oiliúint i ndínit agus meas ag an obair, feasacht ar mhíchumas, cuimsiú trasinscne, tacú le baill foirne a bhfuil disléicse orthu, socrúithe réasúnacha, agus freagairt d’fhoréigean teaghlaigh, rud a chabhraigh le timpeallacht oibre níos cuimsithí, níos tacúla agus níos cothromasaí a chothú. Bhí folláine san áit oibre ina tosaíocht go fóill freisin, agus sraith tionscnamh oiliúna ann a bhí dírithe ar thacú le hathléimneacht fostaithe, ar fheasacht ar an meabhairshláinte, agus ar chleachtais chuimsitheacha oibre.

I dteannta a chéile, tá na gníomhaíochtaí sin ina léiriú ar thiomantas leanúnach OT Baile Átha Cliath d’fhórsa saothair a thógáil atá oile, inoiriúnaithe, agus dírithe ar an todhchaí, agus é ailínithe le spriocanna straitéiseacha na hOllscoile.

Sármhaitheas ár nDaoine a Cheiliúradh

Claire McBride, Duine na Bliana de chuid Theicneolaíocht Éireann

Ceiliúrann OT Baile Átha Cliath go bródúil an Dr Claire McBride, faighteoir an ghradaim mar Dhuine na Bliana de chuid Theicneolaíocht Éireann, mar aitheantas dá ceannaireacht agus dá tionchar fíorshaoil san oideachas atá i mbun caidreamh le fiontair.

Tá obair Claire ina léiriú ar thiomantas OT Baile Átha Cliath do chéimithe a fhorbairt atá cumasaithe chun ceannaireacht a thabhairt agus chun nuáil i dtírdhreach teicneolaíochta a bhíonn ag athrú go mear.



Bhuaigh Léachtóirí OT Baile Átha Cliath Gradam Cleachtais Éirithigh RIAI, 2025, ar gradam measúil é

Fuair Laura Carroll agus Ciarán Molumby MRIAI, léachtóirí i Scoil na hAiltireachta, na Foirgníochta agus an Chomhshaoil in OT Baile Átha Cliath, Gradam Cleachtais Éirithigh Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI), 2025, mar aitheantas dá gcleachtas darb ainm Islander Architects.

In éineacht lena n-obair a bhfuil duaiseanna buaite aici le Islander Architects, lena dtaighde comhoibríoch trí Demolition Take Down agus lena dtathant le HouseEurope!, tugann Laura agus Ciarán, ar céimithe de chuid OT Baile Átha Cliath iad beirt freisin, a gcur chuige deartha chruthaithigh, chriticiúil agus chuimsithigh isteach sa seomra ranga mar chuid den fhoireann teagaisc Ailtireachta i Scoil na hAiltireachta, na Foirgníochta agus an Chomhshaoil.





Ó na Saoirsí go Sármhaitheas Acadúil: Aistear Spreagúil an Dr Con Kennedy in OT Baile Átha Cliath

“Tá go leor bealaí ann chun PhD a dhéanamh. Tá roghanna lánaimseartha agus roghanna páirtaimseartha ann, agus is féidir é a dhéanamh trí réamhfhoilsiú. Thug mé faoin mbealach páirtaimseartha, rud a d’fhág go raibh mé in ann post lánaimseartha a bheith agam agus mé i mbun staidéir. A luaithe atá smaoineamh agat ar thopaic thaighde, smaoinigh ar cé a bheidh mar mhaoirseoir agat. Beidh an duine sin mar mheantóir agat agus agus treoróidh sé nó sí do chuid taighde. Beidh duine de dhíth ort ar féidir leat dea-chaidreamh gairmiúil a bheith agat leis nó léi. Labhair le daoine – cabhróidh siad leat do smaoineamh taighde a fhorbairt.”

Bhuaigh Léachtóirí OT Baile Átha Cliath Gradaim Meán Ceartais Dhlí-Chumann na hÉireann

Tugadh onóir d’Aoife Kelleher, scannánóir clár faisnéise agus cathaoirleach clár na céime BA i gCleachtas Tionscail Scáileáin, agus do Stephanie Costello, a thugann léachtaí san Iriseoireacht, ar baill foirne iad beirt de Scoil na Meán in OT Baile Átha Cliath, as a gcleachtas ag Gradaim Meán Ceartais Dhlí-Chumann na hÉireann, arb iad na gradaim meán is seanbhunaithe in Éirinn iad.

Bhuaigh Aoife, in éineacht le Rachel Lysaght agus Farah Abushwesha ó Underground Films agus ó Rocliffe, comhoibrithe léi, an duais fhoriomlán agus an gradam um Thuairisciú Chearta an Duine/Ceartais Shóisialta (craoladh) as an gclár faisnéise fada dar teideal ‘Testimony’, rud a stiúir agus a chomhscríobh Aoife. In Testimony, tugtar breac-chuntas ar an troid ar son an cheartais a rinne marthanóirí ó Neachtlananna Magdalene agus na hÁrais Máithreacha agus Naíonán in Éirinn. Roghnaíodh an iontráil sin mar an buaiteoir foriomlán as measc 495 iontráil agus as measc 140 iontráil a cuireadh ar an ngearrliosta. Bhuaigh an scannán Gradam Scannán Chearta an Duine de chuid na Comhairle um Chearta an Duine freisin ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath i mí an Mhárta i mbliana.



Bhuaigh Acadóirí OT Baile Átha Cliath Gradam Idirnáisiúnta Leabhar

Bronnadh onóir mhór idirnáisiúnta ar Irish Food History: A Companion, an t-imleabhar mór le rá a ndearna an Dr Máirtín Mac Con Iomaire ó OT Baile Átha Cliath agus an Dr Dorothy Cashman, céimí, comheagarthóireacht air. Ainmníodh an leabhar mar ‘An Ceann is Fearr in Éirinn’ ag 31ú Gradaim Dhomhanda Gourmand do Leabhair Chócaireachta. Is gradam é sin lena dtugtar aitheantas don fhoilseachán bia is tábhachtaí a tháinig as an tír le tríocha bliain anuas. Bronnadh an gradam go foirmiúil in Riyadh, an Araib Shádach, agus an Dr Mac Con Iomaire ag déanamh ionadaíocht don fhoireann eagarthóireachta.





Sáraigh an Fhoghlaim
Go Beyond Learning

DOMHAN

Ár nUaillmhian

Lárionad Cumhachta don Inbhuanaitheacht Bheomhar

- tá sé i gceist againn dul i ngleic leis na dúshláin atá os comhair an domhain agus tionchar dearfach a bheith againn ar an domhan agus ar dhaoine, ag úsáid an oideachais mar uirlis

5. Ceannaireacht Inbhuanaitheachta

Is é uailmhian OT Baile Átha Cliath a bheith ar cheann de na hollscoileanna is inbhuanaithe – agus é ag taispeáint ceannaireacht lena dtugtar aitheantas dár dtiomantas d’fhíorghníomhaíocht a dhéanamh agus lena dtacaítear le OT Baile Átha Cliath teacht chun bheith neodrach ó thaobh carbóin de. Sa chomhthéacs sin, agus mar chuid de bhearta foriomlána faoin bPlean Téarnaimh Airgeadais chun oibríochtaí caipitil agus costais fuinnimh a bhainistiú agus a laghdú go héifeachtúil, forbraíodh an [Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inmharthana ó OT Baile Átha Cliath](#). Tá sé ag teacht leis an gClár Claochlaithe um Champas Inbhuanaithe chun tús áite a thabhairt do phríomhthionscadail agus iad a shlógadh i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh agus le dícharbónú ár n-oibríochtaí, agus leas á bhaint, i gcás gur féidir, as ról na hOllscoile chun réimsí nua oideachais, taighde agus nuálaíochta a fhorbairt.

Rath i Ranguithe Tionchair Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Ollscoileanna

I Ranguithe Tionchair Times Higher Education (THE) 2025, bhí OT Baile Átha Cliath rangaithe sa 100 ollscoil is fearr ar domhan as a rannchuidiú le dhá cheann de 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe (NA) don tríú bliain as a chéile. Is é atá sa chéad áit iontach in Éirinn agus sa 57ú háit ar domhan maidir le ‘Gníomhú ar son na hAeráide’, agus sa chéad áit in Éirinn agus sa 52ú háit ar domhan maidir le ‘Fuinneamh Inacmhainne agus Glan’, ná léiriú ar thiomantas OT Baile Átha Cliath do ghníomhú

práinneach ar son na haeráide a dhéanamh chun neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach ar fud na hOllscoile agus a hoibríochtaí, agus as ár n-iarrachtaí saoránacht dhomhanda fhreagrach a chothú i measc ár ndaoine. Choinnigh OT Baile Átha Cliath a Rangú Tionchair foriomlán sa chatagóir 201-300 is airde.

Athrú á Thógáil

Ba é a bhí in [Athrú á Thógáil](#), tionscadal faoi Cholún 3 de chuid an Tionscnaimh Caipitil Dhaonna, ná comhoibriú idir na seacht n-institiúid ardoideachais a chuireann oideachas gairmiúil ailtireachta ar fáil in Éirinn – OT Baile Átha Cliath, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC)/Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) (Ionad Oideachais Ailtireachta Chorcaí (CCAIE)), Ollscoil Luimnigh (UL), agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU). Aithníodh é ar fud an domhain mar thionscadal uathúil ina bhfuil gach príomh-gheallsealbhóir acadúil agus gairmiúil ag obair le chéile chun claochlú curaclaim a bhaint amach.

Bhí an tionscadal ar siúl ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2025, agus cistiú iomlán €3.9m ann ar fud na gcomhpháirtithe uile ab institiúidí ardoideachais. Le linn an tionscadail, ghlac ~100 oideoir agus ~1,000 mac léinn ar fud na tíre páirt sa churaclam a athdhearadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chriticiúla inbhuanaitheachta. Le linn na tréimhse sin, rinne Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI) an Creat Inniúlachta náisiúnta don Ailtireacht a athscríobh, agus tugadh creidiúint d’ionadaithe do ‘Athrú á Thógáil’ agus d’ionadaithe don Tascfhórsa um Oideachas Ailtireachta

ó OT Baile Átha Cliath as a rannchuidiú. Rinneadh athbhreithniú suntasach ar chlár Baitsiléara Ailtireachta OT Baile Átha Cliath ar aon dul leis an gcreat nua inniúlachta sin agus bailíochtaíodh go himmheánach é i mí na Bealtaine 2025.

Tá ag Éirinn anois líonra marthanach le haghaidh comhoibriú idir na hollscoileanna agus Creat Inniúlachta athbhreithnithe ó RIAI don Ailtireacht atá eagraithe isteach i gcúig réimse, eadhon, Dearadh, Aeráid, Eitic, Teicneolaíocht, agus Cumarsáid trí Dhearadh Ailtireachta. Is oidhreachtaí tábhachtacha ón tionscadal iad sin. Mar sin féin, is ar an gcéad ghlúin eile d’ailtirí gairmiúla atá ag teacht amach as a gcuid staidéir mar cheannairí inbhuanaitheachta, agus iad in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin láithreacha aeráide agus tithíochta ár linne,

I dtreo Campas Ollscoile Inbhuanaithe

Sa bhliain 2024, sheol OT Baile Átha Cliath [‘I dtreo Campas Ollscoile Inbhuanaithe](#), mórthionscadal straitéiseach arna chistiú ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO). Is é atá ann ná tionscnamh trí bliana atá deartha chun claochlú eastáit na hOllscoile ina dtimpeallacht champais atá sonraibhunaithe, atá tíosach ar fhuinneamh agus atá cumasaithe ó thaobh cúrsaí digiteacha de a thriail ar bhonn piolótach i dtrí fhoirgneamh. Cuid dhilis den tionscnamh is ea dea-chleachtas a thaispeáint maidir le digitíú foirgneamh, maidir le faireachán oibríochtúil, tuairisciú agus barrfheabhsú, agus maidir le forbairt na timpeallachta digití chun tacú le nuálaíocht saotharlainne beo ar an gcampas.

Déanann sé amhlaidh trí Chórais Bainistíochta Foirgneamh a uasghrádú, trí bhraiteoirí a mhapáil agus a chomhtháthú, trí Shamhlacha Faisnéise Foirgneamh agus Samhlacha Fisice Foirgneamh a fhorbairt, agus trí na sonraí foirgnimh, fuinnimh, compoird agus áitíochta go léir a chomhdhlúthú isteach san aon Ardán Bainistíochta Sonraí amháin. Agus deaiseanna agus leathchúplaí digiteacha ar fáil ó Chóras Bainistíochta Saoráidí, cuirfear feabhas ar bhainistiú ár sonraí agus ár bpróiseas, agus soláthrófar creat chun faisnéis a chomhroinnt le haghaidh tionscadail a thacaíonn lenár

gcuid teagaisc, taighde agus pobal, chun spriocanna um ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach suas go dtí an bhliain 2050.

De réir mar a rachaidh an tionscadal ar aghaidh, soláthróidh an tionscnamh conairí láidre do OT Baile Átha Cliath chuig dícharbónú, chuig barrfheabhsú spáis, agus chuig pleanáil infheistíochta amach anseo, rud a chabhróidh leis an Ollscoil an digitíú agus uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú ar fud a punainne iomláine foirgneamh.

5.1 An Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide

I mí Dheireadh Fómhair 2025, d’fhoilsigh OT Baile Átha Cliath leagan 4 den [Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide](#) uaidh. Leagtar amach sa treochlár freagairt na hOllscoile dár dtionchar comhshaoil a laghdú, dár gcuid eolais agus scileanna a mhéadú agus do réitigh a fhorbairt le haghaidh an t-athrú aeráide a mhaolú. Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do theacht chun bheith dícharbónaithe go hiomlán ar fud astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 faoin mbliain 2040. Ón mbliain 2006 i leith, i dteannta gach comhlachta phoiblí in Éirinn, tá OT Baile Átha Cliath ag rannchuidiú sonraí le hardán Faireacháin agus Tuairiscithe Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (Tuairisciú agus Faireachán SEAI). Is uirlis í sin a n-úsáideann an Ollscoil í chun a méadrachtaí bonnlíne a shainithint le haghaidh astaíochtaí carbóin agus le haghaidh éifeachtúlachta fuinnimh araon. Tugtar le fios san uirlis Faireacháin agus Tuairiscithe de chuid SEAI gurbh ionann na meán-astaíochtaí thar an tréimhse bonnlíne gás ceaptha teasa agus 10,086 tCO₂. Fágann sé sin gurb ionann agus 3,281 tCO₂ na hastaíochtaí uasta nach mór do OT Baile Átha Cliath oibriú faoina mbun sa bhliain 2030. B’ionann na hastaíochtaí iomlána iarbhair a bhain le fuinneamh a taifeadadh sa bhliain 2024 agus 8,219 tCO₂. Leagtar amach sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ó OT Baile Átha Cliath conairí chun gáis ceaptha teasa a laghdú agus chun éifeachtúlachta fuinnimh a fheabhsú, mar aon le bearta eile chun a spriocanna do na blianta 2030 agus 2050 a bhaint amach. A bhuí le rannpháirtíocht chuí, le hoiliúint chuí agus le hinfheistíocht chuí, laghdóidh an Ollscoil a tionchar comhshaoil go tapa ar aon dul le beartas an rialtais agus le huailmhianta na hOllscoile.

Bronnadh Gradam Ardmholta ar an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ó OT Baile Átha Cliath faoin gcatagóir ‘Tuairisciú le Tionchar’ [nGradaim Gúna Ghlais EAUC, 2025](#), rud lena dtugtar aitheantas do Shármhaitheas Inbhuanaitheachta in Ollscoileanna. Mhol na moltóirí an cuspóir soiléir agus an treo soiléir sa tuarascáil agus an t-ailíniú láidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na hÉireann. Mhol siad freisin an comhtháthú isteach i struchtúir rialachais agus pleanáil straitéiseach san Ollscoil.

Bronnadh an Marc Airgid Taistil Níos Cliste ar OT Baile Átha Cliath freisin ar fud na gcúig champas go léir atá aige i mBaile Átha Cliath. Is aitheantas é sin do thiomantas láidir na hollscoile do thaisteal gníomhach agus inbhuanaithe a chur chun cinn i measc na mball foirne, na mac léinn, agus na gcuariteoirí. Bhronn an tÚdarás Náisiúnta lompair an gradam sin agus tá sé ina léiriú ar na hiarrachtaí leantacha a dhéanann OT Baile Átha Cliath an spleáchas ar charranna a laghdú agus astaíochtaí carbóin a ísliú.



Mac léinn de chuid Athrú á Thógáil agus í ag cur i láthair ag an Seó Deireadh Bliana

5.2 Oideachas agus Oiliúint Inbhuanaitheachta

Tá sé mar aidhm ag an Ollscoil ‘Saoránaigh Dhomhanda Fhreagracha’ a chruthú, arb é atá iontu ná glúin nua céimithe a stiúrfaidh an clár oibre inbhuanaitheachta le díograis agus le cuspóir. Sa bhliain 2025, d’fhreastail breis agus 9,000 rannpháirtí ar bhreis agus 100 imeacht inbhuanaitheachta, le tacaíocht ó chistiú seachtrach. Sa bhliain 2025, sholáthair an Fhoireann Oideachais Inbhuanaitheachta 31 cheann de cheardlanna/de láithreoirachtaí do 916 oideoir. Cuireadh foireann OT Baile Átha Cliath ar an ngearrliosta le haghaidh cúig cinn de Ghradaim iomráiteacha Gúna Ghlais de chuid EAUC. Bhuaigh sí an chéad áit in dhá chatagóir, agus tugadh ardmholadh di in dhá chatagóir eile. Ba mhó an líon sin ná an líon a ghnóthaigh aon Ollscoil eile sa Ríocht Aontaithe nó in Éirinn. Ar aon dul leis an Sainordú Earnála Poiblí, is amhlaidh, ó mhí an Mhárta 2024 i leith, atá Oiliúint Ceannaireachta Aeráide críochnaithe ag 257 mball foirne. Is ionann é sin agus ráta críochnaithe 89%.

Chuir OT Baile Átha Cliath an Suaitheantas Digiteach um Oideachas a Chur ar son na hInbhuanaitheachta i bhfeidhm an athuir sa bhliain 2025 i gcomhpháirt le ATU, le SETU agus leis an ÚAO. Ghlac 300 ball foirne ar fud na hÉireann páirt ann, lenar áiríodh 60 ball foirne ón earnáil Breisoideachais. Tá an Suaitheantas Digiteach sin críochnaithe anois ag breis agus 100 ball foirne acadúil ó OT Baile Átha Cliath.

Tugadh aitheantas don dea-obair sin ar fad in Oideachas Inbhuanaitheachta nuair a rangaíodh OT Baile Átha Cliath sa chéad áit san Eoraip maidir le hinbhuanaitheacht san Ardoideachas (rátáil Óir AASHE STARS®).



An tIonduchtú Inbhuanaitheachta, 2025

Bhí an inbhuanaitheacht chun tosaigh sa tseachtain ionduchtaithe in OT Baile Átha Cliath, ar lena linn a ghlac 6,000 mac léinn nua in OT Baile Átha Cliath páirt i gclár gníomhaíochta tosaigh um inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide. Mar chuid dá n-ionduchtú, ghlac mic léinn páirt i gceardlanna idirghníomhacha inbhuanaitheachta agus tugadh cuireadh dóibh chun suirbhé a dhéanamh ar a gcuid eolais ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna).

As an 3,000 mac léinn a ndearnadh suirbhé orthu, chuir níos mó ná 70% díobh in iúl go ndearna siad gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht shóisialta agus/nó ar inbhuanaitheacht comhshaoil sna cúig bliana atá imithe thart. Ag féachaint chun cinn, is mian le 32% de na mic léinn caidreamh a dhéanamh le clubanna agus cumainn OT Baile Átha Cliath maidir le hinbhuanaitheacht, agus cuireadh spéis shuntasach in iúl freisin i bhfoghlaim thionscadalbhunaithe le mic léinn eile (22%), i bhfreastal ar imeachtaí (21%), agus in inbhuanaitheacht a chomhtháthú ar fud na n-ábhar uile (21%). Dúirt níos mó ná leath na mac léinn a ndearnadh suirbhé orthu (54%) gur chuala siad faoi na Spriocanna Forbartha.

Le linn na seachtaine ionduchtaithe, tugadh cuireadh do mhic léinn freisin chun freastal ar shraith Dúshlán Inbhuanaitheachta agus Gníomhaithe ar son na hAeráide sna cúig shuíomh campais uile.

Inbhuanaitheacht - Feidhmíocht agus éachtaí

Ó thabhairt isteach an chéad leagain den [Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ó OT Baile Átha Cliath \(2023\)](#) i leith, rinne OT Baile Átha Cliath:

- Páirt a thabhairt do bhreis agus 26,000 duine, a bheag nó a mhór, i ngníomhaíochtaí inbhuanaitheachta.
- €7 milliún breise i gcistiú seachtrach aeráide agus inbhuanaitheachta a fháil.
- 388 n-imeacht inbhuanaitheachta a chur ar siúl, ar lena linn a chuir 3,586 bhall foirne oiliúint in Oideachas Inbhuanaitheachta i gcrích.
- Deimhniú ISO 50001 a bhaint amach ar fud na gcampas uile.
- Aistriú chuig córais téimh ceantair in-athnuaite ar champas Thamhlachta, ar champas Ghráinseach Ghormáin, agus ar champas Bhaile Bhlaínseir.
- Tionscadail iarfheistithe dhomhain a chur chun feidhme, lenar áiríodh Áras Fios i mBaile Bhlaínseir.
- Giniúint fuinnimh in-athnuaite ar an láithreán (e.g., grianphainéil fhótavoltacha) a leathnú.
- Gráinneacht sonraí fuinnimh a fheabhsú trí fhomhéadrú agus trí bhonneagar cliste.

- Leanúint le dul chun cinn a dhéanamh maidir le héifeachtúlachtaí oibríochtúla, le malartú breosla, agus le barrfheabhsú spáis.
- 12 Dheimhniú My Green Lab a thuilleamh.
- Rangú sa chéad áit in Éirinn a ghnóthú maidir le SDG 13 (Gníomhú ar son na hAeráide) agus le SDG 7 (Fuinneamh Inacmhainne agus Glan) i Ranguithe Tionchair Times Higher Education (THE).
- An chéad Ionad um Inbhuanaitheacht ar fud an Churaclaim san Eoraip atá creidiúnaithe ag an gCumann um Chur Chun Cinn na hInbhuanaitheachta san Ardoideachas (AASHE) a fháil.
- Rangú sa chéad áit san Eoraip a ghnóthú maidir le hinbhuanaitheacht san Ardoideachas (rátáil Óir AASHE STARS®).
- Deimhniú Campais Shláintiúil Platanaim a fháil ón gCónaidhm Idirnáisiúnta Spóirt Ollscoile (FISU).
- Creidiúnú Bhrat Glas An Taisce a choinneáil ar fud na gcampas uile.
- Marc Airgid a bhaint amach i Marc Taistil Níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair ar fud na gcampas uile.

Tionscnamh athdháilte bia atá faoi stiúir mac léinn is ea Pantrach Bhia OT Baile Átha Cliath. Téann sé i ngleic le dramhaíl bhia agus le hocras mac léinn ar champais na hÉireann. Bailíonn sé bia barrachais ó FoodCloud (athdháileoir bia barrachais) agus athdháileann sé é ar mhic léinn a bhfuil éiginnteacht bhia rompu. Mar thoradh ar an tionscadal, sábháladh breis agus 2,000 kg de bhia, cuireadh cosc ar níos mó ná 3,200 kg d’astaíochtaí CO₂, agus tacaíodh le breis agus 1,000 mac léinn trí bhéilí cothaitheacha inacmhainne a thabhairt dóibh. Rinneadh an méid sin ar fad i níos lú ná bliain. Agus é tógtha ar shamhail comhoibrithe agus rannpháirtíochta, tugann an Phantrach Bhia mic léinn, baill foirne agus comhpháirtithe amhail FoodCloud agus Cumann Mac Léinn Naomh Uinseann de Pól le chéile trí obair dheonach, trí fheachtais feasachta, agus trí imeachtaí pobail. Tá aip shaincheaptha á forbairt chun lóistíocht a chuíchóiriú agus chun inrochtaineacht a fheabhsú. Spreagann an Phantrach Bhia cultúr inbhuanaitheachta ón mbonn aníos, rud a chruthaíonn go dtosaíonn fíor-athruithe le mic léinn chumhachtaithe. Mar gheall ar an tsamhail inscálaithe atá aici, is treoirphlean é le haghaidh nuálaíocht ghlas agus tionchar sóisialta atá faoi stiúir mac léinn ar fud institiúidí ardoideachais.



6 Taighde agus Nuálaíocht

In OT Baile Átha Cliath, tá taighde agus nuálaíocht mar chuid lárnach dár misean chun sármhaitheas acadúil a chomhcheangal le tionchar fíorshaoil. Leanann an Ollscoil le taighde a aistriú ina thorthaí inbhraite a thacaíonn le forbairt réigiúnach, le tosaíochtaí náisiúnta agus le dul chun cinn domhanda, agus sinn ag obair lenár gcomhpháirtithe chun eolas a ghiniúint agus a úsáid chun réitigh a sholáthar ar fhadhbanna comhaimseartha, agus maidir le haistrithe aeráide, comhshaoil agus digiteacha.

6.1 Gníomhaíocht Taighde

Leagtar spriocanna uailmhianacha amach sa [Straitéis Taighde agus Nuálaíochta 2023-2028](#) ón Ollscoil chun méid agus tionchar na hoibre taighde agus forbartha a mhéadú. Sa bhliain 2025, rinne OT Baile Átha Cliath dul chun cinn suntasach i gcomparáid lena chuspóirí taighde. Áiríodh leis sin:

- Tháinig méadú ar an gcéatadán de bhaill foirne a bhfuil cáilíochtaí PhD acu go 48.4%. Is é an sprioc atá againn 50% a bhaint amach faoin mbliain 2028.
- Tháinig méadú ar an gcéatadán de bhaill foirne a sainaitníodh mar bhaill foirne atá gníomhach i dtaighde go 19.5% (i gcomparáid le 18.2% sa bhliain roimhe). Is é an sprioc atá againn 23% a bhaint amach faoin mbliain 2028.
- Ba é 693 mhac léinn an líon mac léinn taighde, figiúr a bhí níos airde ná an sprioc a leagadh síos (658 mac léinn taighde). B'ionann mic léinn taighde iarchéime mar chéatadán de mhic léinn L8-L10 (critéar de réir Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta) agus 4%. Is é an sprioc atá againn 5% a bhaint amach faoin mbliain 2028.
- D'éirigh le OT Baile Átha Cliath breis agus €38 milliún i gcistiú taighde agus nuálaíochta a fháil sa bhliain 2025. Ba mhó an figiúr sin ná na garspriocanna gearrthéarmacha cistiúcháin straitéisigh.

Tá dea-dhul chun cinn á dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh Taighde agus Nuálaíochta 2023-28. Go háirithe, cuireadh raon leathan tacaí nua i bhfeidhm don phobal taighde agus forbartha. Áirítear leo sin, mar shampla: próiseas nua le haghaidh ceadú eiteice; [Creat Rannpháirtíochta Taighde](#) agus tacaí; [Creat Tionchair Taighde](#) agus tacaí; foireann aonaid tacaíochta [Taighde Oscailte](#); agus cur chun feidhme an chórais Pure (an córas faisnéise taighde).

Baill foirne acadúla a bhfuil cáilíochtaí dochtúireachta acu

Baineann sprioc thábhachtach inár bPlean Straitéiseach le méadú a dhéanamh ar an gcéatadán de bhaill foirne a bhfuil dochtúireachtaí acu, mar atá sonraithe in Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018. Tríd an gcéatadán de bhaill foirne atá cáilithe ar leibhéal dochtúireachta a mhéadú, neartaítear cumas taighde agus próifil acadúil na hOllscoile. Le hoiliúint dochtúireachta, tugtar ardscileanna taighde, taithí ar chistiú iomaíoch a fháil, agus an cumas chun maoirseacht a dhéanamh ar thaighde iarchéime go dtí go gcuirtear chun críche é don fhoireann. Má bhíonn líon níos airde acadóirí a bhfuil cáilíocht PhD acu ann, cuirtear feabhas freisin ar dhoimhneacht an churaclaim, rud a chinntíonn go bhfuil an teagasc bunaithe ar an scoláireacht reatha agus ar fhiosrúchán atá ábhartha don tionscal. Cuireann OT Baile Átha Cliath tacaí éagsúla ar fáil do bhaill foirne ar mian leo tabhairt faoi staidéar dochtúireachta agus, sa bhliain 2025, bhí cáilíocht dochtúireachta ag 48.4% de bhaill foirne acadúla lánaimseartha. Mhéadaigh an Ollscoil freisin líon agus éagsúlacht ár gcóhóirt taighdeoirí iardhochtúireachta agus taighdeoirí gairme, ag tacú leo taighde den scoth a bhfuil tionchar aige a dhéanamh agus scileanna gairmiúla éagsúla a fhorbairt ag an am céanna trí chlár saincheaptha forbartha gairme.

Baill Foirne atá Gníomhach i dTaighde

Tá an ollscoil ag leathnú agus ag feabhsú na dtacaí a chuireann sí ar fáil dá pobal taighdeoirí agus nuálaithe faoi láthair chun an líon ball foirne acadúil atá i mbun taighde agus nuálaíochta a mhéadú. Is é is ball foirne atá gníomhach i dtaighde ann ná ball foirne a bhfuil sé follasach go bhfuil sé/sí i mbun gníomhaíocht leanúnach taighde. Áirítear leis sin aschuir thaighde a ndearnadh piarmheasúnú orthu nó a scaipeadh go poiblí a tháirgeadh go tráthrialta laistigh de thréimhse ar leith anuas (sna cúig bliana is déanaí), rannpháirtíocht i dtionscadail taighde a chistítear go seachtrach, agus/ nó maoirseacht a dhéanamh ar mhic léinn taighde iarchéime. Cuireann baill foirne atá gníomhach i dtaighde le cultúr taighde na hOllscoile trí scoláireacht, trí chomhoibriú, agus trí mhalartú eolais, agus a n-aschuir agus a ngníomhaíocht á dtaifeadh trí chórais taighde institiúideacha. Sa bhliain 2025, tháinig méadú ar an gcéatadán de bhaill foirne a sainaitníodh mar bhaill foirne atá gníomhach i dtaighde go 19.5%.

Chun sármhaitheas agus tionchar ár ngníomhaíochta taighde agus nuálaíochta a dhírú agus a mhéadú araon, bhunaigh an Ollscoil tacar tosaíochtaí taighde chun an dua a chomhtháthú ar bhealach trasdisciplíneach agus chun tacú lenár gcuspóirí straitéiseacha. Is iad seo a leanas réimsí tosaíochta taighde OT Baile Átha Cliath:

- Sláinte agus Folláine do Shochaí Rathúil
- Réitigh Dhigiteacha Chlaohclaitheacha

- Córais Bhia Inbhuanaithe agus Cosaint an Chomhshaoil
- Ábhair agus Teicneolaíochtaí le haghaidh Claohlú Inbhuanaithe
- Cultúr, Nuálaíocht agus Cuimsitheacht i Sochaí a Bhíonn ag Athrú

Laistigh de gach réimse tosaíochta, tagann taighdeoirí ó dhisciplíní difriúla le chéile trí ionaid taighde théamaigh, trí bhraislí agus trí thionscadail chistithe, rud a éascaíonn cineálacha idirdhisciplíneacha cur chuige i leith dúshláin choiteanna. Leis an struchtúr sin, tacaítear le comhordú saineolais, le hiarratais ar chomhchistiú, le maoirseacht dochtúireachta, agus le rannpháirtíocht sheachtrach, rud a chinntíonn go bhforbraítear láidreachtaí taighde ar mhórsála, agus ní ar leithligh.

Tá sé ríthábhachtach cistiú taighde a fháil – lena n-áirítear tacaíocht do thaighde MPhil agus do thaighde dochtúireachta – chun an líon ball foirne atá gníomhach i dtaighde a mhéadú toisc go soláthraítear leis sin an t-am, na hacmhainní agus an timpeallacht taighde a theastaíonn le haghaidh gníomhaíocht scolártha mharthanach.

Tá an tOllamh Nissreen Abu-Ghannam ar dhuine de phríomh-imscrúdaitheoirí taighde OT Baile Átha Cliath. Dirítear ina taighde ar na nithe seo a leanas:

- Coipeadh próibhitheach táirgí plandabhunaithe chun bianna feidhmiúla nuálacha a fhorbairt.
- Teicneolaíochtaí bithphróiseála lena mbaintear comhdhúile nútraiceodacha agus cógaisíochta as sruthanna dramhaíola agraibhia.
- Teicneolaíochtaí núíosacha próiseála a fhorbairt chun acmhainneacht nútraiceodach cineálacha feamainne a scaoileadh agus a fheabhsú.

Sa bhliain 2025, ainmníodh an tOllamh Abu-Ghannam arís eile i measc an 2% is fearr d'eolaithe an domhain sna ranguithe bliantúla a chuir Ollscoil Stanford le chéile. Bhí comhghleacaithe ó Scoil na hEolaíochta Bia agus na Sláinte Comhshaoil in éineacht léi: [An Dr Amit K. Jaiswal](#), [an Dr Swarna Jaiswal](#) agus [an Dr Shiv Shankar](#).

Tá bród ar OT Baile Átha Cliath an t-aitheantas measúil sin a bhí tuillte go maith acu a cheiliúradh as a rannchuidiú den scoth agus leanúnach le sármhaitheas taighde.



Cistiú Taighde

Chun a huailmhianta taighde a chur ar aghaidh, chuir an Ollscoil dlús leis an bpáirt a ghlacann taighdeoirí agus nuálaithe i gcomhoibrithe a chistítear trí Fhís Eorpach agus i gcláir eile a gcistíonn an Coimisiún Eorpach iad. Mhéadaigh an Ollscoil a cistiú taighde go mór sa bhliain 2025 i gcomparáid le blianta roimhe sin. Sa bhliain 2025, d'éirigh le OT Baile Átha Cliath breis agus €38 milliún i gcistiú taighde agus nuálaíochta a fháil, rud a thacaigh le fionnachtain, le comhoibriú idirnáisiúnta, le cláir shuaitheanta, agus le gníomhaíochtaí tionchair fheidhmigh ar fud a phunainne taighde. Ba mhéadú mór é sin agus cuireadh in iúl ina athbhreithniú deireadh bliana ar thaighde agus ar nuálaíocht gur phríomhéacht é. Tugtar miondealú ar dhámhachtainí taighde de réir an mhaoinitheora sa tábla seo a leanas.

Tábla 5: Cistiú Taighde de réir Foinse - 2025

Maoinitheoir	€'000
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	124
Fiontraíocht Éireann	2,311
Coimisiún an Aontais Eorpaigh	2,574
Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais	2,667
An Bord Taighde Sláinte	6
An Earnáil Tionsclaíochta	291
Daonchairdeas/ Carthanacht	1,246
Taighde Éireann	28,957
Eile	95
Iomlán	38,271

* Ní áirítear leis tacaíocht cistiúcháin inmheánaigh

I measc na ndámhachtainí sonracha, dámhadh €25 mhilliún do OT Baile Átha Cliath chun tacú le costais dhíreacha An Mol Luathaithe Taighde go Tráchtálú do Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, rud atá ina infheistíocht shuntasach a bhfuil mar aidhm léi tráchtálú taighde agus comhpháirtíochtaí nuálaíochta a bhrú chun cinn.

Chomh maith leis sin, fuair an Ollscoil dámhachtainí éagsúla cistiúcháin taighde ó go leor comhpháirtithe náisiúnta, Eorpacha agus cláir. Áiríodh iad seo a leanas leo sin:

- Cistiú taighde ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil — fuair taighdeoirí OT Baile Átha Cliath

thart ar €1.3 milliún le chéile faoi ghlaio iomaíoch taighde na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil chun tacú le tionscadail maidir le cáilíocht an aeir, le bithábhair inbhuanaithe, agus le dúshláin ghaolmhara chomhshaoil.

- Cláir an Aontais Eorpaigh agus Fís — rannpháirtíocht i líonraí agus comhoibrithe fadtéarmacha taighde AE (e.g., tionscadail Marie Skłodowska Curie agus Fís a chuireann le tacaíocht taighde ildisciplínigh agus le socrúcháin PhD).

I dteannta dámhachtainí taighde náisiúnta agus AE eile, rannchuidigh na foinsí sin le méadú foriomlán ar chistiú taighde OT Baile Átha Cliath sa bhliain 2025, rud a thacaigh le tionscadail ar fud na réimsí seo a leanas: an comhshaoil; cúrsaí digiteacha; an t-oideachas STEM; an nuálaíocht go fiontraíocht; agus rannpháirtíocht an phobail.

Sa bhliain 2025, lean an Ollscoil le leas a bhaint as a dámhachtain €13.6 milliún i leith ATNTF (Aimpliú Taighde agus Nuálaíochta arna Tacú le Fiontar), rud a fuarthas sa bhliain 2024 agus atá á chomhchistiú ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Mar thoradh ar an gclár, neartaíodh an acmhainn tacaíochta taighde agus bunaíodh cúig fhoireann rannpháirtíochta fiontar chun comhoibrithe nua a chothú idir taighdeoirí OT Baile Átha Cliath agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ar fud réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Táthar ag tosú ar thionchar na n-infheistíochtaí sin a fheiceáil ar fud na hOllscoile.


Mic Léinn Taighde Iarchéime

Sa bhliain 2025, d’fheidhmigh OT Baile Átha Cliath níos fearr ná a sprioc fáis do mhic léinn iarchéime, rud a léiríonn díriú marthanach na hOllscoile ar thaighde agus ar ardstaidéar. Leanann an líon mac léinn taighde iarchéime ar aghaidh ag fás. Bhí fás láidir ar ár gcláir MPhil agus ar ár gcláir Dhochtúireachta araon, mar gheall ar leathnú na n-ionad taighde, ar thionscnaimh cistiúcháin spriocdhírithe, agus ar chomhpháirtíochtaí neartaithe tionscail agus pobail. Ní hé amháin go bhfeabhsaíonn an méadú sin acmhainn taighde OT Baile Átha Cliath trí chohórt níos mó mac léinn atá gníomhach i dtaighde a chur ar fáil ach cuireann sé freisin le forbairt timpeallachta acadúla beoga idirdhisciplíní ina nglacann mic léinn iarchéime páirt ghníomhach i dtionscadail chomhoibriúcha, i malartú eolais, agus i ngníomhaíochtaí nuálaíochta ar fud chúig réimse tosaíochta taighde na hOllscoile. D’fhan cóimheas na mac léinn taighde iarchéime mar chéatadán de mhic léinn L8–L10 seasmhach den chuid is mó ag 4%.

Tá miondealú ar mhic léinn iarchéime de réir réimse staidéir ar fáil i bhFíor 4. Tá mic léinn taighde scaipthe ar fud raon leathan disciplíní, rud a léiríonn láidreachtaí éagsúla taighde na hOllscoile. Tá an sciar is mó de mhic léinn taighde sna hEolaíochtaí (34%), rud a léiríonn gníomhaíocht láidir i bhfionnachtain eolaíoch agus i dtaighde feidhmeach. Is í an innealtóireacht (21%) an dara réimse is mó, rud a léiríonn díriú leantach na hOllscoile ar fhorbairt teicneolaíochta agus ar nuálaíocht atá ábhartha don tionscal.

Comhlánaítear é sin le rannpháirtíocht shuntasach i réimsí an Ghnó (17%) agus an TFC (14%), atá ag teacht go dlúth le comhoibriú le fiontair agus leis an gclaochlú digiteach. Cuireann na hEalaíona agus na Daonnachtaí (10%) go mór leis an tírdhreach taighde freisin, agus tá na hEolaíochtaí Sóisialta (4%) ina gcuid níos lú agus luachmhar den phobal taighde. Le chéile, léirítear sa dáileadh sin timpeallacht taighde chothroim agus ildisciplínigh OT Baile Átha Cliath, mar a bhfuil ionadaíocht láidir i réimsí STEM mar aon le rannpháirtíocht mhéadaitheach i réimse an taighde gnó, i réimse an taighde chruthaithigh, agus i réimse an taighde shochaíoch.

Fíor 4. Mic Léinn Iarchéime de réir Réimse Staidéir, 2024/25





Foilsithe in Nature Mental Health

Léachtóir de chuid OT Baile Átha Cliath mar chomhúdar ar thaighde ceannródaíoch ar an dúlagar a foilsíodh in Nature Mental Health

Mórstaidéar idirnáisiúnta nua, a raibh an Dr Therese Murphy, Léachtóir i nDiagnóisic Mhóilíneach agus Bithfhaisnéisíocht i Scoil na nEolaíochtaí Bitheolaíocha, Sláinte agus Spóirt in OT Baile Átha Cliath, mar chomhúdar air, tá dul chun cinn tábhachtach déanta aige maidir le tuiscint a fháil ar na tosca bitheolaíocha a bhaineann le mórdhúlagar, atá ar cheann de na príomhchúiseanna le drochshláinte ar fud an domhain.

Tugtar fianaise láidir sa staidéar ceannródaíoch sin go bhfuil baint ag athruithe ar mheitiliú DNA le dúlagar. Tugtar léargais nua ann ar an gcaoi a bhforbraíonn an riocht agus tarraingítear aird ann ar ról an chórais imdhíonachta.

Léigh an t-alt iomlán in [Nature Mental Health](#).



Dámhachtain Taighde €650k

Dámhadh breis agus €650k do thaighdeoir OT Baile Átha Cliath as teicneolaíocht cheannródaíoch diagnóisice ailse

Sa bhliain 2025, fuair taighdeoirí de chuid OT Baile Átha Cliath breis agus €650k chun teicneolaíocht nuálach diagnóisice ailse a fhorbairt faoi [Chlár Conaire Thaighde Éireann](#), ar clár measúil é.

Sa taighde, atá faoi stiúir ag an **Dr Anand V.R.**, comhalta taighde iardhochtúireachta leis an Ollscoil, cuirfear dhá ardteicneolaíocht sholasbhunaithe le chéile, eadhon, braiteoireacht modha gailearaí cogarnaí (WGM) agus scaipeadh Raman dromchla-fheabhsaithe (SERS), chun uirlis nua chumhachtach a fhorbairt le haghaidh ailse a bhrath. Ní bheidh lipéid cheimiceacha ag teastáil ón gcóras nua sin agus beidh sé an-íogair, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann comharthaí tábhachtacha ailse sa chorp a bhrath go tapa agus go cruinn, fiú i méideanna an-bheag.

Tá an tionscadal lonnaithe in Ionad Taighde Fótónaice OT Baile Átha Cliath, agus bainfidh sé tairbhe as saoráidí úrscothacha an Ionaid, lena n-áireofar 90 m² de spás speisialaithe saotharlainne agus timpeallacht taighde ildisciplínigh.



An 100 Bean is Fearr sa Teicneolaíocht

D'aithin **The Business Post** an **Dr Dympna O'Sullivan** mar dhuine den **100 Bean is Fearr sa Teicneolaíocht 2025** in Éirinn. Bhí sí ar an Treoraí roimhe seo ag an Mol Taighde um an Todhchaí Dhigiteach agus tá sí ar an Leas-Uachtarán um Thaighde agus Nuálaíocht in

OT Baile Átha Cliath faoi láthair. Dírítear in obair an Dr O'Sullivan, atá á déanamh i gcomhar le comhghleacaithe in OT Baile Átha Cliath agus in NetwellCASALA, ar theicneolaíochtaí cúnta a fhorbairt do dhaoine a bhfuil laguithe cognaíocha aoischoibhneasa orthu, lena n-áirítear néaltrú.

Tá Dympna ina saineolaí aitheanta ar mhodhanna taighde thrasdisciplínigh, agus tacaíonn sí go mór le rannpháirtíocht othar agus pobail, agus í i bhfách le cineálacha comhoibríochta cur chuige lena dtugtar páirt do gheallsealbhóirí sochaíocha ar fud an phróisis taighde. Chomh maith leis sin, tá sí ina rannpháirtí gníomhach leis an dioscúrsa poiblí ar an intleacht shaorga agus ar an glaochlú digiteach, agus í ag rannchuidiú leis ar fud na meán náisiúnta agus idirnáisiúnta teilifíse, raidió agus clóite.



An Mol Luathaithe Taighde go Tráchtálú do Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide gur fiú €32m

Tráchtálú taighde san ARC Hub for ICT

Sa bhliain 2025, fuarthas infheistíocht iomlán ab fhiú €32 mhilliún chun An Mol Luathaithe Taighde go Tráchtálú do TFC a bhunú agus a óstáil, rud a bheidh faoi stiúir ag an Ollamh Sarah Jane Delany ó OT Baile Átha Cliath (an dara duine ó chlé sa ghrianghraf).

Beidh an tOllamh Delany i gceannas ar iarrachtaí a bhfuil mar aidhm leo dlús a chur le taighde i bpríomhréimsí teicneolaíochta amhail an intleacht shaorga, an bhainistíocht sonraí, an teicneolaíocht cúram sláinte, an t-oideachas, an bonneagar, agus an inbhuanaitheacht.

Trí chomhoibriú a chothú idir príomhinstitiúidí acadúla, comhpháirtithe tionscail, agus fiontraithe, neartóidh an Mol staid na hÉireann mar cheannaire sa nuálaíocht taighdebhunaithe.



Buaiteoir Phríomhdhuais €1m an Chiste Dúshlán Náisiúnta

Bronnadh an phríomhdhuais €1 mhilliún ar an tionscadal [GroSafe](#) de chuid OT Baile Átha Cliath faoin [gCiste Dúshlán Náisiúnta – OurTech](#). Is tionscnamh de chuid Thaighde Éireann é sin a fhaigheann tacaíocht ó Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais Eorpaigh.

Is ardán teicneolaíochtchumasaithe cumhdaigh é GroSafe. Tá sé deartha chun cabhrú le leanaí mealltóireacht a aithint go luath, a bheith ar an eolas faoi cad ba cheart dóibh a dhéanamh, agus a bheith ar a suaimhneas agus iad ag labhairt amach. Murab ionann agus aipeanna statacha nó cláir aonuaire, tá GroSafe tógtha mar chóras beo. Bíonn sé ag teacht chun cinn i gcónaí, agus é ag foghlaim ó thuairiscí anaithnidithe, ó eispéiris fíorshaoil agus ó ionchur gairmithe cumhdaigh chun a chinntiú go mbíonn sé ábhartha i gcónaí de réir mar a athraíonn bagairtí. Tá GroSafe ar cheann de na nuálaíochtaí cumhdaigh leanaí is mó a bhfuil gealladh fúthu in Éirinn faoi láthair. Chabhraigh níos mó ná 600 duine óg le gnéithe den ardán a chomhchruthú, lena n-áirítear a chluiche foghlama idirghníomhaí.

An Dr Christina Thorpe, OT Baile Átha Cliath (an chéad duine ar chlé), agus í i láthair ag fógairt an ghradaim.

Tá GroSafe faoi stiúir ag an Dr Christina Thorpe agus ag an Dr Matt Bowden in OT Baile Átha Cliath, agus iad ag obair i ndlúthchomhar le Fiona Jennings ó Chumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPPC).

6.2 Aistriú Eolais agus Gníomhaíocht Fiontraíochta

Tá OT Baile Átha Cliath ar cheann de na hollscoileanna teicneolaíochta is gníomhaí maidir le haistriú eolais, agus díriú láidir á leagan aige ar thaighde feidhmeach agus ar chomhoibriú le fiontair bheaga agus mheánmhéide. Is é an aidhm atá againn leas a bhaint as ról ceannaireachta OT Baile Átha Cliath san aistriú eolais agus i ngníomhaíocht fiontar, agus spriocanna sonracha ann chun an líon ceadúnas a dheonaítear agus an líon mac-chuideachtaí a chruthaítear a mhéadú, agus chun an líon fiontraithe a dtacaítear leo gach bliain trí chláir forbartha fiontar na hOllscoile a mhéadú. Faoi mbliain 2028, is í an sprioc atá againn a bheith i measc na dtrí chomhlacht is fearr sa tír ó thaobh an lín ceadúnas a dheonaítear agus an lín mac-chuideachtaí a chruthaítear, agus ó thaobh an lín fiontraithe a dtacaítear leo gach bliain trínár gcláir forbartha fiontar.

Aistriú Eolais

Sa bhliain 2025, lean OT Baile Átha Cliath ar aghaidh ag feidhmiú go láidir maidir le haistriú eolais.

Maidir leis an líon comhaontuithe ceadúnais a cuireadh i ngníomh, bhain OT Baile Átha Cliath 80% dá sprioc bhliantúil amach (baineadh 12 cheann amach, ach ba í an sprioc go mbainfí 15 cinn amach). Chomh maith leis sin, shínigh OT Baile Átha Cliath ceadúnas le Roinn Bonneagair Thuaisceart Éireann chun meastóireacht a dhéanamh ar ardchóras faireacháin agus cóireála sláinte struchtúraí le haghaidh déanamhais coincreíte treisithe, rud a forbraíodh ón **tionscadal SM:ART** de chuid an Dr Sean Bond¹. Maidir le mac-chuideachtaí a bunaíodh, bhain OT Baile Átha Cliath a sprioc bhliantúil amach an athuair. Léirítear le sonraí comparáideacha ó shuirbhé bliantúil AKTS don bhliain 2024 go bhfuil feidhmíocht láidir coinnithe ar bun ag OT Baile Átha Cliath san earnáil, nuair a dhéantar aschuir a normalú i gcoinne caiteachas taighde tuairiscithe, agus í ina ceannaire maidir le haistriú taighde ón Ollscoil.

De bhreis ar cheadúnais agus ar mhac-chuideachtaí, tháinig méadú suntasach freisin ar an ngníomhaíocht taighde atá dírithe ar an tráchtáil de chuid Nuálaíocht OT Baile Átha Cliath, agus í ag fáil cúig dhámhachtain ó Chiste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann sa bhliain 2025, os cionn na sprice bliantúla de thrí cinn. Is ionann an t-éacht sin agus athrú mór chun feabais ó bhí an bhliain 2024 ann, tráth nár dámhadh ach Ciste Tráchtálaithe amháin, agus fágann sé go bhfuil an ollscoil tar éis filleadh ar na leibhéil feidhmíochta bonnlíne sa dá bhliain atá imithe thart. Tagann an rath sin sna sála ar infheistíocht shuntasach ama agus saineolais ó fhoireann na hOifige Nuálaíochta agus ó thaighdeoirí OT Baile Átha Cliath araon, agus cuireann sé OT Baile Átha Cliath ar chonair láidir agus é ag dul isteach sa bhliain 2026.

¹ <https://www.tudublin.ie/research-innovation/news/archive-2025/tu-dublin-spin-out-smart-partners-with-northern-ireland-to-trial-innovative-bridge-intelligence-solution.php>

I measc na gcúig dhámhachtain ón gCiste Tráchtálaithe tá dhá thionscadal iomlána de chuid an Chiste Tráchtálaithe agus trí dhámhachtain Cruthúnas Coincheapa. Tá an **tionscadal SIMIR** (ar dámhadh os cionn €720,000 dó) faoi stiúir an Dr Brian Vaughan, Scoil na Meán², i gcomhar le Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn. Tá ardán tumthach ionsamhlúcháin dhigitigh á fhorbairt ag an tionscadal. Leis an ardán, ullmhaítear oiliúnaithe liachta d’fhiorthimpeallachtaí cliniciúla trí chinnteoireacht chliniciúil a chomhtháthú le scileanna boga riachtanacha amhail cumarsáid, obair foirne, agus feasacht staide.

Tá réiteach teililiachta den chéad ghlúin eile á chruthú ag an **tionscadal LiteStream** (ar dámhadh os cionn €650,000 dó), atá faoi stiúir an Dr Steven Davy, an tIonad um Theicneolaíochtaí Digiteacha Inbhuanaithe. Leis an réiteach sin, baintear leas as anailís amhairc atá bunaithe ar an intleacht shaorga agus as ard-chomhbhrú fise chun cabhrú le cliniceoirí príomhleideanna othar a shainaithint le linn comhairliúcháin chianda, lena n-áirítear i suíomhanna ina bhfuil bandaleithead íseal. Dúirt Anastasia Negru, Treoraí Tráchtálaithe, LiteStream:

“Táimid ag dul i ngleic le margadh €432 billiún le teicneolaíocht lena réitítear trí fhadhb chriticiúla: dochtúirí a bheith ag cailleadh leideanna amhairc i gcomhairliúcháin chianda; bacainní bandaleithid i limistéir thuaithe; agus ualach ollmhór doiciméadachta. Le Ciste Tráchtálaithe Fhiontraíocht Éireann, tugtar dúinn na hacmhainní chun trialacha a dhéanamh le comhpháirtithe cliniciúla ar fud na hÉireann, na Sualainne, na Spáinne, na Stát Aontaithe agus níos faide i gcéin – agus chun a chruthú gur féidir le nuálaíocht na hÉireann a bheith chun tosaigh ar an réabhlóid dhomhanda intleachta saorga sa chúram sláinte.”

Chomh maith leis an rath sa Chiste Tráchtálaithe, dámhadh ceithre dhámhachtain Cruthúnas Coincheapa ón Mol Luathaithe Taighde go Tráchtálú do TFC do OT Baile Átha Cliath freisin, rud a mhéadaigh go naoi gcinn an líon iomlán tionscadal nua atá dírithe ar thráchtálú agus a cistíodh sa bhliain 2025. Dúirt Paul Maguire, Ceann um Nuálaíocht agus Aistriú Eolais in OT Baile Átha Cliath:

“Is cor cinniúnach do Nuálaíocht OT Baile Átha Cliath iad na dámhachtainí seo, agus iad ina léiriú ar dhiongbháilteacht agus saineolas ár dtaighdeoirí agus fhoireann na hoifige nuálaíochta. Tá á móiminteam á fhorbairt againn ar luas as cuimse, agus léiríonn neart ár bpíblíne don bhliain 2026 nach bhfuil anseo ach tús. Tá ár n-ollscoil i mbun í féin a shuíomh go daingean mar cheannaire maidir le taighde ardtionchair a aistriú ina luach tráchtála agus sochaíoch fíorshaoil.”

Leagtar béim leis na héachtaí sin ar cheannaireacht mhéadaitheach na hollscoile maidir le haistriúchán taighde, le nuálaíocht, agus le caidreamh leis an lucht tionscail.

² <https://www.tudublin.ie/explore/faculties-and-schools/arts-humanities/schools/school-of-media/people/academic-staff/brian-vaughan.php>



Is ionann an tionscadal NLIE (Nuálaíocht Lóistíochta le haghaidh Iompar Eitilte) agus comhpháirtíocht idir an lucht taighde, an lucht nuálaíochta, an lucht léinn, agus an lucht tionscail. Comhcheanglaíonn sé an taighde agus eolas ceannródaíoch atá ag ár nIonad um Thaighde ar Theicneolaíocht Dromchla Innealtóireachta (CREST) le taithí phraiticiúil IONA Logistics agus le nuálaíocht mhonaraíochta ÉireComposites – rud a chruthaíonn comhoibriú cumhachtach do thodhchaí dróin na hÉireann.

Tá sé mar aidhm leis an tionscadal ardáin dróin den chéad ghlúin eile a sholáthar a bheidh níos éadroime agus níos láidre agus a bheidh in ann raon níos faide a chlúdach agus feidhmíocht pálasta níos fearr a bhaint amach. Sa bhliain 2025, dámhadh €3.8 milliún don tionscadal tríd an

gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha de chuid an Rialtais chun dlús

a chur le nuálaíocht i lóistíocht dróin agus in ardmhonaraíocht.

Tá an fhoireann faoi stiúir an Dr Joseph Mohan, Comhalta Taighde Sinsearach ag Tairseach Teicneolaíochta CREST, agus díreoidh sí ar mharthanacht, iontaofacht agus inmhonaraíocht na n-ábhar comhchodach atá mar chnámh droma na struchtúr dróin a fheabhsú. Dar leis an Dr Mohan:

“Is céim iontach chun tosaigh don earnáil drón atá ag teacht chun cinn in Éirinn é an comhoibriú seo. Trí NLIE, táimid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin phraiticiúla a bhaineann le táirgeadh drón a mhéadú, lena n-áirítear ábhair, cótaí, , agus an chaoi a bhfeidhmíonn na córais sin i dtimpeallachtaí fíorshaoil. A bhuí le saineolas OT Baile Átha Cliath ar ábhair chomhchodacha agus ar theicneolaíocht dromchla, cinnteofar go mbeidh na haerárthaí a gcabhraímid lena ndearadh in ann na dálaí diána a bhaineann le gnáthoibriú laethúil a sheasamh.”

Gníomhaíocht Fiontraíochta

Tá an fhiontraíocht ina colún lárnach den nuálaíocht agus den tionchar eacnamaíoch in OT Baile Átha Cliath. Trí chláir éagsúla forbartha fiontar, trí shaoráidí goir, agus trí thionscnaimh mheantóireachta, tacaíonn an ollscoil le daoine aonair agus le bunaitheoirí luathchéime a smaointe a aistriú ina ngnólachtaí nuathionscanta inmharthana agus ina gcuideachtaí ardfháis. Áirítear leis na tacaí sin cláir náisiúnta amhail Teorainneacha Nua, mar aon le tionscnaimh spriocdhírithe, le saoráidí goir, agus le hoiliúint fiontraíochta a chuirtear ar fáil ar fud champais na hollscoile.

Is é atá i gceist leis an gcur chuige ‘Leomhadh ar son Fionnachtana a Dhéanamh’ a nglacann OT Baile Átha Cliath é ná tacú le fiontraíocht trí chéimeanna éagsúla an aistir fiontraíochta. Tá sé mar aidhm leis intinn daoine a spreagadh – mic léinn agus céimithe a chumhachtú chun bheith cróga, dána agus uailmhianach. Tá sé mar aidhm leis freisin nuálaíocht a ghríosú – sásraí a sholáthar lena dtacaítear le fiontraíocht luathchéime agus lena gcothaítear í.

MOLfáis – Acmhainn Nuálach Fiontraíochta a Fhorbairt

Mar gheall ar an ról éabhlóideach atá ag institiúidí ardoideachais maidir leis an bhfiontraíocht agus an nuálaíocht a spreagadh, cuireadh tús leis an tionscadal MOLfáis in OT Baile Átha Cliath sa bhliain 2021 a bhuí le cistiú ó Cholún 3 den Tionscnamh Caipitil Dhaonna de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas.

Bunaíodh an tionscadal chun acmhainn oideachais fiontraíochta a chur ar aghaidh laistigh den Ollscoil agus chun cur leis an raon deiseanna foghlama fiontraíochta atá ar fáil do mhic léinn, d’fhiontair (phoiblí agus phríobháideacha), agus do scoileanna agus pobail áitiúla. Baineadh é sin amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- (i) gníomhaíochtaí nua nuálacha curaclambhunaithe oideachais fiontraíochta a fhorbairt,
- (ii) gníomhaíochtaí oideachais fiontraíochta seach-churaclaim a fhorbairt,
- (iii) gníomhartha fothú inniúlachta fiontraíochta a fhorbairt d’fhoghlaimeoirí fiontarbhunaithe,
- (iv) éiceachóras oideachais fiontraíochta a bhunú, lena n-áirítear spás fisiciúil agus acmhainní; agus



- (v) tacú le gníomhaíochtaí atá faoi stiúir ag mic léinn.
- Ar feadh thréimhse an tionscadail, ghlac breis agus 12,000 duine de mhic léinn agus d’fhoghlaimeoirí aosacha páirt sa MOLfáis. Príomhghné de dhearadh an tionscadail ba ea creat EntreComp an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh inniúlachtaí fiontraíochta, cur chuige oideolaíoch ‘foghlaím trí ghníomhaíocht’, agus sainmhíniú trasnach a ghlacadh ar fhiontraíocht, ina nglactar le cineálacha difriúla fiontraíochta i gcomhthéacsanna difriúla, lena n-áirítear infhiontraíocht, fiontraíocht shóisialta, agus fiontraíocht ghlas, gan ach beagán a lua.

Tacú le Fiontraithe Óga sa Lárchathair Thoir Thuaidh – NEIC Kickstart

Ag obair dó i gcomhar le Scoil na Margaíochta agus na Fiontraíochta, le Comhpháirtíocht NEIC Bhaile Átha Cliath, le Fiontar Lár na Cathrach, le Dogpatch Labs, agus leis an Tionscnamh Doirse Oscailte, sholáthair MOLfáis an dara clár NEIC Dúisire.

Ba é an toradh deiridh a bhí ar dheich seachtaine a caitheadh ag tabhairt faoi cheardlanna le 15 fhiontraí óga ó limistéar na lárchathrach thoir thuaidh ná imeacht deiridh ag ar chuir na rannpháirtithe a goid smaointe gnó i láthair painéil athbheithnithe mór le rá i gceanncheathrú Avolon, urraitheoir an chlár. Ainmníodh Wenhao Liao mar bhuaiteoir foriomlán, agus Derek Burnett ag críochnú sa dara háit.



An Chéad Ghlúin Eile de Bhan-Nuálaithe a Chumhachtú

Tá CreateHER ina chlár il-ollscoile a chistítear faoi Thionscnamh Oideachais Fiontraíochta an Údaráis um Ard-Oideachas. Agus é faoi stiúir MOLfáis agus TrailblazHER ag OT Baile Átha Cliath, forbraítear scileanna ceannaireachta fiontraíochta leis an gclár sé seachtaine seo atá dírithe ar mhná amháin. Foghlaimíonn na mic léinn conas muinín a thógáil, meon nuálach a fhorbairt, scileanna cruthaitheacha a chleachtadh, líonrú le daoine eile, agus obair ar a bhforbairt phearsanta.

Soláthraítear an clár trí mheascán de cheardlanna agus de phléití le mná atá ina gceannairí ina réimse féin. Bhí céimithe rathúla de chuid OT Baile Átha Cliath i measc na n-aoifhiontraithe cheana féin. Ghlac cúig mhac léinn déag ó gach cearn den Ollscoil páirt sa chlár sa bhliain 2025, agus tá sé beartaithe tuilleadh clár a réachtáil sa bhliain 2026.



Clár Teorainneacha Nua

San am i láthair, tacaíonn OT Baile Átha Cliath le breis agus 250 fiontraí ar a Chlár Teorainneacha Nua, soláthraíonn sé breis agus 7,000 m2 de spás gortainne d’fhiontair luathchéime, agus freastalaíonn sé ar bhreis agus 100 cuideachta nuathionscanta ar a champais.

Le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, tá ról ríthábhachtach ag an gClár Teorainneacha Nua go fóill maidir le tacú le fiontraithe luathchéime le linn dóibh fiontair nua a fhorbairt agus a mhéadú ó scála. Agus é á réachtáil ar fud champas Ghráinseach Ghormáin, champas Bhaile Bhlainséir agus champas Thamhlachta OT Baile Átha Cliath, soláthraítear leis an gclár conair struchtúrtha do bhunaitheoirí ionas gur féidir leo smaointe a bhfuil gealladh fúthu a bhunathrú ina

ngnólachtaí inmharthana atá réidh le hinfheistíocht. Faigheann na rannpháirtithe sainmheantóireacht, treoir forbartha gnó agus tacaíocht airgeadais le linn dóibh a gcoincheapa a bheachtú agus an bhunchloch a leagan le haghaidh fás inbhuanaithe.

Agus iad leabaithe laistigh den timpeallacht ollscoile, faigheann na fiontraithe rochtain freisin ar shaineolas taighde OT Baile Átha Cliath agus ar a shainsaoráidí agus ar a líonra fairsing nuálaíochta. A bhuí leis an ngaireacht sin, spreagtar comhoibriú idir taighdeoirí, mic léinn agus bunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta, rud a chabhraíonn le pobal dinimiciúil fiontraíochta a chothú agus a neartaíonn an phiblíne gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainneachta Éireannacha.

Buann bunaitheoir Teorainneacha Nua Gradam Éagsúlachta sa Teicneolaíocht d’Fhísithe Gnólachtaí Nuathionscanta

Fuair Victoria Finlay, bunaitheoir The MenoPal, Gradam Éagsúlachta sa Teicneolaíocht d’Fhísithe Gnólachtaí Nuathionscanta 2025 sa bhliain 2025. Ba i gcomhpháirt le JPMorgan Chase a bronnadh an gradam. Chuir Victoria an clár Teorainneacha Nua i gcrích ag campas Thamhlachta OT Baile Átha Cliath sa bhliain 2024.

Tá The MenoPal ina Ghnólacht Nuathionscanta Ardacmhainneachta a dtacaíonn Fiontraíocht Éireann leis anois, agus tá sé tar éis infheistíocht phríobháideach a áirithiú freisin. Leis an ardán faisnéise teicneolaíochta sláinte seo, tacaítear le mná atá ag dul tríd an bpeirímeanapás agus tríd an meanapás. Ar an tslí sin, cabhraítear le bainistiú siomptóm a bhunathrú do bhreis agus billiún bean ar fud an domhain trí rianú pearsantaithe, trí fhaisnéis oiriúnaitheach, trí acmhainní praiticiúla agus trí léargais sláinte fíor-ama.

Tarraingíonn an t-aitheantas a tugadh do Victoria aird ar thionchar méadaitheach na mbunaitheoirí atá ag teacht chun cinn as éiceachóras fiontraíochta OT Baile Átha Cliath. Trí chlár amhail Teorainneacha Nua, tacaíonn an Ollscoil le nuálaithe chun réitigh a fhorbairt lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin fíorshaoil agus chun gnólachtaí inscálaithe a bhfuil acmhainneacht dhomhanda acu a fhorbairt an tráth céanna.

Tá an gradam ina léiriú freisin ar an ról méadaitheach atá ag an teicneolaíocht maidir le sláinte na mban a chur chun cinn agus maidir le bearnaí seanbhunaithe i dtacaíocht cúram sláinte agus i bhfaisnéis cúram sláinte a dhúnadh.





Buann mic léinn ó OT Baile Átha Cliath Gradam Náisiúnta Fhiontraíocht Éireann don dara bliain as a chéile

Léirigh mic léinn ó OT Baile Átha Cliath a neart fiontraíochta ar an ardán náisiúnta arís eile sa bhliain 2025, agus iad ag fáil na príomhdhuaise ag Gradam Fiontraíochta Mac Léinn Fhiontraíocht Éireann don dara bliain as a chéile.

Ainmníodh Ryan Ormonde, mac léinn ó OT Baile Átha Cliath, in éineacht le Jonathan Hoffman, a chomhoibrí, mar Fhiontraí Mac Léinn na Bliana as a ngnólacht nuathionscanta darb ainm Saor Water, a sholáthraíonn uisce stánaithe saincheaptha mar rogha inbhuanaithe eile ar bhuidéil phlaisteacha. Cuireann an chuideachta cannaí alúmanaim a bhfuil branda saincheaptha orthu ar fáil agus soláthraíonn sí seirbhís ordaithe íosta ísíl lena n-áirítear dearadh, comhlíonadh agus lóistíocht,. Tá sí ag obair cheana féin le cliaint amhail Mercedes-Benz agus Sculpted by Aimee.

Fógraíodh na buaiteoirí ag searmanas a óstáladh ag campas OT Baile Átha Cliath i mBaile Bhlainséir, áit a bhfuair siad duais €10,000, mar aon le tacaíochtaí meantóireachta agus forbartha gnó ó Fhiontraíocht Éireann agus ó na hOifigí Fiontair Áitiúil. Fuair siad tacaíocht chomhairleach ó Grant Thornton agus ó Cruickshank freisin. Ba é sin an dara bliain as a chéile inar bronnadh an gradam náisiúnta ar mhac léinn ó OT Baile Átha Cliath. Is í Ciara Walsh, céimí de chuid OT Baile Átha Cliath, a bhuaigh an comórtas sa bhliain 2024. Bhunaigh sí JustTip, ardán digiteach séisíní atá deartha chun custaiméirí a chumasú séisíní a thabhairt do bhaill foirne seirbhíse go díreach agus go

slán i ngeilleagar ina mbíonn níos lú agus níos lú úsáide á baint as airgead tirim.

I dteannta a chéile, léiríonn na buanna náisiúnta as a chéile sin cé chomh láidir agus atá éiceachóras fiontraíochta OT Baile Átha Cliath. Léiríonn siad freisin an tiomantas atá ag an ollscoil tacú le mic léinn le linn dóibh smaointe nuálacha a bhunathrú ina ngnólachtaí inscálaithe a bhfuil tionchar fíorshaoil acu.



Ó Ghráinseach Ghormáin go dtí an Spás – Nuálaíocht ag Mol Glasbhealaigh OT Baile Átha Cliath

Tá cuideachta as Baile Átha Cliath a fhorbraíonn ardteicneolaíochtaí fuaraithe do thimpeallachtaí foircneacha tar éis a saoráidí taighde a leathnú ag Ionad Nuálaíochta Mhol Glasbhealaigh OT Baile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin.

D'oscail Enovus Labs saotharlann nua leathnaithe taighde agus forbartha ar champas OT Baile Átha Cliath, rud a neartaíonn an cumas atá aige córais bhainistíochta teirmí den chéad ghlúin eile a dhearadh, a mhonarú agus a thástáil. Úsáideadh radaitheoir fuaraithe Segri-COOL na cuideachta le linn misin spáis cheana féin, rud ar cloch mhíle shuntasach é maidir le teicneolaíocht a forbraíodh in Éirinn a bheith á hoibriú i dtimpeallachtaí spáis.

Tá sa tsaoráid nua bonneagar uasghrádaithe monaraíochta agus tástála lena dtacófar le forbairt, táirgeadh agus trialacha custaiméirí níos tapa de réir mar a mhéadaíonn an chuideachta a cuid nuálaíochtaí ó scála. Is é an Tánaiste Simon Harris TD, an tAire Airgeadais, a d'oscail an saotharlann go hoifigiúil.



Clár Céimeanna Tosaigh TrailblazHER™: Tacú le Mná Iniúchadh a Dhéanamh ar Fhéidearthachtaí Nua

Seoladh Clár Céimeanna Tosaigh TrailblazHER™ in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2025. Is tionscnamh pobalbhunaithe saor in aisce é atá deartha chun tacú le mná atá fiosrach faoin bhfiontraíocht ach nach bhfuil ach beagán taithí roimhe acu ar ghnó a thosú nó nach bhfuil aon taithí ar bith acu ina leith sin.

Leis an gclár, soláthraítear spás fáilteach do mhná chun smaointe a iniúchadh, chun muinín a chothú, agus chun tuiscint a ghnóthú ar na céimeanna praiticiúla atá i gceist le gnó a fhorbairt. Ceann de phríomhchuspóirí an chlár is ea rannpháirtithe a nascadh leis an raon leathan tacaíochtaí fiontraíochta agus gairme atá ar fáil ar fud na hÉireann agus, ar an tslí sin, cabhrú leo teacht ar chonairí atá ar aon dul lena n-uaimhianta.

Michelle Silva, Céimí ó Chlár Céimeanna Tosaigh TrailblazHER

Tá éileamh láidir ann ar an gclár agus tá tionchar fiúntach aige ó ligeadh na chéad rannpháirtithe isteach ann go luath sa bhliain 2025. Fuarthas breis agus 500 iarratas ar an gclár. Ghlac breis agus 200 duine páirt ann sa bhliain 2025, lena áiríodh 150 duine a d'fhreastail ar sheisiúin Chéim 1 agus 55 dhuine a chuir ceardlanna Chéim 2 i gcrích thar dhá bhabhta clár.

Tá Clár Céimeanna Tosaigh TrailblazHER™ ina chlár uathúil in Éirinn mar gheall ar an tacaíocht luathchéime saor in aisce a thugtar ann. Díreann ann ar scileanna agus muinín a fhorbairt ar bhealach a théann níos faide ná cruthú fiontar amháin. Cibé acu a roghnaíonn na rannpháirtithe gnó a thosú, filleadh ar an bhfostaíocht, gairmeacha a athrú, nó tabhairt faoin mbreisoidéachas, gnóthaíonn siad an meon, an cumas agus an fhéinmhuinín is gá chun na chéad chéimeanna eile a ghlacadh go muiníneach trí pháirt a ghlacadh sa chlár.



**Sáraigh an Fhoghlaim
Go Beyond Learning**

COMHPHÁIRTÍOCHT

Ár nUaillmhian

Comhthionchar a Sheachadadh

- tá sé i gceist againn an ollscoil is nasctha a fhorbairt; ag cothú gréasán d'fhionnachtaithe, de chruthaitheoirí agus d'fhiontraithe; ag bunú caidreamh le daoine a n-éiríonn leo rudaí a chur i gcrích

7. Comhpháirtíochtaí le haghaidh tionchair

Comhthionchar a Sheachadadh – Tá sé i gceist againn an ollscoil is nasctha a fhorbairt; ag cothú gréasán d’fhionnachtaithe, de chruthaitheoirí agus d’fhionraithe; ag bunú caidreamh le daoine a n-éiríonn leo rudaí a chur i gcrích. Leanfaimid dár gcomhpháirtíochtaí gníomhacha leis an lucht léinn, leis an lucht tionscail, leis an bpobal agus leis an tsochaí a thógáil agus a fhás chun fíorluach agus tionchar a chruthú do phobal OT Baile Átha Cliath agus don tsochaí i gcoitinne.

7.1 Comhpháirtíochtaí agus Caidreamh leis an Lucht Léinn

Le linn na bliana 2025, mhéadaigh OT Baile Átha Cliath a chaidreamh leis an lucht ardoideachais, le fiontair, agus le comhlachtaí gairmiúla, reachtúla agus rialála chun tacú leis na cuspóirí náisiúnta don ardoideachas. Trí sholáthar comhoibriúch OT Baile Átha Cliath, féachtar le saineolas acadúil a ailíniú le riachtanais an tionscail. Tá achoimre ar na cineálacha difriúla comhoibrithe acadúla a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2025 tugtha thíos. Chomhoibrigh OT Baile Átha Cliath le breis agus céad eagraíocht sheachtrach chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar. Ba é a bhí i gceist le formhór na gcomhoibrithe

Tábla 6: Comhoibrithe OT Baile Átha Cliath leis an Lucht Léinn, 2025

Cineál socraithe	Líon Iomlán
Comhdhámhachtainí/ dámhachtainí dúbailte/ ildámhachtainí	10
Cláir chomhoibriúcha	72
Cláir shaincheadúnais	3
Comhaontuithe Comhaltúcháin	9
Comhlachtaí Gairmiúla, Reachtúla agus Rialála	36

cláir ná socruithe trípháirteacha idir OT Baile Átha Cliath, institiúid ardoideachais eile agus eagraíochtaí is geallsealbhóirí tionscail, lenar áiríodh IBEC, SOLAS, agus líonraí gnó [Skillnet Ireland](#).

Ar aon dul le [Colún 3 den Tionscnamh Caipitil Dhaonna](#) maidir le cineálacha nuálacha sofhreagrúla cur chuige i leith riachtanais scileanna tosaíochta, chuir OT Baile Átha Cliath borradh faoin soláthar deiseanna uasoiliúna ar fud roinnt mhaith earnálacha. Bhí na cláir seo a leanas i measc na gclár nua a tugadh isteach sa bhliain 2025:

- Teastas Leibhéal 7 in eBioPharmaChem le Dearadh Saoráide (20 ECTS), atá deartha chun gairmithe a uasoiliúint d’earnáil monaraíochta bithchógaisíochta na hÉireann. Forbraíodh an Teastas le hionchur ón tionscal

- (Pfizer/MSD) agus soláthraítear é tr [íGet Reskilled](#). Cumhdaítear leis dea-chleachtas monaraíochta, bithphróiseáil agus dearadh seomraí glana.
- Teastas i dTáirgí Rathúla a Chruthú, a forbraíodh i gcomhar le [Workday](#).
- Clár domhanda ar líne i gCeannaireacht Gnó Ardchaighdeáin, a reáchtáiltear i gcomhpháirt le [QBA](#).
- Dhá Dhámhachtain Sainchuspóra i Sonraí le haghaidh Doiciméadacht Theicniúil, a forbraíodh i gcomhar le [SGS](#), an phríomhchuideachta tástála, cigireachta agus deimhniúcháin ar domhan.
- Céim threasach nua – Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Pholaitíocht, an tSochaí agus na Meáin – a sholáthraítear i gcomhar le Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Formaid, le Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, Ráth Maonais, agus le hInstitiúid Breisoideachais na Carraige Duibhe.

Leagadh díriú ar leith sa bhliain 2025 ar mhicridhintiúir a fhorbairt, ar gearrchúrsaí solúbtha creidiúnaithe (1-20 creidiúint) iad atá curtha in oiriúint do na riachtanais mheara uasoiliúna atá ag gairmithe agus ag tionscail. Chomhoibrigh OT Baile Átha Cliath le heagraíochtaí éagsúla, lenar áiríodh Intel, Workday, BT Sourced, SGS agus EirGrid, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna i réimsí amhail an intleacht shaorga, claochlú digiteach agus nuálaíocht teicneolaíochta glaise, agus iad ag freagairt do na héilimh i bhfórsa saothair a bhíonn ag athrú agus, an tráth céanna, ag cur ar chumas foghlaimoirí cothromaíocht a bhaint amach idir an t-oideachas agus an obair agus aonaid bheaga a charnadh ina gcáilíochtaí móra aitheanta.

- Chuaigh OT Baile Átha Cliath i gcomhpháirt le [EirGrid](#) chun clár Teastais i gCeannaireacht i bhFóntais Fuinnimh a chomhdhearadh. Tá an Dámhachtain Sainchuspóra seo dírithe ar fhórsa saothair EirGrid a uasoiliúint chun córais eangaí atá casta agus atá comhtháite le fuinneamh in-athnuaite a bhainistiú, ar shaineolas inmheánach a fhorbairt, agus ar chultúr foghlama leanúnaí a chothú. Tríd an gcomhpháirtíocht atá ar bun ag an Ollscoil le EirGrid, leagtar bonn láidir síos le haghaidh comhoibriú amach anseo ar fud speictream iomlán na leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, ó phrintíseacht go Leibhéal 10.

- I gcomhar le [Skillnet Offshore Wind Academy](#), d’fhorbair OT Baile Átha Cliath clár iarchéime dar teideal Bunphrionsabail an Fhuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta. Agus é faoi stiúir ag Scoil na hInnealtóireachta Leictirí agus Leictreonáí, is clár ildisciplíneach é seo lena dtugtar aghaidh ar na dúshlán atá roimh an tionscal fuinnimh gaoithe amach ón gcósta, agus díriú ar leith á leagan ar chomhthéacs na hÉireann. Tugtar aghaidh ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha agus ar athruithe beartais chun a chinntiú go mbeidh na rannpháirtithe ullamh do chineál athraitheach an tionscail seo a bhíonn ag fás.

- I gcomhpháirt le [DIGITAL Skillnet Theicneolaíocht Éireann](#), chreidiúnaigh OT Baile Átha Cliath sraith micridhintiúr intleachta saorga tar éis an toraidh rathúil a bhí ar thairiscint ó DIGITAL Skillnet Theicneolaíocht Éireann. Leis na cláir, tugtar d’fhostaithe ar fud eagraíochtaí Éireannacha na hinniúlachtaí ceannaireachta agus teicniúla is gá chun bunathruithe atá cumasaithe leis an intleacht shaorga a phleanáil, a sheoladh agus a mhéadú ó scála.

- Chun ceannairí reatha agus ceannairí ionchasacha a chumasú an inniúlacht ceannaireachta atá acu a bhunathrú, chuir an Scoil Ghnó larchéime clár Micridhintiúr Forbartha Ceannaireachta le chéile. Agus é ceaptha do cheannairí in aon disciplín agus in aon earnáil, forbraítear leis an gclár seo príomhscileanna ceannaireachta a bhfuil éileamh ag an lucht tionscail orthu agus soláthraítear creidiúintí incharntha as a dtagann cáilíocht iarchéime. Tá an clár ar fáil d’fhoghlaimeoirí aonair. Tá sé ar fáil freisin d’eagraíochtaí atá ag lorg soláthar saincheaptha do chohórt dá bhfostaithe.

Comhoibriú Idirnáisiúnta

Lean OT Baile Átha Cliath lena rannpháirtíocht sa chomhghuaillíocht [EUt+](#) a bhí sa dara céim dá cuid (EUt+ Luathú, 2023-27). Tá sé mar aidhm leis an gcomhghuaillíocht comhtháthú a dhoimhniú i measc ollscoileanna comhpháirtíochta agus féiniúlacht agus struchtúr aontaithe Ollscoil Teicneolaíochta na hEorpa a fhorbairt. Tháinig an dara céim sin sna sála ar chistiú tosaigh rathúil agus pleanáil straitéiseach rathúil le haghaidh comhchéimeanna, soghluaisteachta agus creataí rialachais.

Le linn na bliana 2025, chabhraigh OT Baile Átha Cliath leis na spriocanna atá ag EUt+ a chur chun cinn trí rannchuidiú leis an méid seo a leanas:

- *Teastas EUt+ agus Céim Eorpach EUt+ a Fhorbairt:* Lean an chomhghuaillíocht le hobair i dtreo céim aontaithe Eorpach EUt+ a fhorbairt, agus í ag dearadh creataí comhroinnte inniúlachta agus teoracha comhroinnte tagartha lena dtacaítear le comhchuraclaim a chuimsíonn institiúidí comhpháirtíochta. Is forbairt é sin a chuirfidh ar chumas mac léinn staidéar a dhéanamh ar fud campais éagsúla agus aitheantas níos leithne a ghnóthú dá gcáilíochtaí. Tá naoi gcnuasach comhchuraclaim i bhfeidhm anois. Tá OT Baile Átha Cliath páirteach i seacht gcinn, lena n-áirítear roinnt comhthionscnamh cláir.

- *Comhimeachtaí agus comhthionscnaimh idirnáisiúnta oideachais:* Chuaigh OT Baile Átha Cliath i gcomhpháirt le hollscoileanna eile de chuid EUt+ (e.g., Ollscoil Theicniúil Shóifia, Ollscoil Theicniúil Cluj-Napoca, Ollscoil Çağ) chun [Scoil Samhraidh ELQRA 2025](#) a chomheagrú. Sa chlár sin, tugadh mic léinn agus an lucht léinn ó roinnt institiúidí comhpháirtíochta le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar pharaidímí oideachais atá nuálach agus inoiriúnaithe amhail an réaltacht fhíorúil agus an intleacht shaorga a chomhtháthú isteach san fhoghlaim, laistigh den chreat EUt+.

- *Forbairt Scileanna Fiontraíochta:* Trí thionscadail atá nasctha le EUt+, amhail an Clár Górlainne EUt+, chabhraigh OT Baile Átha Cliath le scileanna fiontraíochta, cruthú gnólachtaí nuathionscanta traschampais agus acmhainn nuálaíochta a chothú i measc mic léinn agus taighdeoirí. Cé go raibh imeachtaí sonracha ar siúl ar fud na comhghuaillíochta i gcoitinne sa bhliain 2025, chuir OT Baile Átha Cliath a chuid taithí agus saineolais leis na cláir sin trí shainseimineáir, trí oiliúint mac léinn agus trí thacaíocht don nuálaíocht. Le linn na bliana 2025, ghlac 652 mhac léinn páirt i ngníomhaíochtaí fiontraíochta agus nuálaíochta, agus ghlac 24 cinn san iomlán de sheach-chuideachtaí nó de ghnólachtaí nuathionscanta páirt i gcomhghníomhaíochtaí górlainne agus sárthaispeántais EUt+.

- *Comhoibriú Taighde agus Malartú Acadúil:* Déanann OT Baile Átha Cliath caidreamh le struchtúir thaighde EUt+ amhail Institiúid Nana-Ábhar agus Nanaitheicneolaíochtaí Ollscoil Teicneolaíochta na hEorpa (EUTINN). Bailíonn EUTINN an saineolas agus an t-eolas atá ag gach comhpháirtí de chuid EUt+ ar nanai-mhicreatheicneolaíochtaí, agus tugann sé le chéile modhanna difriúla oibre agus cineálacha difriúla cur chuige i réimse na naineolaíochtaí agus na nanaitheicneolaíochtaí. Chomh maith leis sin, tá OT Baile Átha Cliath ina rannpháirtí gníomhach sa tSaotharlann Eorpach um Chultúr agus Teicneolaíocht (ECTLab), rud a dhíríonn ar thaighde sna healaíona, sna daonnachtaí agus sa teicneolaíocht a chomhtháthú le chéile. Is réimse téamach é sin ina gcomhroinneann OT Baile Átha Cliath a chuid saineolais agus ina n-óstálann sé gníomhaíochtaí gaolmhara.

- *Imeachtaí agus Comhroinnt Eolais:* D’eagraigh OT Baile Átha Cliath gníomhaíochtaí faoi bhranda EUt+, agus ghlac sé páirt iontu, le linn na bliana 2025, agus malartú acadúil agus an nuálaíocht á gcur chun cinn aige. Áiríodh leo sin, mar shampla, cainteanna nuálaíochta ar an teicneolaíocht dhigiteach agus ar an inbhuanaitheacht a bhí ailínithe, tríd is tríd, leis na cuspóirí atá ag EUt+.

- *Creataí Soghluaisteachta Mac Léinn agus Ball Foirne:* Chabhraigh OT Baile Átha Cliath le córais a fhorbairt inar féidir le mic léinn atá ag taisteal laistigh den chomhghuaillíocht tairbhe a bhaint as aistriú creidiúintí, as spriocanna foghlama teanga agus as tréimhsí fanachta fadaithe – is codanna dílse iad sin den fhís atá ag EUt+ le haghaidh oideachas Ollscoile san Eoraip.

- *Malartú Iteangach agus Cultúrtha:* D’óstáil OT Baile Átha Cliath malartuithe pleanála agus acadúla, a léiríonn an bhéim a chuireann an chomhghuaillíocht ar chumarsáid idirchultúrtha agus ar phobail foghlama Eorpacha comhtháite. Chuir sé leis an tríú tionscnamh de chuid EUt+ um Theangacha Ball Foirne sa bhliain 2025, rud lenar tairgeadh deiseanna foghlama teanga do gach ceann de theangacha na naoi gcomhpháirtí, lenar áiríodh cúrsa Gaeilge a raibh an-tóir air.

Comhpháirtíochtaí Trasnáisiúnta

Gné mhéadaitheach den ardoideachas is ea an t-oideachas trasnáisiúnta, áit a gcuireann mic léinn an chuid is mó dá gcuid staidéir i gcrích ina dtír dhúchais agus a dtuilleann siad céim a dhámhtar i gcomhpháirt le comhpháirtí idirnáisiúnta an tráth céanna. Soláthraíonn institiúidí Éireannacha 110 gcomhchlár sa tSín anois, agus breis agus 12,000 mac léinn rollaithe acu ar fud na leibhéal fochéime, máistreachta agus dochtúireachta.



Mic léinn ó Ollscoil Teicneolaíochta Nanjing agus ó OT Baile Átha Cliathagus iad ag fáil a ndámhachtainí scoláireachta

Tá comhoibriú ar bun ag an Ollscoil le **hOllscoil Teicneolaíochta Nanjing (NJTU)** le breis agus 18 mbliana anuas, agus comhchláir chéime á soláthar acu san Eolaíocht Cógaisíochta agus san Innealtóireacht Leictreonach, Mheicniúil agus Shibhialta.

Dhámh an Dr Deirdre Lillis, an tUachtarán, Dámhachtainí Scoláireachta go bródúil do 15 mhac léinn den scoth ó Ollscoil Teicneolaíochta Nanjing sa bhliain 2025, mar aitheantas ar a sárachtaí acadúla. Tá na mic léinn sin, atá ag críochnú a gcuid staidéir ag OT Baile Átha Cliath faoi láthair, ina n-eiseamláir de neart chomhoibriú idirnáisiúnta na hollscoile agus den tiomantas atá aici don tsármhaitheas acadúil.

Sa bhliain 2025, d'fháiltigh OT Baile Átha Cliath roimh an gcéad chohórt de mhic léinn Innealtóireachta Sibhialta ó Nanjing chuig campas Shráid Bolton, agus lean mic léinn san Innealtóireacht Leictreonach agus Mheicniúil agus san Eolaíocht Cógaisíochta lena gcuid staidéir ag campas Thamhlachta. Tugtar deis do mhic léinn taithí oideachais idirnáisiúnta a ghnóthú in Éirinn trí na cláir sin.

Rannchuidíonn OT Baile Átha Cliath go mór leis an rath sin. Sa bhliain 2025, bhí breis agus 1,350 mac léinn rollaithe i gcláir de chuid OT Baile Átha Cliath in Hainan, in Nanjing agus in Pharos, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an bhfigiúr sin tar éis clár nua Eolaíochta Ríomhaireachta a sheoladh i mBéising.

Fianaise ar an rath atá ar chomhpháirtíocht OT Baile Átha Cliath le hOllscoil Teicneolaíochta Nanjing is ea éachtaí a gcuid céimithe, a ndeachaigh cuid mhór díobh ar aghaidh chuig staidéar PhD, chuig an bhfiontraíocht agus chuig gairmeacha i bpríomheagraíochtaí domhanda. Tá a gcuid éachtaí ina léiriú ar cháilíocht an oideachais agus na tacaíochta a sholáthraítear tríd an gcomhpháirtíocht.



Céimithe ón gclár céime BSc i mBainistíocht Imeachtaí atá ar bun le hOllscoil Hainan

Rinne OT Baile Átha Cliath cloch mhíle shuntasach a chomóradh go bródúil an 14 Meitheamh 2025 – ceiliúradh comóradh 10 mbliana bhunú na céime comhoibríche BSc i mBainistíocht Imeachtaí atá ar bun aige le hOllscoil Hainan le linn an tsearmanais bronnta céimeanna bliana deiridh in Haikou, an tSín. Tá an clár ina léiriú ar láidreachtaí na hOllscoile san oideachas feidhmeach tionscaldírthe agus ar an gcumas atá aici freagairt do na riachtanais athraitheacha atá ag earnálacha domhanda, amhail an turasóireacht agus bainistíocht imeachtaí.

Ag féachaint chun cinn, leathnóidh OT Baile Átha Cliath a lorg trasnáisiúnta arís eile nuair a sheolfar comhoibriú nua le hOllscoil Bhéising um Theicneolaíocht Ceimice (BUCT), rud atá le tosú sa bhliain acadúil 2026/2027. Tá an ollscoil tiomanta go fóill don tsármhaitheas acadúil a chothú agus do mhic léinn a chumhachtú barr a gcumais a bhaint amach ar ardán domhanda. Tá na comhchláir sin ina bhfianaise ar an bhfís atá ag an ollscoil tallann idirnáisiúnta a chothú agus an nuálaíocht a bhrú chun cinn tríd an oideachas.

7.2 Comhpháirtíochtaí agus Caidreamh leis an Lucht Tionscail agus le Fiontair

An tEispéireas Foghlama a Mhúnlú chun Luach agus Tionchar a Chruthú

Tá caidreamh leis an lucht tionscail leabaithe ar fud theagasc, thaighde agus eispéireas mac léinn OT Baile Átha Cliath. Trí obair go dlúth le fostóirí, le comhlachtaí gairmiúla agus le comhpháirtithe tionscail, cinntíonn an Ollscoil go mbíonn a cuid clár ábhartha, dírithe ar an gcleachtas, agus freagrúil do theicneolaíochtaí éirítheacha agus do riachtanais an fhórsa saothair i gcónaí. Léirítear tionchar na gcomhpháirtíochtaí sin sna samplaí seo a leanas ón mbliain 2025.

- Ag an **gComhdháil um Bainistíocht Táirgí na Chéad Ghlúine Eile 2025**, a tionóladh ar champas Ghráinseach Ghormáin, tugadh ceannairí táirgí, an lucht léinn agus saineolaithe tionscail le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar chomhtháthú intleachta saorga, ar oibríochtaí táirgí agus ar cheannaireacht táirgí atá dírithe ar an gcustaiméir. Le tacaíocht ó DIGITAL Skillnet Theicneolaíocht Éireann, mealladh beagnach 300 duine chuig an imeacht, lenar áiríodh céimithe agus iarmhíic léinn de chuid chlár bainistíochta táirgí OT Baile Átha Cliath.
- Ag an bhFóram um Fhoghlaim agus Forbairt don Fhórsa Saothair Amach Anseo, a tionóladh i mí an Mheithimh, cuireadh fáilte roimh bhreis agus 200 gairmí tionscail ón bhfiontraíocht, ón

mbeartas poiblí agus ón saol acadúil chun scrúdú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le foghlaim agus forbairt feidhmíocht eagraíochtúil agus buntáiste iomaíoch a bhrú chun cinn. Bhí ionadaithe ó LinkedIn, ó Fhiontraíocht Éireann agus ó IBEC i measc na gcainteoirí.

- Tá socrúcháin oibre fós i measc na bpríomhghnéithe de shamhail oideachais thionscaldírithe OT Baile Átha Cliath. Le linn na bliana acadúla, chuir breis agus 300 duine de mhic léinn Cleachtais Cúraim Shóisialta socrúcháin faoi mhaoirseacht i gcrích le heagraíochtaí reachtúla, deonacha agus pobail ar fud na hÉireann. Trí na socrúcháin sin, ghnóthaigh na mic léinn taithí ghairmiúil luachmhar, agus tacaíodh le forbairt an fhórsa saothair ar fud na hearnála an tráth céanna.
- I measc na n-imeachtaí eile bhí Dúshlán Fiontraíochta agus Nuálaíochta Mac Léinn, amhail iad seo a leanas:
 - Dúshlán Nuálaíochta Cúram Sláinte: Chruthaigh foirne ildisciplíneacha mac léinn fréamhshamhlacha lena dtugtar aghaidh ar fhíordhúshlán chliniciúla, le tacaíocht ó chliniceoirí ó Ospidéal Ollscoile Thamhlachta agus ó mheantóirí AWS.
 - Sárthaispeántas Cás-Staidéar Inbhuanaitheachta agus Intleachta Saorga: Rinne mic léinn anailís ar thuarascálacha corparáideacha ar chúrsaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais trí leas a bhaint as uirlisí intleachta saorga, le tacaíocht ó Deloitte.

Taighdeoirí Acadúla agus an Lucht Tionscail a Nascadh le Chéile

Is ag OT Baile Átha Cliath atá an saineolas, na teicnící agus na saoráidí ar féidir leo sárthorthaí a bhaint amach, agus a bhfuil sárthorthaí bainte amach acu, chun tionchair shuntasacha a imirt ar bhonn réigiúnach, náisiúnta agus domhanda, ó gach cearn dár bpobal taighde. Tá cúig mhol taighde ag an Ollscoil sna réimsí seo a leanas:

- An tSláinte, an Innealtóireacht agus an Eolaíocht Ábhar
- Na hEolaíochtaí Fisiciúla go dtí na hEolaíochtaí Beatha
- An Inbhuanaitheacht agus an tSláinte
- An Todhchaí Dhigiteach
- An Cultúr agus an tSochaí

Fónann na moil mar shaoráidí idirdhisciplíneacha úrscothacha lena soláthraítear rochtain ar ardsaotharlanna, spásanna comhoibríocha, agus saineolas speisialtóra. Cothaíonn siad an nuálaíocht trí thaighdeoirí acadúla a nascadh le comhpháirtithe tionscail i réimsí amhail an innealtóireacht, an intleacht shaorga, agus an eolaíocht bia.

Mol Taighde ar an tSláinte, ar an Innealtóireacht agus ar an Eolaíocht Ábhar

Soláthraíonn an Mol Taighde ar an tSláinte, ar an Innealtóireacht agus ar an Eolaíocht Ábhar sainseirbhísí taighde agus forbartha, comhairleoireachta agus teicniúla do chomhpháirtithe tionscail, idir FBManna agus chuideachtaí ilnáisiúnta. Díronn sé ar an mbithchógaisíocht, ar ghléasanna liachta, ar an diagnóisic agus ar ardábhair. I measc na seirbhísí tá fréamhshamhaltú ar scála trialach, tástáil anailíseach i saotharlanna ceimice/bitheolaíochta, agus taighde comhoibríoch trí Thairseacha Teicneolaíochta amhail CREST (bratuithe) agus MiCRA (diagnóisic).

Rinne an Mol Taighde ar an tSláinte, ar an Innealtóireacht agus ar an Eolaíocht Ábhar dul chun cinn suntasach ar fud roinnt réimsí le linn na bliana 2025, agus é ag rannchuidiú le mórchlár oibre taighde idirdhisciplínigh OT Baile Átha Cliath.

- Leanadh leis an gcomhoibriú idir CREST agus CrannMed, agus [teicneolaíocht Sakura Bead](#) fna cuideachta le haghaidh oisté-airtríteas glúine ag bogadh ar aghaidh chuig an gcéim dheireanach de thrialacha cliniciúla.
- D'áirithigh CREST tionscadal de chuid Tógáil, Nuáil a bhí á chistiú ag comhpháirtithe tionsclaíocha (a bhí faoi stiúir SISK agus ARUP) chun imscrúdú a dhéanamh ar tháirgí dramhluaithrigh a úsáid i

bhfoirmlithe nua coincréite ar mhaithe le táirge fíorchiorclach a sholáthar.

- Chuir CREST Comhpháirtíocht Nuálaíochta i gcrích le [Active Difference](#) – cuideachta Éireannach a sholáthraíonn réitigh phacáistithe inbhuanaithe – ina ndearnadh scrúdú ar ábhair fheamainnbhunaithe a úsáid mar bhratuithe ar chupáin pháipéir lena n-úsáid le raon d'uirlisí séalaithe SusPak.
- Chuir MiCRA Dearbhán Nuálaíochta i gcrích le [Hytropics](#), lenar soláthraíodh saineolas teicniúil maidir le feidhmíocht cannaí agus pacáistithe a mheasúnú agus, an tráth céanna, lenar tacaíodh le himscrúdú a dhéanamh ar bhunchúiseanna ar leibhéal córas agus lenar neartaíodh buan-nósanna imeachta oibríochta.
- Thacaigh an Mol Taighde ar an tSláinte, ar an Innealtóireacht agus ar an Eolaíocht Ábhar freisin le leathnú straitéiseach [SM:ART](#), ar seach-chuideachta de chuid na hollscoile é, chun réiteach nuálach faisnéise droichid a thriail.

D'áirithigh an Mol infheistíochtaí suntasacha i mbonneagar taighde freisin, go háirithe i dtaighde XPS (speictreascópacht fhótaileictreonach X-ghathaithe) agus i dtaighde ar chomhábhair. A bhuí leis na hinfheistíochtaí sin, neartaíodh an cumas atá aige gabháil do shaintréithriú ceannródaíoch ábhar agus do thaighde feidhmeach.

7.3 Caidreamh leis an bPobal agus leis an tSochaí

Bhí caidreamh leis an bpobal agus leis an tsochaí ina cholún lárnach gníomhaíochta arís eile, agus ba tríd an gcaidreamh sin a rinneadh spásanna oscailte cuimsitheacha de thionscnaimh shibhialta, chultúrtha agus shochaíocha de champaí OT Baile Átha Cliath. Le linn na bliana 2025, chuaigh an Ollscoil i gcomhpháirt le pobail chun breis agus 200 ceann d'imeachtaí, de ghníomhaíochtaí for-rochtana oideachais, d'imeachtaí cultúrtha pobail agus de thionscnamh inbhuanaitheachta a sholáthar. Thacaigh ár gcomhpháirtithe tionscail leo sin agus, ina lán cásanna, soláthraíodh iad i gcomhar le húdaráis áitiúla agus le heagraíochtaí forbartha pobail áitiúil.

Maidir leis an gcaidreamh leis an tsochaí i gcoitinne, lean OT Baile Átha Cliath le hobair i gcomhar le gach earnáil den tsochaí i réimse an oideachais, lenar áiríodh tríd an treoirthionscadal um Mic Léinn a Bheith ag Foghlaim le Pobail sa tréimhse 2024-25 agus tríd an gclár nua um Shaotharlann Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta, rud a seoladh i mí Aibreáin 2025.

Tá rannán [scéalta tionchair](#) ar fáil ar ár suíomh Gréasáin lena athbhreithniú. Tá roinnt tionscnamh leagtha amach thíos.

Cláir Cúram Sláinte ar Líne OT Baile Átha Cliath maidir le Dí-éilliú Gléasanna Cliniciúla – Rochtain a Mhéadú, Caighdeán a Ardú

Tá foghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt ghairmiúil leanúnach ina gcomhpháirteanna bunriachtanacha de chúram sláinte nua-aimseartha anois. Mar fhreagairt don bhrú méadaitheach ar chórais cúram sláinte agus don ghá atá le deiseanna solúbtha forbartha gairmiúla a sholáthar do chleachtóirí atá ag obair, tá bród ar OT Baile Átha Cliath aird a tharraingt ar réimse bunathraitheach atá ag fás go mear dá phunann acadúil – sraith de chlár pháirtaimseartha cúram sláinte, a reáchtáiltear go hiomlán ar líne, i ndí-éilliú gléasanna liachta. Trí na cláir sin, tá athmhúnlú á dhéanamh ar an dóigh a ndéantar an t-oideachas gairmiúil a sholáthar agus a aithint ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta.

Forbraítear leis na cláir sin scileanna rithabhachtacha i seirbhísí steiriúla chun tacú le hobráidí níos sábháilte agus le cúram sláinte níos sábháilte d'othair, agus is cáilíochtaí molta iad anois le haghaidh ceapacháin nua foirne dí-éillithe chuig ospidéal atá á reáchtáil ag FSS. Leis na cláir freisin, tacaítear le dul chun cinn gairme do phearsanra láithreach atá ag dul ar aghaidh chuig ról mhaoirseachta agus bhainistíochta. Is é OT Baile Átha Cliath an t-aon ollscoil amháin in Éirinn a thairgeann cáilíochtaí acadúla sa sainréimse seo de sheirbhísí imobráide. Chuir breis agus 1,400 gairmí cúram sláinte ar fud ospidéal ghéarmhíochaine na hÉireann an oiliúint i gcrích ón mbliain 2016 i leith, rud a léiríonn an gá atá leis na cláir sin agus an tionchar atá acu ar an leibhéal náisiúnta ar aon.





D'óstáil OT Baile Átha Cliath an chéad imeacht de chuid Scoil Samhraidh Fergus McCabe ag ár gcampas i nGráinseach Ghormáin i mí Mheán Fómhair 2025.

Ba é ArFudNaCathrach, Feachtas Géarchéime Drugaí a d'eagraigh an t-imeacht. Is líonra náisiúnta é sin de ghníomhaithe pobail agus d'eagraíochtaí pobail a bhfuil baint acu le freagairt d'fhadhbanna drugaí na hÉireann. Fuair an Scoil Samhraidh ionchuir ó chleachtóirí, taighdeoirí, reachtóirí agus acadóirí éagsúla. Áiríodh leo sin an tOllamh Alex Stephens, iar-Uachtarán ar an gCumann Idirnáisiúnta um Staidéar ar Bheartas Drugaí; Ann Fordham, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an Cuibhreannas Idirnáisiúnta um Beartas Drugaí; Niamh Eastwood, Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Release, ar carthanas é atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus a bhféachtar go forleathan air mar ionad saineolais ar dhrugaí agus ar dhlíthe drugaí; agus an Seanadóir Lynn Ruane (sa phictiúr ar chlé), feachtasóir mór le rá ar son athchóiriú drugaí in Éirinn.

I measc na rannpháirtithe sa díospóireacht painéil bhí an tUas. Liam Herrick, Príomh-Choimisinéir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, Sian Muldowney ón Líonra Eagraíochtaí Lárchathrach, agus Andy O'Hara ó Uisce, arb eagraíocht tathanta é.

Sheol an Lárionad Náisiúnta Optaiméadrachta comhpháirtíocht cúram súl le hIonad Lae na gCaipisíneach

Le linn na bliana 2025, bhunaigh an Lárionad Náisiúnta Optaiméadrachta comhpháirtíocht nua le hIonad Lae na gCaipisíneach chun seirbhísí rithábachtacha cúram súl a sholáthar do roinnt de na daoine is imeallaithe i bpobal Bhaile Átha Cliath. Tríd an gcomhoibriú sin, soláthraíonn mic léinn optaiméadrachta OT Baile Átha Cliath scrúduithe súl agus spéaclaí ag clínic for-rochtana a óstáiltear ag Ionad Lae na gCaipisíneach. Leis an tionscnamh seo, cuirtear leis an mbreis agus deich mbliana de sheirbhís dheonach a chuir Jason McInerney, iarmhac léinn agus radharceolaí, isteach. Thug sé tacaíocht cúram súl d'aíonna an Ionaid freisin. Anois, le tacaíocht ó Ocuco agus ó Topcon Healthcare, a chomhpháirtithe daonchaidis, féachfaidh OT Baile Átha Cliath leis an oidhreacht sin a choinneáil ar bun agus le hí a leathnú trí uainíocht struchtúrtha clínicí. D'fháiltigh Brian Friel, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ionad Lae na gCaipisíneach, roimh an tionscnamh, agus

é ag rá: “Leis an gclár seo, tugtar rochtain dár n-aíonna ar leibhéal tacaíochta nach mbeadh siad in ann leas a bhaint as murach sin. Oibrímid i gcomhar le daoine an-imeallaithe nach bhfuil aon rochtain acu ar sheirbhísí agus, tríd an gclár seo, is féidir aghaidh a thabhairt ar roinnt tinneas agus laguithe ag luathchéim sula mbeidh an iomarca tionchair acu. Tá ríméad orainn gabháil don chomhpháirtíocht seo le OT Baile Átha Cliath.”

“Dúirt Declan Hovenden, Ceann na hOptaiméadrachta i Scoil na Fisice, na nEolaíochtaí Cliniciúla agus na hOptaiméadrachta: “Tá ríméad orainn a bheith páirteach sa tionscadal seo. Tá tairbhí ollmhóra ag baint leis do gach duine atá páirteach ann. Is mór an onóir dúinn gur iarradh orainn a bheith páirteach toisc go bhfuil Ionad Lae na gCaipisíneach suite inár gcomharsanacht. Mar sin, is sárthionscnamh pobail é agus is tionscnamh cuimsitheach sláinte é araon – is rud é sin a theagascaimid dár mic léinn. Is iontach an rud é an tionscnamh a fheiceáil agus é i mbun gnímh.”



Alex Crowley, Tara McDonagh, Annabel Sweetnam, Kate Kobayashi Harford agus Hannah Brett, mic léinn tríú bliain sa chúrsa i gCothú an Duine agus Diaitéitic

Pobail a Chothú: Athrú a Chumhachtú trí Bhia agus trí Chomhpháirtíocht

I bhfianaise an mhéadaithe ar neamhionannais sláinte, ar neamhshláindáil bia, agus ar mhífhaisnéis maidir le cothú, is ionann an tionscadal um Pobail a Chothú agus freagairt fhiúntach do cheann de na riachtanais is práinní sa lá atá inniu ann: rochtain chothromasach ar an oideachas cothaithe agus ar chleachtais bhia inbhuanaithe. Ag obair dóibh ar fud cúig fhothionscadal uathúla, chuaigh mic léinn tríú bliain sa chúrsa i gCothú an Duine agus Diaitéitic i gcomhpháirt le scoileanna áitiúla, le moil phobail, agus leis an gclár Campais Shláintiúil de chuid OT Baile Átha Cliath féin chun nósanna dearfacha cothaithe a chur chun cinn laistigh den tsochaí agus chun deireadh a chur le bacainní ar mhaireachtáil shláintiúil.



Bliain a Caitheadh ag Taibhiú, ag Tabhairt Scoláireachtaí agus ag Gabháil do na hEalaíona

I rith na bliana 2025, choinnigh Conservatoire OT Baile Átha Cliath clár bríomhar gníomhaíochta ealaíne, oideachais agus taighdebhunaithe ar bun a bhí mar fhianaise ar an tiomantas atá aige don tsármhaitheas sna taibhealaíona. Sholáthair an Conservatoire féilire iomlán de thaibhléirithe agus ceardlanna poiblí, idir cheolchoirmeacha ensemble leis an Ensemble Gaoithe agus le Banna Ceolchoirme Ráth Fearnáin i mí Aibreáin agus cheadail phobaldírithe ag Féile Ealaíon Pobail Rialto i mí an Mheithimh, agus caidreamh láidir á chothú aige leis an lucht éisteachta ar fud Bhaile Átha Cliath. Ghlac mic léinn agus baill foirne teagaisc páirt in imeachtaí tumthacha amhail Deireadh Seachtaine na nGiotár freisin, áit ar tugadh príomhcheoltóirí agus príomhoideoirí le chéile le haghaidh máistir-ranganna, seimineár, agus staidéar comhoibríoch. I gcomhar le Compántas Náisiúnta Ceoldrámaíochta Éireann, d’óstáil an Conservatoire Ceardlann Répétiteur Aon Lae. Le linn an lae, soláthraíodh oiliúint phraiticiúil rithábhachtach do phianódóirí agus d’amhránaithe, mar aon le máistir-ranganna tosaigh don mhórphobal.



Tháinig neart suntasach ar phróifíl acadúil agus taighde an Conservatoire sa bhliain 2025 freisin. Bhí sé sin le feiceáil sa tsraith leantach Siompóisiamai Taighde dá chuid. Trí na himeachtaí sin, tugadh ardáin do mhic léinn dochtúireachta, do mhic léinn Máistreachta Fealsúnachta, agus do mhic léinn Dochtúireachta Ceoil chun saothar bunaidh a chur i láthair sa cheoleolaíocht, i gcleachtas taibhiúcháin, i gcumadóireacht agus i dtaighde idirdhisciplíneach ealaíon, rud a chothaigh malartú scolártha i measc baill foirne, mic léinn agus saineolaithe ar cuairt.

Lean an siompóisiam i mí na Nollag leis an traidisiún sin, rud a threisigh an cháil atá ar Conservatoire OT Baile Átha Cliath maidir le taighde cleachtasbhunaithe a sholáthar lena gcuirtear bonn eolais faoin teagasc agus faoin taibhiú araon ar an leibhéal is airde. I mí Dheireadh Fómhair, sheol Ceolfhoireann Fhiolarmónach nuabhunaithe OT Baile Átha Cliath a séasúr don tréimhse 2025/26 trí cheolchoirm mhór máistirshaothar Rúiseach a reáchtáil. Dá bharr sin, leathnaíodh arís eile na deiseanna taibhiúcháin a bhí ar fáil do mhic léinn agus do cheoltóirí pobail araon.





CUMASÓIRÍ

Ár nUaillmhian

- tá sé de rún againn tacú le comhlíonadh na gcuspóirí straitéiseacha ar fud ár gcolún, eadhon Daoine, Domhan agus Comhpháirtíocht, trí phríomhchumasóirí

Sáraigh an Fhoghlaim
Go Beyond Learning

8.1 Inbhuanaitheacht Airgeadais

Le linn na bliana 2024/25, lean an Ollscoil lena Plean Téarnaimh Airgeadais agus spriocanna inghnóthaithe eile arna sonrú ag an ÚAO a chur chun feidhme. Tá an Ollscoil ag tabhairt a ráiteas airgeadais don bhliain airgeadais 2024/25 chun críche agus measann sí go dtuairisceoidh sí easnamh oibriúcháin. Táthar ag súil, áfach, go bhfanfaidh na cúlchistí airgid seasmhach den chuid is mó i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe.

8.2 Solúbthacht agus Aclaíocht Eagraíochtúil

Tá sé mar aidhm ag OT Baile Átha Cliath roinnt cláir chlaochlaithe a sholáthar chun a chinntiú gur féidir leis oibriú mar eagraíocht sholúbtha shofhreagrúil. Le linn na bliana 2025, soláthraíodh leis na ceithre chlár bunathraithe atá ar bun ag an Ollscoil – Campas Inbhuanaithe, Eispéireas Foghlaimoirí, Eispéireas Fostaithe, agus Sonraí agus Nithe Digiteacha – dul chun cinn comhordaithe a neartaíonn solúbthacht institiúideach, cumas digiteach, agus ullmhacht straitéiseach fadtéarmach. I dteannta a chéile, cumasaítear leis na cláir sin oibrióchtaí níos éifeachtúla, seirbhísí níos freagrúla, agus ailíniú níos láidre le tosaíochtaí náisiúnta agus le riachtanais athraitheacha mac léinn agus ball foirne.

Leis an gclár um Champas Inbhuanaithe, cuireadh príomhthionscnaimh chaipitil agus inbhuanaitheachta chun cinn, agus cuireadh roinnt tionscadal ar aghaidh trí chéimeanna rithábhachtacha ceadúcháin. A bhuí le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí digiteacha faisnéise foirgníochta agus úsáide spáis, tá an Ollscoil in ann acmhainní campais a bharrfheabhsú agus tacú le pleanáil spáis níos inoiriúnaithe.

Leis an gclár um Eispéireas Foghlaimoirí, rinneadh nuachóiriú suntasach ar chórais acadúla agus ar chórais mac léinn. Tríd an treoirhionscadal um Athbhreithniú agus Bailíochtú Feabhsaithe Clár, tá próisis dearbhaithe cáilíochta á gcuíchóiriú ar fud 15 chlár. Tá an mórchlaochlú digiteach ar an gCóras Bainistíochta Taifead Mac Léinn beo anois, ar dá bharr atá taifid á n-aontú agus atá próisis á n-ailíniú ar fud na gcampas uile. Tá obair ar siúl chun comhtháthú córas a bharrfheabhsú agus chun an t-eispéireas úsáideora a fheabhsú. Rinneadh dul chun cinn ar rialacháin mheasúnaithe, bainistíocht scrúduithe, prionsabail amchláraithe agus samhlacha oibriúcháin amach anseo a aontú freisin.

Leis an gclár um Eispéireas Fostaithe, tugadh aghaidh

ar chroíphróisis acmhainní daonna agus ar bhonneagar leanúnaigh san earcaíocht, beifear in ann éifeachtúlachtaí a bhaint amach sa todhchaí, le tacaíocht ó fheidhmiúlacht nua earcaíochta ar thairseach CORE agus ó leathanaigh Ghréasáin nua acmhainní daonna. Chun tacú le comhthiomsú sonraí agus le tuairisciú ar mhéadrachtaí comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe agus ar Athena Swan, tugadh saoráid nua struchtúir tuairiscithe isteach chun bailiú sonraí a chuíchóiriú le haghaidh tuairisciú ar Athena Swan.

Leis an gclár um Shonraí agus Nithe Digiteacha, cuireadh feabhas suntasach ar éiceachóras sonraí na hOllscoile trí uasghráduithe digiteacha rithábhachtacha a dhéanamh. Áiríodh leo sin saoráid bainistíochta caidrimh custaiméirí, deaiseanna feabhsaithe don chóras bainistíochta faisnéise taighde, agus cumais leathnaithe sonraí inbhuanaitheachta agus taighde. Mar thoradh ar na bunsraitheanna atá i bhfeidhm anois, tacófar le sofhreagrúlacht eagraíochtúil níos fearr agus cuirfear feabhas eile ar na heispéiris i measc mic léinn, baill foirne agus comhpháirtithe.

Feabhas a chur ar sholúbthacht agus sofhreagrúlacht eagraíochtúil na hOllscoile

I mí na Nollag 2025, d'éirigh le OT Baile Átha Cliath dhá dhámhachtain a áirithiú faoi Chiste Feabhsúcháin Spriocdhírithé an Údaráis um Ard-Oideachas – an tionscadal EOS, ar tionscadal institiúideach é a fuair cistiú ab fhiú €10m ón gCiste, agus an tionscadal EDIP, ar tionscadal comhoibríoch idir na hollscoileanna teicneolaíochta é a fuair cistiú ab fhiú €4.5m ón gCiste.

Tá an tionscadal EOS deartha chun forbairt straitéiseach OT Baile Átha Cliath a dhaingniú agus chun rath fadtéarmach inbhuanaithe a bhrú chun cinn. Díritear ar na nithe seo a leanas sa tionscadal:

- Saolré Mac Léinn atá Feabhsaithe ón taobh Digiteach de: dírithe ar earcaíocht, rannpháirtíocht agus coinneáil a fheabhsú. Agus leas á bhaint as an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus as uirlisí digiteacha cruthaithe, is é an toradh a bheidh ar an tionscadal seo ná OT Baile Átha Cliath a chumasú oibriú ar bhealach atá níos barainní, níos dírithe agus níos athléimní, a bhuntacaíonn le heispéireas na mac léinn agus a chuireann feabhas ar earcaíocht mac léinn agus ar bhainistíocht faisnéise mac léinn. Toradh eile a bheidh air is ea go gcabhrófar le feabhas a chur ar rátaí coinneála, trí ‘Ardán Rannpháirtíochta’ OT Baile Átha Cliath a chruthú lena dtacófar le rannpháirtíocht agus dul chun cinn, trí dhea-chleachtais a dhaingniú agus trí shraith idirghabhálacha a phríomhshruthú, faoi ‘Fheachtas Coinneála Mac Léinn’ athbheoite.
- Sármhaitheas Oibríochtúil atá Bunaithe ar an Intleacht Shaorga: Próisis ollscoile a chuíchóiriú agus a shimpliú trí úsáid a bhaint as an intleacht shaorga agus as an uathoibriú chun neamhéifeachtúlachtaí a laghdú, chun soláthar seirbhíse a fheabhsú, agus chun úsáid acmhainní a bharrfheabhsú, agus tionchar bunathraitheach á bhaint amach ar fud na hollscoile.
- Creat Gairmeacha Acadúla: An chéad chéim de struchtúr acadúil nua ollscoile teicneolaíochta a sheoladh trí ról Ollúnachta a thabhairt isteach in OT Baile Átha Cliath (i gcomhar leis na hollscoileanna teicneolaíochta eile), áit a n-aithnítear ceannaireacht agus an tsármhaitheas acadúil agus a gcuirtear cuspóirí taighde agus nuálaíochta na hOllscoile chun cinn
- Forbairt Foirne: Infheistiú in oiliúint agus forbairt foirne chun cumas a fhorbairt, chun tacú leis an nuálaíocht, agus chun cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chothú

Ceann amháin de na croíchuspóirí atá ag EOS is ea inbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú trí chlaochlú digiteach agus forbairt fórsa saothair a ailíniú le bainistíocht acmhainní níos cliste. Leis an gcur chuige comhtháite sin, neartaítear an cumas atá ag OT Baile Átha Cliath oiriúnú, dul san iomaíocht agus bláthú i dtírdhreach ardoideachais a bhíonn ag athrú agus luach fadtéarmach a bhaint amach do mhic léinn, do bhaill foirne agus do gheallsealbhoirí.

Tá an **tionscadal EDIP (Enhancing Data Infrastructure and Business Intelligence)** ina thionscadal comhoibríoch idir na cúig ollscoil teicneolaíochta. Is é OT Baile Átha Cliath an Treoraí Tionscadail.

De réir mar a leanann ollscoileanna teicneolaíochta na hÉireann le forbairt tar éis a n-ainmniúcháin, is gá dóibh cumas níos fearr a fhorbairt ó thaobh rialachas sonraí, anailísíochta agus cinnteoireachta de ionas gur féidir leo a gcastacht oibríochtúil mhéadaitheach a bhainistiú agus freagairt d'éilimh mhéadaitheacha ar fhormhaoirseacht, cuntasacht, trédhearcacht agus éifeachtúlacht níos fearr. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal comhoibríoch seo cur le hacmhainn sonraí agus anailísíochta na hearnála ollscoileanna teicneolaíochta ar bhealach comhordaithe chun go mbeidh cumas níos fearr ag na hollscoileanna aghaidh a thabhairt ar dhúshláin oibríochtúla agus rialachais atá ann faoi láthair agus orthu sin atá ag teacht chun cinn.

Leis an tionscadal trí bliana seo, tugtar cúig ollscoil teicneolaíochta le chéile i gclár oibre ar fud ceithre cholún:

- Rialachas Sonraí: Tá sé mar aidhm leis an tionscadal cleachtais bainistíochta sonraí atá comhsheasmhach agus ar ardchaighdeán agus caighdeáin tuairiscithe uile-earnála a fhorbairt
- Trádstóráil Sonraí: Leis an tionscadal, tacófar le timpeallachtaí sonraí atá slán agus inscálaithe a fhorbairt ina gcomhtháthófar croishonraí institiúideacha
- Éirim Ghnó agus Anailísíocht atá Cumasaithe ag an Intleacht Shaorga: Leis an tionscadal, féachfar le léargais inghníomhaithe fíor-ama a ghiniúint chun tacú le cinntí feidhmiúcháin agus oibriúcháin
- Treoirhionscadail atá faoi stiúir ag Sonraí: Beidh cúig threoirhionscadal i gceist leis an tionscadal, agus iad ailínithe le tosaíochtaí institiúideacha aonair – amhail coinneáil mac léinn, pleanáil fórsa saothair, agus úsáid spáis – ar féidir iad a roinnt agus a mhéadú ó scála ar fud na hearnála.

Áireofar leis na haschuir ón tionscadal sainmhínithe caighdeánaithe agus beartais chaighdeánaithe, cumas feabhsaithe tuairiscithe, agus baill foirne oilte ar fud gach institiúide. Áireofar leo freisin bonneagar criticiúil chun tacú le sonraí slána láidre a bhailiú agus a

choinneáil. Leis an tionscadal, leagtar an bhunchloch bhunriachtanach le haghaidh an intleacht shaorga a úsáid ar bhealach freagrach straitéiseach chun tacú le hoibríochtaí institiúideacha agus earnála.

8.3 Claochlú Digiteach

Sa bhliain 2025, rinne OT Baile Átha Cliath dul chun cinn suntasach maidir lena thimpeallacht dhigiteach a nuachóiriú, an chibearshlándáil a neartú, agus an t-eispéireas teicneolaíochta a fheabhsú do mhic léinn agus do bhaill foirne.

Seoladh an córas aontaithe nua bainistíochta taifead mac léinn sa bhliain 2025, agus ardán nua-aimseartha aonair á chur in ionad roinnt córas oidhreachta éagsúil. Cé gur rud deacair é an córas a chur i bhfeidhm, d'éirigh lenár mbaill foirne freagairt don dúshlán sin. Mar thoradh ar an uasghrádú sin, tacófar le próisis chuíchóirithe ó ligean isteach go bronnadh céimeanna, cuirfear feabhas ar cháilíocht sonraí agus ar chomhtháthuithe le príomhchórais ollscoile agus, le himeacht ama, cuirfear le heispéireas na mac léinn.

Bhí an chibearshlándáil ar cheann de na príomhthosaíochtaí go fóill. Chuir OT Baile Átha Cliath a shamhail slándála Zero Trust chun cinn, agus rialuithe nua aitheantais agus rochtana á leathnú aige ar fud tuilleadh ranna. Cuireadh ullmhúcháin i gcrích le haghaidh fíordheimhniú ríomhphost DMARC a chur chun feidhme, rud a laghdóidh rioscaí fioscaireachta agus spúfála. Ghlac cuid mhór ball foirne páirt in ionsamhluithe tráthrialta fioscaireachta, a fhágann go bhfuil feasacht níos fearr acu anois ar na contúirtí a bhaineann le ríomhphoist fioscaireachta. Imscaradh uirlisí nua faireacháin freisin chun fadhbanna a bhrath tráth níos luaithe agus chun cabhrú le seirbhísí rithábhachtacha a chosaint.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir lenár mbonneagar digiteach a fhorbairt. Lean an Ollscoil le córais líonra a uasghrádú ar fud campais éagsúla, agus í ag soláthar Wi-Fi níos tapa agus níos sláine agus nascacht nua-aimseartha lena dtacaítear leis an teagasc, le taighde agus leis an mbeartas ‘Tabhair do Ghléas Féin’. Cuireadh ailtireachtaí nua líonra i mbun feidhme i bpríomhfhoirgnimh, agus cuireadh feabhas ar theicneolaíocht seomra ranga don bhliain acadúil nua a bhuí le huasghráduithe móra closamhairc/meán. Cuireadh daingniú ionad sonraí chun cinn freisin, agus athléimneacht agus inbhuanaitheacht á neartú dá bharr sin.

Thug OT Baile Átha Cliath seirbhís nua bhainistithe priontála isteach ar fud na hOllscoile freisin, agus réiteach slán néalbhunaithe aonair á chur in ionad trí chóras oidhreachta. Is é an toradh a bheidh ar an gcur chun feidhme sin ar deireadh ná gníomhartha inbhuanaitheachta a fheabhsú, dramhaíl a laghdú, agus eispéireas comhsheasmhach úsáideora a sholáthar do mhic léinn agus do bhaill foirne.

Rinneadh dul chun cinn tábhachtach i mbliana freisin maidir le cumais tuairiscithe sonraí fiontraíochta OT Baile Átha Cliath a fhorbairt. Sainaithníodh timpeallacht nua tuairiscithe tar éis cleachtadh tagarmharcála sonraí. A bhuí leis an infheistíocht sin, méadófar inrochtaineacht sonraí cuí agus cuirfear feabhas ar chinnteoireacht ar fud na hOllscoile in am trátha.

8.4 Brandáil agus Cumarsáid Mhargaíochta

Agus é ina ollscoil measartha óg, leanann OT Baile Átha Cliath le hinfheistiú i mbrandáil agus i gcumarsáidí margaíochta ar mhaithe le féiniúlacht láidir aontaithe a thógáil. I dtírdhreach ardoideachais a bhíonn ag éirí níos iomaíche i gcónaí, ar tírdhreach é ina bhfuil raon leathan roghanna ag mic léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta, tá ríthábhacht ag baint le brandáil mharthanach maidir lena chur in iúl go soiléir cé na nithe a seasann OT Baile Átha Cliath dóibh agus cén dóigh a bhfuil sí difriúil mar ollscoil teicneolaíochta.


Chun feachtas a mhéadú ar OT Baile Átha Cliath – laistigh d’Éirinn ar dtús agus ansin ar an leibhéal domhanda – rinne an Ollscoil infheistíocht mhéadaithe i mbrandáil agus bhunaigh sí dhá phríomhtháscaire feidhmíochta: (1) fás ar an bhfeachtas neamhspreagtha ar OT Baile Átha Cliath i measc an phobail aosaigh; agus (2) méadú ar sciar na hOllscoile de chéadroghanna Leibhéal 8 in iarratais chuig an Lár-Oifig Iontrála (CAO).

Seoladh feachtas branda OT Baile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus bhí láithreacht láidir aige arís eile sa bhliain 2025. Cuireadh luachthairiscint shainiúil OT Baile Átha Cliath in iúl tríd an bhfeachtas, ar lena linn a tarraingíodh aird ar fhoghlaim phraiticiúil fheidhmeach, ar eispéireas níos pearsanta agus níos tacúla do mhic léinn, agus ar chaidreamh láidir leis an lucht tionscail. Ba faoin sluán “Sáraigh an Foghlaim” a tugadh an méid sin ar fad le chéile. Tríd an bhfeachtas freisin, suíodh OT Baile Átha Cliath mar an ollscoil is fearr i mBaile Átha Cliath maidir le fostaíocht do chéimithe, rud ar toisc ríthábhachtach é do mhic léinn ionchasacha agus dá gcaomhnóirí.



International Postgraduate Prospectus 2026/27

Foghlaim phraiticiúil OT Baile Átha Cliath



Léiríodh sna torthaí ón suirbhé bliantúil Rianaithe Branda a seoladh i mí na Samhna 2025 go raibh feachtas neamhspreagtha ar OT Baile Átha Cliath cothrom le 23% ar an leibhéal náisiúnta, le 42% i measc chónaitheoirí Bhaile Átha Cliath, agus le 53% i measc daoine idir 16 bliana d’aois agus 24 bliana d’aois. Mar sin, baineadh amach an sprioc a leagadh síos maidir le feachtas branda laistigh de réigiún Bhaile Átha Cliath agus laistigh de spriocphobal tosaíochta na hOllscoile – is é sin, an óige.

Bhí sciar OT Baile Átha Cliath de chéadroghanna Leibhéal 8 in iarratais CAO cothrom le 7.2% an 1 Iúil 2025. Is ionann é sin agus méadú 0.2 pointe céatadánach i gcomparáid leis an mbliain 2024. Fuair OT Baile Átha Cliath 5,923 cinn san iomlán d’iarratais chéadrogha Leibhéal 8, cothrom le méadú 529 n-iarratas ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Is é an sprioc atá againn an sciar de chéadroghanna Leibhéal 8 in iarratais CAO a mhéadú go 8.4% faoin mbliain 2028.

Reáchtáladh feachtais bhreise i rith na bliana chun mic léinn CAO a spreagadh OT Baile Átha Cliath a roghnú, chun ár gclár iarchéime a chur chun cinn, agus chun aird a tharraingt ar na deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil atá ar fáil uainn. Feachtais dhigiteacha a bhí i bhformhór na bhfeachtais sin, ar ina leith a úsáideadh bealaí amhail Instagram, Facebook agus LinkedIn. Bhí láithreacht fuaime againn ar an raidió agus ar Spotify freisin.

Buntaca leis na feachtais mhargaíochta sin ba ea gníomhaíocht shuntasach thar na meáin shóisialta. Tá níos mó ná 280,000 leantóir ag OT Baile Átha Cliath ar fud na bpríomhardán meán sóisialta. Bhaineamar méaduithe suntasacha amach ar an líon leantóirí atá againn ar TikTok agus ar Instagram sa bhliain 2025, agus chuireamar borradh mór faoin ráta rannpháirtíochta lenár n-inneachar agus faoin líon daoine a ndeachaigh ár n-inneachar i bhfeidhm orthu.

Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin go léir, tháinig fás láidir ar an bhfeachtas ar OT Baile Átha Cliath i measc ár spriocphobail – is é sin, an óige – agus i measc mhuintir Bhaile Átha Cliath, cabhraíodh leis an líon céadroghanna a fuair an Ollscoil in iarratais CAO a mhéadú go dtí an líon is airde riamh ó bunaíodh an Ollscoil den chéad uair, agus cinntíodh gur tháinig méadú an-suntasach ar an líon daoine a d’fhreastail ar ár Lá Oscailte CAO i mí na Nollag, rud ar dea-chomhartha é d’earcaíocht mac léinn sa bhliain 2026.

9. Athbhreithniú Cáilíochta Institiúideach

Téann institiúidí ardoideachais Éireannacha faoi athbhreithnithe seachtracha tráthrialta dearbhaithe cáilíochta a ndéanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) iad. Tá na meastóireachtaí sin mar chuid de phróiseas timthriallach dá ngairtear ‘Cinnté’, ina leagtar díriú ar dhearbhu cáilíochta agus ar fheabhsú cáilíochta. Chríochnaigh OT Baile Átha Cliath féinmheastóireacht chriticiúil i mí Dheireadh Fómhair 2021. Ina dhiaidh sin, i mí na Bealtaine 2022, d’fhoilsigh QQI an Tuarascáil ar Athbhreithniú Institiúideach OT Baile Átha Cliath 2022. An Fhoireann Athbhreithnithe, ina raibh saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, mhol sí an Ollscoil as an dul chun cinn suntasach a bhí déanta aici ó uair a bunaithe i leith. Leagadh amach sa tuarascáil freisin sraith moltaí chun forbairt agus claochlú leantach na hOllscoile a threorú. Cuireadh na moltaí sin ar áireamh ina dhiaidh sin i bPlean Gníomhaíochta Institiúideach na hOllscoile, ar cheadaigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann é.

Tá an Plean Gníomhaíochta Institiúideach ag teacht le deich dtosaíocht straitéiseacha atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach na hOllscoile:

- An Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ón Ollscoil agus a gníomhartha gaolmhara a chur chun feidhme.
- Tabhairt faoi athbhreithniú agus athailíniú cuimsitheach ar phunann na gclár acadúil chun tacú le rath na mac léinn, chun freagairt d’éilimh scileanna, agus chun inbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú.
- Córas Bainistíochta Clárúcháin Mac Léinn nua comhtháite a sholáthar.
- Plean Claochlaithe Dhigitigh a fhorbairt agus a chur i gcrích atá dírithe ar rath na mac léinn a fheabhsú.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar thionscnaimh forbartha foirne atá ailínithe le cuspóirí straitéiseacha.
- An líon ball foirne atá gníomhach i dtaighde a mhéadú, cistiú taighde breise a fháil, agus an líon mac léinn taighde iarchéime a mhéadú.
- Infheictheacht agus cur in iúl branda a neartú tríd an suíomh Gréasáin agus trí chainéil eile.
- Samhail rannpháirtíochta ollscoile uile a bhunú agus plean comhordaithe a chur chun feidhme chun comhoibriú le comhpháirtithe acadúla, tionscail agus pobail a leathnú.
- Cur chun feidhme dhearadh eagraíochtúil na hOllscoile a thabhairt chun críche, agus é a úsáid mar bhunús don chlaohlú agus don fhás amach anseo.

- Próisis ghnó a athshocrú agus a bharrfheabhsú chun éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach, agus cumarsáid shoiléir a chinntiú maidir leis na hathruithe sin.

Tá formhór na ngníomhartha sa Phlean Gníomhaíochta Institiúideach curtha i gcrích. Áirítear iad seo a leanas leis na gníomhartha a ndearnadh dul chun cinn orthu sa bhliain 2025:

- Córas aontaithe Bainistíochta Taifead Mac Léinn a thabhairt isteach.
- An Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ón Ollscoil agus a pleananna gníomhaíochta gaolmhara a chur chun feidhme.
- Rialacháin um Measúnú Aonadach a fhorbairt agus a ghlacadh.
- Próisis a chuíchóiriú, agus teicneolaíocht a úsáid chun tacú leis an oifig comhpháirtíochtaí.
- Rialachas agus freagrachtaí clár a chur in iúl go soiléir, rud a baineadh amach trí shuíomh Gréasáin agus inlíon OT Baile Átha Cliath, agus trí acmhainní spriocdhírithe a sholáthar.

Tá na moltaí seo a leanas ar siúl agus tá siad le cur i gcrích sa bhliain 2026:

- Samhail chostais/samhlacha costais uile-ollscoile agus próiseas costais uile-ollscoile a fhorbairt chun ioncam a eascraíonn as clár chomhoibriúchá a leithdháileadh ar fud Scoileanna/Dámh/aonad.
- Acmhainní a chur ar fáil go cuí do Dhámha agus do Scoileanna chun tacú le hathruithe, comhdhlúthú, agus athbhreithniú clár agus taighde a chur i gcrích.
- Cur chuige láraithe a fhorbairt i leith bainistíocht sonraí, tuairisciú agus anailísíocht foghlama, i dteannta próisis chuí ghnó, agus sannadh ról agus freagrachtaí.
- A chinntiú go dtacaíonn an Córas nua Bainistíochta Taifead Mac Léinn go hiomlán le cur chun feidhme an Chreata Cáilíochta agus go háirithe le soláthar na sonraí agus na dtuarascálacha a theastaíonn laistigh de na próisis athbhreithnithe acadúil.
- A chinntiú go dtugtar tacaíocht chuí don fhoireann acadúil chun páirt iomlán agus éifeachtach a ghlacadh i ngach módúlacht teagaisc, lena n-áirítear foghlaim chumaisc agus foghlaim ar líne.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na huaireanta oscailte institiúideacha le haghaidh seirbhísí agus tacaíocht do mhic léinn, agus breithniú a dhéanamh ar chur chuige ilfhreastail a bhíonn ar oscailt 24 uair an chloig sa lá, seacht lá sa tseachtain, a fhorbairt i leith seirbhísí do mhic léinn.
- Leanúint le caidreamh a dhéanamh le SOLAS agus leis an Oifig Náisiúnta Printiseachtaí chun a chinntiú go bhfuil próiseas Dearbhaithe Cáilíochta agus Feabhsúcháin na hOllscoile ag teacht le rialacháin agus nósanna imeachta SOLAS.

10. Ráiteas Comhionannais

Ráiteas Comhionannais OT Baile Átha Cliath 2023-2028

Tiomantas Foriomlán

Is iad bunluachanna Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath) ná Sármhaitheas, Cuimsiú, Tionchar agus Meas. Trí na luachanna sin a chleachtadh, tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn, agus do chearta an duine atá ag gach duine inár bpobal Ollscoile a chosaint agus a chur chun cinn. Tá an Ráiteas Comhionannais seo ar aon dul le hAcht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, alt 19(1) go (6).

Rochtain agus Oideachas

Cumasaíonn Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Baile Átha Cliath) cothromas rochtana ar an oideachas, agus cothromas rannpháirtíochta san oideachas, do gach duine, beag beann ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, reiligiún, aois, míchumas, cine (lena n-áirítear dath, náisiúntacht, bunadh eitneach nó bunadh náisiúnta), ballraíocht den Lucht Siúil agus cúlra socheacnamaíoch. Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta dá chinntiú gurb amhlaidh, maidir le cuallacht na mac léinn atá ag dul isteach agus ag glacadh páirt ina chlár ar gach leibhéal agus atá ag críochnú na gclár sin, atá sí ina léiriú ar éagsúlacht agus meascán sóisialta réigiún Bhaile Átha Cliath agus dhaonra na hÉireann. Cuirtear san áireamh go hiomlán sa bheartas i dtaca le ligean isteach an Rún Straitéiseach atá ag an Ollscoil go mbeadh sí ar an ollscoil is sorochtana in Éirinn, agus an líon is mó foghlaimoirí éagsúla aici.

Is eol don Ollscoil go háirithe na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht san ardoideachas a bhíonn os comhair daoine ó chúlraí atá faoi mhibhuntaíste eacnamaíoch nó sóisialta, os comhair daoine a bhfuil cineálacha éagsúla cumais acu, agus os comhair daoine ó chodanna den tsochaí atá faoi ghannionadaíocht shuntasach i measc chuallacht na mac léinn. Chuige sin, cuirtear san áireamh go hiomlán i mbeartas na hOllscoile i dtaca le ligean isteach an Plean Rochtana Náisiúnta 2022-2028 ón Údarás um Ard-Oideachas¹. Leis an mbeartas, tacaítear le rannpháirtíocht na mac léinn a bhfuil na próifíil thuas acu trí ghníomhaíochtaí réamhligin isteach, trí shocrúithe malartacha ligin isteach agus trí thacaí iarligin isteach. Tá sé mar aidhm léi freisin eispéireas feabhsaithe agus torthaí dearfacha oideachais a sholáthar do gach mac léinn trí úsáid a bhaint as cineálacha cur chuige amhail Dearadh Uilíoch agus Dearadh Uilíoch don Foghlaim le linn oideachas agus seirbhísí, tacaí agus saoráidí gaolmhara a sholáthar.

¹ An tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO), 2022. An Plean Rochtana Náisiúnta: Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Chochothromas Rochtana, Rannpháirtíocht agus Rath san Ardoideachas 2022-2028, atá ar fáil ag <https://hea.ie/policy/access-policy/national-access-plan-2022-2028/> (arna rochtain an 17 Samhain 2023).

Comhionannas

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do chomhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, a chur chun cinn i ngach gné dá chuid oibre. Tá beartas na hOllscoile i dtaca le comhionannas deiseanna faoi threoir ag corpas an dlí fostaíochta agus ag an oibleagáid reachtúil ‘aird a thabhairt ar an ngá atá ann an t-idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna agus córa dá foireann agus do na daoine dá soláthraíonn sí seirbhísí a chur chun cinn, agus cearta an duine atá ag a comhaltaí, a foireann agus na daoine dá soláthraíonn sí seirbhísí a chosaint’.² Cuireann an Ollscoil na caighdeáin iompair is airde chun cinn i measc a foirne. Tá sí lántiomanta do chur chun feidhme a dhéanamh ar an sprioc fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas atá ar áireamh sa Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas (2015-2024) ón Rialtas³. Tá sí tiomanta do ghnóthachtáil na cothromaíochta inscne agus an chomhionannais deiseanna a chur chun cinn i measc mhic léinn agus bhaill foirne na hOllscoile. Áirítear leis sin aird a thabhairt ar an gcuspóir atá leagtha síos san Acht gur mná a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad de chomhaltaí an Chomhlachta Ceannais agus gur fir a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad díobh⁴. De bhreis air sin, mar a fhoráiltear dó in Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, tabharfaidh an Comhlacht Ceannais aird ar an gcuspóir atá leagtha síos san Acht gurb amhlaidh, maidir leis an gComhairle Acadúil, is mná a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad de na comhaltaí agus is fir a bheidh i 40 faoin gcéad ar a laghad díobh⁵.

Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an Ollscoil aghaidh a thabhairt ar éagothroime inscne i measc na foirne agus i measc chuallacht na mac léinn i réimsí disciplín acadúil agus i réimsí feidhme ina bhfuil patrúin thraidisiúnta ceannasachta firinne nó baininne le fáil. Cuireann an Ollscoil beartais agus creataí dea-chleachtais uile-earnála chun feidhme agus cloíonn sí leo. Áirítear leo sin Prionsabail Athena SWAN Ireland⁶ agus na moltaí ón Dara hAthbhreithniú Náisiúnta ón Údarás um Ard-Oideachas ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais⁷.

² An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, alt 42(a), atá ar fáil ag <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/25/enacted/en/html> (arna rochtain an 11 Deireadh Fómhair 2023).

³ Rialtas na hÉireann, 2015. An Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas 2015-2024, atá ar fáil ag <https://nda.ie/monitoring/national-disability-strategies/comprehensive-employmentstrategy-for-people-with-disabilities> (arna rochtain an 11 Deireadh Fómhair 2023).

⁴ Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, alt 12(5)(b), agus alt 6(2)(b) de Sceideal 1, atá ar fáil ag <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/3/enacted/en/html> (arna rochtain an 11 Deireadh Fómhair 2023).

⁵ Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, alt 16(3)(c), atá ar fáil ag <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/3/enacted/en/html> (arna rochtain an 13 Deireadh Fómhair 2022).

⁶ AdvanceHE 2021, Prionsabail Athena SWAN Ireland, atá ar fáil ag <https://www.advancehe.ac.uk/equality-charters/international-charters/athena-swan-ireland#principles> (arna rochtain an 11 Deireadh Fómhair 2023).

⁷ An tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO), 2022. An Dara hAthbhreithniú Náisiúnta ón Údarás um Ard-Oideachas ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais in Éirinn, atá ar fáil ag <https://hea.ie/policy/gender/hea-national-review-of-gender-equality-in-irish-higher-education-institutions/> (arna rochtain an 11 Deireadh Fómhair 2023).

Cuireann an Ollscoil feasacht agus tuiscint chun cinn ar cheithre ghné an idirdhealaithe, eadhon, idirdhealú stairiúil, idirdhealú struchtúrach, idirdhealú institiúideach agus idirdhealú aonair, d’fhonn tacú le cultúr feabhsaithe comhionannais, measa agus cothroime, áit a seastar go gníomhach le cearta an duine atá ag gach duine.

Plean Straitéiseach na hOllscoile

Leis an Ráiteas seo, treisítear an Rún Straitéiseach 2030 ó OT Baile Átha Cliath, áit a bhfuil comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú mar chuspóir straitéiseach ina n-aithneofar an Ollscoil mar eiseamláir i gcomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, áit a mbeidh daoine bródúil as a bheith mar chuid de phobal nasctha agus a gcruthóidh a gcuid buanna, inniúlachtaí agus gastachta fíorthionchar ar an ardán domhanda. Tugtar gealltanas sa Phlean Straitéiseach 2024-2028 go gcuirfear chun feidhme an raon iomlán pleananna comhionannais arna bhforbairt ag an Roinn Oideachais agus ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), lena n-áirítear an Creat um Thoilíú in Institiúidí Ardoideachais, Plean Forfheidhmithe an ÚAO um Dheireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais 2022-2024, Prionsabail Frithchinióchais an ÚAO d’Institiúidí Ardoideachais, agus Plean Forfheidhmithe an ÚAO um Chomhionannas Cine 2022-2024⁸. Tá sé mar chuspóir leis freisin creidiúnú Athena SWAN a leathnú go 40% de Scoileanna le linn na tréimhse sin. Déanfaidh an Ollscoil athbhreithniú ar a feidhmíocht i ndáil leis na creataí agus na pleananna sin, de réir mar is cuí, ar bhonn tráthrialta.

8 An Roinn Oideachais 2020. An Creat um Thoilíú in Institiúidí Ardoideachais: Sábháilte, Measúil, Tacúil agus Dearfach – Deireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais, atá ar fáil ag <https://www.gov.ie/en/department-of-education/publications/framework-for-consent-in-higher-education-institutions-safe-respectful-supportive-and-positive-ending-sexual-violence-and-harassment-in-irish-higher-education-institutions/> (arna rochtain an 11 Deireadh Fómhair 2023); an TÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO), 2022. Plean Forfheidhmithe an ÚAO um Dheireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais 2022-2024, atá ar fáil ag https://hea.ie/assets/uploads/2021/04/HEA_ESVH_Implementation_Plan_FINAL.pdf (arna rochtain an 11 Deireadh Fómhair 2023); an ÚAO, 2023. Prionsabail Frithchinióchais d’Institiúidí Ardoideachais na hÉireann, atá ar fáil ag <https://hea.ie/assets/uploads/2022/03/Anti-Racism-Principles-for-Irish-Higher-EducationInstitutions.pdf> (arna rochtain an 11 Deireadh Fómhair 2023); an ÚAO, 2023. Plean Forfheidhmithe an ÚAO um Chomhionannas Cine 2022-2024, atá ar fáil ag <https://hea.ie/assets/uploads/2022/03/HEA-Race-Equality-Implementation-Plan-2022-2024.pdf> (arna rochtain an 11 Deireadh Fómhair 2023).

11. Ráiteas Inbhuanaitheachta OT Baile Átha Cliath

Cliath – Aibreán 2025

Tá an inbhuanaitheacht mar bhonn agus mar thaca ag Rún Straitéiseach 2030 OT Baile Átha Cliath. Trí na trí cholún dá chuid, eadhon Daoine, Domhan, agus Comhpháirtíocht, is í an inbhuanaitheacht a chuireann dlús lenár bhfís, lenár misean agus lenár luachanna. Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do sholáthar an ardoideachais agus dá oibriochtaí ardoideachais a athrú ó bhonn trí dhearcadh na hInbhuanaitheachta, agus leas á bhaint aige as cur chuige cothromaithe lena ndéanfar ár ndomhan a chosaint do na glúnta atá le teacht. Is í ár bhfís don Inbhuanaitheacht ná teacht chun bheith inár n-eagraíocht eiseamláireach, áit a bhforbraítear cultúr láidir freagrachta de bharr tuiscint ar eitic mar chineál cleachtais. Trí ghníomhartha ár ndaoine, atá comhdhéanta de bhreis agus 3,000 ball foirne agus de bhreis agus 28,000 mac léinn, lena n-áirítear breis agus 8,000 céimí in aghaidh na bliana agus breis agus 450 comhpháirtí, tagann ár luachanna inbhuanaitheachta chun bheith soiléir, agus iad á léiriú ag ár gcuspóir, ag ár ndíograis, agus ag ár gcumas chun scála agus rochtain a thabhairt laistigh den tionscal agus den tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phráinneacha fíorshaoil atá ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 2030. Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do mhaireachtáil de réir ár luachanna tríd an inbhuanaitheacht a leabú isteach i bpleananna, straitéisí, beartais agus gnáthoibriochtaí laethúla uile na hOllscoile. Ina theannta sin, imríonn an Ollscoil príomhról in aistriú comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch atá cóir a chur chun cinn trí eolas nua a ghiniúint, trí thuiscint a mhéadú agus trí ghníomhaíocht fíorshaoil chun todhchaí aeráidneodrach a bhaint amach. Chun iarrachtaí agus acmhainní a dhíriú, shainaithníomar trí sprioc dírithe ó na seacht gcinn déag de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe 2030, áit ar féidir leis an ardoideachas i gcoitinne agus le OT Baile Átha Cliath go háirithe an difear is mó a dhéanamh. Agus a fhios againn go bhfuil gach Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) agus spriocanna eile fite fuaite ina chéile, cuirimid leis na hidirspeálachais ghaolmhara trí thrí sprioc tacaíochta.

a) Oideachas den Scoth agus Comhionannas

Sprioc Dírithe	Sprioc Tacaíochta
SDG 4 ó NA: Oideachas den Scoth	SDG 5 ó NA: Comhionannas Inscne
<i>Oideachas cuimsitheach agus cothrom den scoth a chinntiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách.</i>	<i>Comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus gach cailín a chumhachtú.</i>

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta d’oideachas a chur ar ár mic léinn agus ar ár mbaill foirne agus iad a chumasú chun teacht chun bheith ina saoránaigh atá freagrach ó thaobh cúrsaí domhanda de agus a dhéanann difear dearfach dár ndomhan. Déanfaimid é sin 1) trí thorthaí inbhuanaitheachta a leabú isteach inár gcláir acadúla, 2) trí mhéadrachtaí tionchair inbhuanaitheachta a leabú isteach inár gcuid taighde, agus 3) trí inniúlachtaí inbhuanaitheachta a fhorbairt i measc ár mball foirne, a dtacaítear leo sin uile trí bheartais na hollscoile, trína cláir agus trína modhanna oibre mar ‘OT Baile Átha Cliath Amháin’. Chun an inbhuanaitheacht a leabú, teastaíonn gníomhartha ó dhaoine ar fud gach réimse den Ollscoil, áit a gcuirtear cultúr cuimsithe chun cinn, agus deis chomhionann á tabhairt do gach saoránach den tsochaí rochtain a fháil agus rath a bhaint amach. Táimid tiomanta don chumas sin a fhorbairt trí chur

chuige institiúide uile a ghlacadh i leith trínár bpobal éagsúil foghlaimeoirí, oideoirí, taighdeoirí agus riarthóirí. Chuige sin, déanfar cur i gcrích SDG 4: Oideachas den Scoth a fhorbairt chun prionsabail Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe a leabú agus chun an Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú 2025-2028 ó OT Baile Átha Cliath a chur i gcrích. Leanann beartais agus cleachtais na hOllscoile de thacú le cuspóirí idirnáisiúnta faoi na SDGanna a chur i gcrích trí bheartais agus creataí náisiúnta amhail Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI go 2030), an Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025, Leas a Bhaint as Digitíú, Impact 2030, Straitéis Taighde agus Nuálaíochta RCAC go 2030, agus tosaíochtaí laistigh de Phlean Straitéiseach Fís Eorpach, agus aird á tabhairt freisin ar na deiseanna atá ag OT Baile Átha Cliath dlús a chur leis an tionchar inbhuanaitheachta in Éirinn agus i réigiún Bhaile Átha Cliath.

b) Gníomhú ar son na hAeráide agus Nuálaíocht Teicneolaíochta

Sprioc Dírithe	Sprioc Tacaíochta
SDG 13 ó NA: Gníomhú ar son na hAeráide	SDG 9 ó NA: Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar
<i>Gníomhaíocht phráinneach chun an t-athrú aeráide agus a thionchair a chomhrac.</i>	<i>Bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclú cuimsitheach inbhuanaithe a chur chun cinn, agus nuálaíocht agus fiontraíocht a chothú.</i>

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta don athrú aeráide a chomhrac agus do thionchair dhiúltacha chomhshaoil agus rioscaí a bhaineann leis an aeráid a laghdú trínár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus trí bhonneagar athléimneach a fhorbairt. Geallaimid go ndéanfaimid tomhas agus faireachán gníomhach ar ár lorg carbóin, agus go ndéanfaimid pleanáil le haghaidh é a laghdú, ar bhealach gníomhach ar fud ár n-oibriochtaí campais agus ár bhforbairtí beartaithe uile, ar fud ár dtimpeallachta ar líne, agus trínár gcleachtais taistil. Geallaimid go soláthróimid ceannaireacht agus acmhainní chun ár ngníomhaíochtaí faoi Scóip 1 agus faoi Scóip 2 a dhícharbónú go hiomlán faoin mbliain 2040 agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoin mbliain 2050. Déanfaimid é sin trí phunann gníomhaíochtaí, lena n-áirítear:

- úsáid na mbonneagar atá ann cheana inár bhfoirgnimh agus ar ár gcampais a bharrfheabhsú
- fuinneamh a bhainistiú go freagrach agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn ar ár gcampais

- aistriú chuig foinsí fuinnimh inbhuanaithe agus in-athnuaite.
- ár stoc foirgneamh atá ann cheana a uasghrádú chun caighdeáin foirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh nó caighdeáin foirgnimh astaíochtaí nialasacha a chomhlíonadh.
- soláthar poiblí glas a chur chun feidhme, geilleagar ciorclach a chleachtadh, agus cloí leis an dea-chleachtas le haghaidh prionsabail bainistíochta acmhainní agus dramhaíola.
- dramhaíl bhia ar champais a laghdú, úsáid páipéir a laghdú, uisce a chaomhnú, dramhaíl a laghdú, agus deireadh a chur de réir a chéile le hearraí aonúsáide agus le hearraí indiúscartha.
- aghaidh a thabhairt ar chailíteanas na bithéagsúlachta inár dtimpeallacht nádúrtha.
- tacú le modhanna taistil inbhuanaithe agus ghníomhaigh chuig ár gcampais agus amach astu, taisteal inseachanta gnó a laghdú, agus úsáid modhanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn

Ag obair dúinn i ndlúthchomhar le cinn acadúla, le taighdeoirí agus le seirbhísí gairmiúla laistigh den Ollscoil, cloífidimid leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ó Éirinn agus leis an Straitéis don Gheilleagar Ciorclach agus ailíneoimid ár ngníomhaíochtaí leo sin. Gabhann OT Baile Átha Cliath air féin réitigh nuálacha a fhorbairt trí thaighde feidhmeach, agus dul i ngleic leis an athrú aeráide trí theicneolaíochtaí glasa, trí fhiontraíocht ghlas agus trí nuálaíocht shóisialta. Déanfaidh sé é sin trínár n-éiceachóras geallsealbhóirí sochaíocha a thionól trí Shaotharlann Bheo OT Baile Átha Cliath agus trínár mbonneagar fisiciúil agus digiteach ollscoile a úsáid chun an inbhuanaitheacht a leabú isteach inár ngnáth-thimpeallacht laethúil foghlama agus oibre.

b) Dea-Shláinte, Folláine agus Pobal

Spríoc Dírithe	Spríoc Tacaíochta
SDG 3 ó NA: Dea-Shláinte agus Folláine	SDG 11 ó NA: Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe
<i>Saol sláintiúil daoine a chinntiú agus folláine do chách a chur chun cinn ag gach aois.</i>	<i>Cathracha agus lonnaíochtaí daonna a dhéanamh ina n-áiteanna cuimsitheacha, sábháilte, athléimneacha agus inbhuanaithe.</i>

Tá OT Baile Átha Cliath tiomanta do shláinte agus folláine ár bpobail Ollscoile agus na sochaí i gcoitinne a chosaint agus a fheabhsú trí dhaoine a chumasú lán a gcumais a bhaint amach. Leagtar amach i gCairt Okanagan 2015 ról agus freagracht an Ardoideachais i gcur chun cinn na Sláinte i ndáil le hidirspleáchas sláinte an duine agus fholláine an phláinéid. Mar eagraíocht a shínigh an Chairt um Champas Sláintiúil Ardoideachais ó Éirinn, gabhaimid orainn féin ‘cur chuige campais uile a ghlacadh i leith timpeallacht foghlama agus cultúr eagraíochtúil a chruthú’ chun sláinte agus folláine a chinntiú laistigh dár bpobal. Gabhann OT Baile Átha Cliath air féin obair ar fud na hOllscoile trí líonra oscailte, cuimsitheach agus rannpháirtíoch daoine chun eolas a dhéanamh d’fhorbairt agus cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um OT Baile Átha Cliath Sláintiúil, le tacaíocht ó chur chuige na Dea-Chomharsan. Ag obair dúinn i ndlúthchomhar le taighdeoirí OT Baile Átha Cliath, forbróimid beartais agus cleachtais chun feabhas a chur ar ár dtimpeallachtaí campais, agus gníomhaíocht fhisiciúil á cur chun cinn, deireadh á chur le húsáid tobac, agus pobail á nascadh, chun eitic cúraim agus comhbhá a chothú chun dea-

Agus leas á bhaint againn as cur chuige duinelárnach chun réitigh chliste a chur chun feidhme, cruthóimid faisnéis shonraibhunaithe trí thomhas, trí fhaireachán agus trí thuairisciú dinimiciúil chun tacú linn ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Trí nascacht Trí nascacht dhigiteach níos fearr, forbróimid éiceachóras eolais a bheidh comhdhéanta de rannchuidithe gníomhacha ónár bpobal mac léinn, oideoirí, taighdeoirí agus ball foirne oibríochtaí agus déanfaimid caidreamh le comhpháirtithe sochaíocha chun bonn eolais a chur faoi na bearta pleanála agus oiriúnaithe atá riachtanach ar fud ár dtimpeallachtaí campais chun freagairt do dhúshláin phráinneacha aeráide trí shaoránacht fhreagrach ghníomhach.

mheabhairshláinte a chosaint. Agus í ina láthair foghlama agus oibre do bhreis agus 35,000 duine, aithníonn an ollscoil cé chomh luachmhar agus atá sé tacú le Sláinte agus Folláine trí chabhrú lenár

gcampais teacht chun bheith ina gCathracha agus ina bPobail atá Inbhuanaithe agus Inchónaithe. Mar chuid dár ngealltanas comhshaoil go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa Scóip 3, méadóidh OT Baile Átha Cliath a rannpháirtíocht trí thionscnaimh oideachais agus thaighde an Champais Ghlais agus na Saotharlainne Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta lena dtacaítear le geallsealbhóirí pobail campais réitigh inbhuanaithe áitiúla a fhorbairt agus a sholáthar. Oibreoidimid i gcomhar le húsáideoirí campas agus leis an lucht déanta beartas chun a chinntiú go mbeidh ár gcampais inrochtana agus lánchuimsitheach do gach duine agus chun turais a dhéanamh atá inbhuanaithe, sláintiúil agus cothrom. Tríd an gClár ‘Taisteal Níos Cliste do Champais’ de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair, tabharfaidh OT Baile Átha Cliath spreagadh agus tacaíocht dár ndaoine chun turais taistil inbhuanaithe agus gníomhaigh a thógáil chuig campais, amach as campais agus idir campais.

12. Rialachas

12.1 Comhlacht Ceannais

Cúlra Reachtach

Tá Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, mar bhonn agus thaca ag bunú ollscoileanna teicneolaíochta agus síníodh ina dhlí é an 19 Márta 2018. Le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, 2022, a tosaíodh an 10 Samhain 2022, leasaíodh roinnt forálacha d’Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018. Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (an Ollscoil) le hOrdú ón Aire faoi alt 36 d’Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta (Uimhir 3 de 2018), agus le hIonstraim Reachtúil (Uimhir 437 de 2018) ar lá ceaptha an 1 Eanáir 2019. Faoi Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, arna leasú, ceanglaítear ar an Ollscoil Comhlacht Ceannais a bheith aici chun feidhmeanna na hOllscoile faoin Acht a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is é an Comhlacht Ceannais an t-údarás atá bunaithe le dlí chun an Ollscoil a rialú. Leagtar ról agus dualgais an Chomhlachta Ceannais amach faoi alt 11 d’Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta. Ní mór don Chomhlacht Ceannais oibriú de réir Sceideal 1 d’Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta. Le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, leasaíodh alt 12 d’Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta chun a fhoráil go mbeadh 19 gcomhalta ar an gComhlacht Ceannais, ina mbeadh an Cathaoirleach, an tUachtarán, naonúr comhaltaí seachtracha, cúigear comhaltaí inmheánacha agus triúr ionadaithe d’Aontas na Mac Léinn. Comhlíonann comhaltaí an Chomhlachta Ceannais ról thábhachtacha i ndáil le treo, straitéis agus rialachas corparáideach na hOllscoile. Glacann na comhaltaí freagracht chomhchoiteann as inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hOllscoile, ag obair dóibh i gcomhar le Cathaoirleach an Chomhlachta Ceannais, leis an Uachtarán agus le Foireann Feidhmiúcháin na hOllscoile chun a chinntiú go ndéantar an Ollscoil a bhainistiú agus a fhorbairt i gcomhréir le paraiméadair dhlíthiúla agus bheartais agus le caighdeáin dea-chleachtais a bhfuil glacadh leo.

Comhaltas an Chomhlachta Ceannais

Ní rachaidh téarma oifige aon chomhalta den Chomhlacht Ceannais (seachas an tUachtarán) thar cheithre bliana agus ní fhéadfaidh comhalta den sórt sin fónamh ar feadh níos mó ná dhá théarma oifige as a chéile. Bhí roinnt athruithe ar Chomhaltas an Chomhlachta Ceannais sa bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025, mar a léirítear thíos.

Coistí an Chomhlachta Ceannais

Chun cabhrú leis an gComhlacht Ceannais a fheidhmeanna a chomhlíonadh sa bhliain 2025, tháinig na Buanchoistí seo a leanas le chéile: an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca; an Coiste Airgeadais agus Maoine; an Coiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe; agus an Roghchoiste. Is comhalta de bhrí oifige den Choiste Airgeadais agus Maoine agus den Choiste Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe é an tUachtarán.

Comhlíonadh an Chóid Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá ríthábhacht ag baint le córas rialachais láidir chun go mbeidh an Ollscoil in ann feidhmiú go héifeachtach agus chun go mbeidh an Comhlacht Ceannais in ann a fhreagrachtaí a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le trédhearcacht agus le cuntasacht. Ghlac an Comhlacht Ceannais an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 (“an Cód”). Tá freagracht ar an gComhlacht Ceannais as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a cheadú agus as tuairim a thabhairt i dtaobh an measann sé gur léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais na hOllscoile iad na ráitis airgeadais agus i dtaobh staid airgeadais na hOllscoile ag deireadh na bliana. Tá freagracht ar an gComhlacht Ceannais as a chinntiú go ndéantar nochtadh tráthúil cruinn don Aire ar gach ní ábhartha a bhaineann leis an Ollscoil, lena n-áirítear comhthéacs gnó, feidhmíocht airgeadais, staid airgeadais agus rialachas na hOllscoile. Tá tábhacht ar leith ag baint leis na míreanna comhlíonta seo a leanas ón gCód:

- i. Shínigh Cathaoirleach an Chomhlachta Ceannais agus Uachtarán na hOllscoile Comhaontú Formhaoirseachta leis an ÚAO ina leagtar amach an creat leathan rialachais agus cuntasachta agus na príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn leis an gcaidreamh idir an ÚAO agus an Ollscoil; tá an reachtaíocht iomchuí, ciorcláin ón Rialtas (i gcás gurb infheidhme), agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, mar atá leagtha amach i reachtanna, i gcairteacha, in airteagail agus in ionstraimí rialachais, go háirithe iad siúd lena mbunaítear an ÚAO agus an Ollscoil, mar bhonn agus thaca aige sin.
- ii. Cheadaigh an Comhlacht Ceannais cláir agus buiséid bhliantúla na hOllscoile, lena n-áiríodh anailís ar fheidhmíocht i gcomparáid leis an mbuiséad.
- iii. Tagann an Comhlacht Ceannais le chéile ar bhonn sách tráthrialta chun a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach agus tá sceideal nithe aige atá forchoimeádtá go sonrach dó lena gcinneadh. Tháinig an Comhlacht Ceannais le chéile 10 n-uaire sa bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.
- iv. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile seacht n-uaire sa bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.
- v. Foilsíonn an Ollscoil an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais uathí laistigh de mhí amháin tar éis don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais a chríochnú.
- vi. I gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, déanann an Comhlacht Ceannais measúnú ar phríomhrioscaí na hOllscoile, lena n-áirítear tuairisc ar na rioscaí sin, i gcás gurb iomchuí, agus bearta maolaithe gaolmhara.
- vii. Leanann an Ollscoil de chloí leis na gnéithe iomchuí uile den Chód Caiteachais Phoiblí.

Tábla 7: Comhaltas an Chomhlachta Ceannais (an 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025)

Ainm	Ról	Dáta Ceapacháin	Dáta Críochnaithe
Aguele, Princewill	Mac Léinn	1 Iúil 2025	30 Meitheamh 2026
Clune Mulvaney, Catherine	Comhalta Seachtrach	1 Deireadh Fómhair 2025	30 Meán Fómhair 2029
Cooke, Mary	Comhalta seachtrach	13 Meán Fómhair 2023	12 Meán Fómhair 2027
Cowman, Jennifer	Ball Foirne	1 Iúil 2025	30 Meitheamh 2029
English, Ray	Ball Foirne	1 Iúil 2025	30 Meitheamh 2029
Gately, Michael	Comhalta Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023	12 Meán Fómhair 2027
Johnston, William	Comhalta Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023	12 Meán Fómhair 2027
Lillis, Deirdre	Uachtarán	17 Eanáir 2025	16 Eanáir 2035
Maher, Eamon	Ball Foirne	1 Iúil 2025	30 Meitheamh 2029
Maher, Siobhan	Ainmní ón Aire	11 Nollaig 2025	10 Nollaig 2029
Moran, Derek	Ainmní ón Aire	26 Samhain 2025	25 Samhain 2029
O'Shea, Eoin	Comhalta Seachtrach (Leas-Chathaoirleach)	13 Meán Fómhair 2023	12 Meán Fómhair 2027
Russell, Eamonn	Comhalta Seachtrach	1 Deireadh Fómhair 2025	30 Meán Fómhair 2029
Sebastine, Naomi	Mac Léinn	1 Iúil 2025	30 Meitheamh 2026
Sharkey, Liam	Ball Foirne	1 Iúil 2025	30 Meitheamh 2029
Shoemaker, Leslie	Ball Foirne	1 Iúil 2025	30 Meitheamh 2029
Burns, Norah	Ainmní ón Aire	23 Meitheamh 2021	30 Meitheamh 2025
Carr, Michael	Ball Foirne	15 Eanáir 2019	12 Bealtaine 2025
Doran, John	Uachtarán Eatramhach	28 Márta 2024	16 Eanáir 2025
Kelly, Pamela	Ball Foirne	1 Iúil 2019	28 Márta 2025
Larkin, Charles	Comhalta Seachtrach (Cathaoirleach)	1 Iúil 2019	30 Meitheamh 2025
O'Donovan, Conor	Ainmní ón Aire	23 Meitheamh 2021	30 Aibreán 2025
Ó Mhurchú, Bob	Ball Foirne	29 Samhain 2023	30 Meitheamh 2025
O'Toole, Aileen	Comhalta Seachtrach	1 Iúil 2019	23 Meitheamh 2025
O'Toole, Shauna	Ionadaí d'Aontas na Mac Léinn	1 Iúil 2024	30 Meitheamh 2025
Sherry, Sally Anne	Comhalta Seachtrach	13 Meán Fómhair 2023	8 Lúnasa 2025
Howlin, Gerard	Comhalta seachtrach – (Cathaoirleach)	26 Samhain 2025	15 Bealtaine 2026

12.2 An Chomhairle Acadúil

Is é feidhm na Comhairle Acadúla ná gnóthaí acadúla na hollscoile teicneolaíochta a rialú, lena n-áirítear curaclam na hOllscoile, agus an teagasc agus an t-oideachas a sholáthraíonn an Ollscoil, agus aird á tabhairt ar na hacmhainní atá ar fáil. Is baill foirne acadúla iad formhór chomhaltaí na Comhairle Acadúla, a chuimsíonn freisin roinnt baill foirne seirbhísí gairmiúla agus roinnt comhaltaí is mic léinn. Tá an comhaltas don bhliain 2025 tugtha thíos.

Tábla 8: Comhaltas na Comhairle Acadúla (an 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig)

AINM	RÓL	AINM	RÓL
Deirdre Lillis	Uachtarán na hOllscoile (Cathaoirleach)	Adrienne Fleming	Acadóir
	Comhalta de bhrí oifige (Cláraitheoir)	Claire Wynne	Acadóir
Mary Meaney*	Acadóir	Catriona Barrett	Acadóir
Caroline O’ Sullivan*	Acadóir	Amit Jaiswal	Acadóir
Kevin Bryne	Acadóir	Bob O’Mhurchú	Seirbhísí Bainistíochta agus Tacaíochta Gairmiúla
Chris Hills	Acadóir	Rachel O’Connor	Seirbhísí Bainistíochta agus Tacaíochta Gairmiúla
Clare Eriksson	Acadóir	Allison Kavanagh	Seirbhísí Bainistíochta agus Tacaíochta Gairmiúla
Gemma Kinsella	Acadóir	John Doran	Comhalta de bhrí oifige
Mary Lennon	Acadóir	Orla McDonagh	Comhalta de bhrí oifige
Anna Cruickshank	Acadóir	Join Langan	Comhalta de bhrí oifige
Will Peters	Acadóir	Pramod Pathak	Comhalta de bhrí oifige
Chris Ó’Rálaigh	Acadóir	Thomas Stone	Comhalta de bhrí oifige
Con Kennedy	Acadóir	Brendan Jennings	Comhalta de bhrí oifige
Ann Curran	Acadóir	Brian Bowe	Comhalta de bhrí oifige
Pilar Molina	Acadóir	Jennifer Farrell	Comhalta de bhrí oifige
Nikolaos Valantasis	Acadóir	Mairead Murphy	Comhalta de bhrí oifige
Kanellos		Shauna O’Toole*	Ionadaí Mac Léinn
Amanda Dixon	Acadóir	Avice Meya*	Ionadaí Mac Léinn
Ruth Casey	Acadóir	Princewell Aguele	Ionadaí Mac Léinn
Helen O’Brien Gately	Acadóir	Peter McCann*	Ionadaí Mac Léinn
Joe Condon	Acadóir	Sheran Bahadir*	Ionadaí Mac Léinn
Michael Collins	Acadóir	Jessica Gallagher	Ionadaí Mac Léinn
Gary Clynch	Acadóir	Liam Cosgrove*	Ionadaí Mac Léinn
Tania Malik	Acadóir	James Curry*	Ionadaí Mac Léinn
Aidan Kenny	Acadóir	Brian Jordsan	Ionadaí Mac Léinn
Tim McNulty	Acadóir	Ian Kelly*	Ionadaí Mac Léinn
Tony Grennan	Acadóir		
Zeinab Bedri	Acadóir		
Mark McGrath	Acadóir		

* Ní raibh an comhaltas ar feadh fhad na bliana iomláine

12.3 Ráitis Airgeadais

Tuairiscíodh easnamh oibriúcháin €8.2 milliún i Ráitis Airgeadais OT Baile Átha Cliath don bhliain 2023/24. Gan míreanna neamhairgid a áireamh, amhail dímhéas agus amúchadh deontas caipitil iarchurtha, agus gan ioncam úis a áireamh, ba é €3.3 milliún an t-easnamh oibriúcháin. Tá obair ar siúl chun na Ráitis Airgeadais don bhliain 2024/25 a thabhairt chun críche, áit a bhfuiltear ag súil le heasnamh oibriúcháin freisin. Le linn na bliana 2024/25, thug an Ollscoil Plean Téarnaimh Airgeadais chun críche chun airgeadas na hinstiúide a chur ar bhonn inbhuanaithe an athuair. Ghlac an tÚdarás um Ard-Oideachas leis an bPlean agus tá sé á chur chun feidhme anois.

Tá na ráitis airgeadais iomlána ar fáil ar shuíomh Gréasáin OT Baile Átha Cliath

12.4 An Dualgas Earnála Poiblí – Achtna dTeangacha Oifigiúla

Is é an aidhm atá le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (agus le hAcht leasaithe 2021) méid agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí don phobal trí Ghaeilge a mhéadú agus a fheabhsú thar thréimhse ama.

Sa bhliain 2025, cheadaigh OT Baile Átha Cliath na Téarmaí Tagartha do Thascghrúpa um Acht na dTeangacha Oifigiúla, rud a chuir ar a chumas comhlíonadh Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021, ag an ollscoil a fheabhsú agus feabhsuithe leanúnacha a bhrú chun cinn sa bhliain 2026 agus ina diaidh. Chuir an Ollscoil an tuarascáil bhliantúil fógraíochta uathí don bhliain 2025 isteach tríd an tairseach arna forbairt ag Oifig an Choimisinéara Teanga.

Dhún OT Baile Átha Cliath gearán amháin ar tharraing Oifig an Choimisinéara Teanga (OCT) aird na hOllscoile air maidir le neamhchomhlíonadh oibleagáidí Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhaineann le comharthaíocht.

Tá OT Baile Átha Cliath ag tacú go gníomhach le scileanna Gaeilge i measc na foirne agus na mac léinn a fheabhsú trí chúrsaí Gaeilge saor in aisce ar leibhéal éagsúla agus scoláireachtaí le haghaidh freastal ar chúrsaí Gaeltachta le linn an tsamhraidh a thairiscint. Tá Oifigeach Gaeilge na hOllscoile ag éascú na gcúrsaí sin. Sa bhliain 2025, ghlac thart ar 160 duine páirt i ranganna Gaeilge, idir bhaill foirne agus mhic léinn.

12.5 An Dualgas Earnála Poiblí – Comhionannas agus Cearta an Duine

Mar eagraíocht earnála poiblí, tá dualgas earnála poiblí ar OT Baile Átha Cliath na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- an t-idirdhealú a dhíothú
- comhionannas deiseanna agus córa dá bhaill foirne agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn, agus
- cearta an duine atá ag a chomhaltaí, a bhaill foirne agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

Tá obair OT Baile Átha Cliath maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú ríthábhachtach chun an dualgas earnála poiblí sa réimse sin a bhaint amach. Is iad Pleananna Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, atá dírithe ar Chomhionannas Inscne, ar Chothromas Cine agus ar Dheireadh a Chur le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach, na príomhbhealaí ar a dtéann OT Baile Átha Cliath i mbun gnímh chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú agus chun cearta an duine atá ag baill foirne agus ag mic léinn a chosaint.

Is mar a leanas atá achoimre ar ár gcuid oibre sa bhliain:

- Foilsíodh an chéad Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú ó OT Baile Átha Cliath
- Cuireadh cur chun feidhme 95% de na gníomhartha i bPlean Gníomhaíochta Inscne na hOllscoile i gcrích
- Bunaíodh foireann chun an t-iaratas ar athnuachan Dhámhachtain Institiúideach Chré-umha Athena SWAN a fhorbairt
- Chuir Scoil na hEolaíochta Bia agus na Sláinte Comhshaoil tús le hiarratas ar Athena SWAN
- Eisíodh an Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025 ó OT Baile Átha Cliath, rud ina léirítear laghdú ar an mbearna ó 12.8% sa bhliain 2024 go 10.9% sa bhliain 2025
- Dámhadh stádas mar ‘Ollscoil Tearmainn’ do OT Baile Átha Cliath
- Cuireadh sraith ceardlann ar fáil ar Chothromas Cine agus ar ‘Aontacht san Éagsúlacht’
- Cuireadh oiliúint comhionannais idirchultúrtha ar siúl, rud lenar leabaíodh oideachas idirchultúrtha isteach sa chroíchuraclam acadúil
- Tugadh rochtain do mhic léinn ar cheardlanna ar thoiliú, ar Idirghabháil an tSlua, agus ar Dhlí Coco, a cuireadh ar siúl ar líne
- Tugadh an feachtas sábháilteachta ‘Ask for Angela’ isteach an athuair
- Leanadh den ardán ‘Speakout’ a chur chun cinn ar fud na hOllscoile
- Leis an Straitéis nua um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú uainn, leanfaimid le cur leis an obair sin an bhliain seo chugainn agus ina diaidh.

Leis an Straitéis nua um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú uainn, leanfaimid le cur leis an obair sin an bhliain seo chugainn agus ina diaidh.

12.6 An Dualgas Earnála Poiblí – Gníomhú ar son na hAeráide

Ceanglaítear ar chomhlachtaí earnála poiblí leis an bPlean Gníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide faisnéis bhliantúil a thuairisciú ar na príomhréimsí atá leagtha amach i dTábla 9 thíos. Tá tuilleadh faisnéise mionsonraithe ar fáil sa [Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide ó OT Baile Átha Cliath](#).

Tábla 9: Tuairisciú OT Baile Átha Cliath de réir an tSainordaithe Náisiúnta

Réimse Tuairiscithe	An Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide
Astaíochtaí gás ceaptha teasa	Leathanach 18, Rannán 1.2.2b – Ár Spriocanna
Cur Chun Feidhme an tSainordaithe	Leathanaigh 14-26, Rannán 1.2.2b – Forbhreathnú ar an gCur i gCrích
Dul chun cinn i dtreo chur chun feidhme cheanglais Dhearbhu an tSainordaithe Earnála Poiblí maidir le héachtaí feidhmíochta sa bhliain	Leathanaigh 20-27, Rannán 1.2.2.c – Ár Modh Oibre Leathanaigh 82-93, Rannán 2.3 – Ár Modh Oibre
Gníomhaíochtaí Inbhuanaitheachta	Leathanaigh 20-22, Rannán 1.2.2.c – Ár Modh Oibre, Tuarascáil ar Gníomhaíochtaí Inbhuanaithe
Comhlíonadh Chiorclán 1/2020: Nósanna imeachta maidir leis na hastaíochtaí a bhaineann le hAerthaisteal a chúiteamh	Leathanach 93, Rannán 2.4.10 – Ár Modh Oibre, Astaíochtaí a Bhaineann le hAerthaisteal
Rátaí críochnaithe le haghaidh Oiliúint Ceannaireachta Aeráide	Leathanach 81, Rannán 2.2.1.2 – Baill Foirne a Chur i mBun Gnímh agus a Oiliúint
Tuarascáil ar an mbonnlíne Úsáide Páipéir, ar an sprioc laghdúcháin, ar ghníomhartha chun spriocanna a laghdú agus ar an dul chun cinn	Leathanach 86, Rannán 2.3.7 – Páipéar
Pleananna agus Píblíne Tionscadal go 2030	Leathanaigh 54-63, Rannán 2.1.1.h – Gníomhartha atá Beartaithe chun Spriocanna Carbóin a Bhaineann le Fuinneamh a Bhaint Amach; Rannán 2.1.1i – Píblíne Mhionsonraithe Tionscadal chun Spriocanna Carbóin a Bhaineann le Fuinneamh agus spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a Bhaint Amach go 2030, Leathanaigh 70-72, Rannán 2.1.2.g – Gníomhartha atá Beartaithe chun Spriocanna Éifeachtúlachta Fuinnimh a Bhaint Amach

